

Ceardlanna na Chéad Bhliana
Leabhrán eolais agus ábhar teagaisc
2021-22



**Ollscoil
Mhá Nuad**
Ollscoil na hÉireann
Má Nuad

**Roinn na Nua-Ghaeilge
agus
Lárionad na Gaeilge:
Taighde, Teagasc agus Tástáil**

CLÁR

Cuid 1: Eolas Praiticiúil	4
Cuid 2: Clár oibre	7
Cuid 3: Spriocanna foghlama na chéad bhliana	9
Cuid 4: Ábhar teagaisc	13
<i>Ceadlann 1: Gaeilge na hArdteiste.....</i>	<i>13</i>
<i>Ceadlann 2: Foghlaim Teanga.....</i>	<i>16</i>
<i>Ceadlann 3: Comhairle do mhic léinn na chéad bhliana.....</i>	<i>22</i>
<i>Ceadlann 4: An Ghaeilge ar an gCampas.....</i>	<i>29</i>
<i>Ceadlann 5: An Scéalaíocht Dhúchais.....</i>	<i>34</i>
<i>Ceadlann 6: An Scéalaíocht Dhúchais (ar lean.).....</i>	<i>41</i>
<i>Ceadlann 7: Scannáin agus an Teilifís.....</i>	<i>45</i>
<i>Ceadlann 8-9: An Anailís Liteartha agus Cúrsaí Filíochta.....</i>	<i>48</i>
<i>Ceadlann 10: Cúrsaí Spóirt.....</i>	<i>57</i>
<i>Ceadlann 11: Spórt agus Aclaíocht (ar lean.).....</i>	<i>62</i>
<i>Ceadlann 12: An tÚrscéal ‘Gluaiseacht’, le hAlan Titley.....</i>	<i>68</i>
<i>Ceadlann 13: Cumainn agus clubanna.....</i>	<i>702</i>
<i>Ceadlann 14: Saol Sóisialta na hOllscoile.....</i>	<i>76</i>
<i>Ceadlann 15: Fóin Phóca.....</i>	<i>80</i>
<i>Ceadlann 16: Aipeanna agus Líonraí Sóisialta.....</i>	<i>87</i>
<i>Ceadlann 17-18: Poist Pháirtaimseartha.....</i>	<i>94</i>
<i>Ceadlann 19: Cúrsaí lóistín.....</i>	<i>101</i>
<i>Ceadlann 20: Dul siar.....</i>	<i>.....</i>
Cuid 5: Treoracha na dTascanna	106
<i>Tasc 1: Aiste.....</i>	<i>106</i>
<i>Tasc 2: Ríomhphost.....</i>	<i>107</i>
<i>Tasc 3: Cúrsaí litríochta.....</i>	<i>108</i>
<i>Tasc 4: Litir fhoirmiúil.....</i>	<i>108</i>
<i>Tasc 5: Dialann léitheoireachta (Tasc grúpa).....</i>	<i>109</i>
<i>Tasc 6: Cur i láthair grúpa ar an úrscéal ‘Gluaiseacht’.....</i>	<i>109</i>
Cuid 6: Scéim Marcála agus Leathanach Clúdaigh na dTascanna.....	110
Cuid 7: Tascanna – Dréacht ceartaithe	113
AGUISÍN 1: Anailís Liteartha – Treoir do mhic léinn.....	115
AGUISÍN 2: An Córas Ceartúcháin	

Cuid 1: Eolas Praiticiúil

Céard atá i gceist leis na ceardlanna?

- Is rang idirghníomhach dhá uair an chloig í an cheardlann ina ndírítear ar na ceithre scil teanga – labhairt, éisteacht, léamh agus scríobh.
- Chomh maith leis an rang seo, freastalaíonn mic léinn na chéad bhliana ar 3 léacht sa tseachtain (2 léacht teanga agus léacht amháin litríochta.)

Comhairleoirí na chéad bhliana:

- Is í **An Dr Tracey Ní Mhaonaigh** comhairleoir na chéad bhliana ó Roinn na Nua-Ghaeilge. Ba cheart do mhic léinn labhairt léi siúd má bhíonn aon deacrachtaí acu leis an gcúrsa i rith na bliana.

Amchlár agus sceideal na bliana:

- Tá dátaí na gceardlann don dá sheimeastar ar fáil i gCuid 2 den leabhrán seo.
- Ní bheidh cead ag mic léinn am na ceardlainne atá tugtha dóibh a athrú gan cead pearsanta a fháil ó Tracey Ní Mhaonaigh. Má bhíonn deacracht ag mac léinn le ham na ceardlainne ní mór dó labhairt le Tracey a luaithe agus is féidir.

Tinreamh agus rannpháirtíocht:

- Ní mór do mhic léinn freastal ar gach ceardlann. Má chaithfidh mac léinn rang a chailleadh, ní mór dó scéala a chur chuig an teagascóir roimh ré, nó a luaithe agus is féidir i ndiaidh na ceardlainne.
- Beidh teastas dochtúra nó fianaise eile chuí ag teastáil laistigh de choicís tar éis dó filleadh ar an ollscoil. Ní mór dó cóip den teastas seo a thabhairt don teagascóir féin. Coinneoidh an teagascóir an chóip seo mar thaifead.
- Ní hionann ceardlann agus léacht. Caithfidh tú páirt ghníomhach a ghlacadh i ngach ceardlann. Beidh obair ullmhúcháin le déanamh roimh gach ceardlann agus beidh quizeanna ar siúl sna ranganna lena chinntiú go ndéantar an t-ullmhúchán sin. Bronnfar 25% de mharcanna na gceardlann ar na quizeanna agus ar an rannpháirtíocht sa rang.

An siollabas agus an t-ábhar teagaisc:

- Tá an t-ábhar teagaisc do cheardlanna na bliana seo le fáil i gCuid 4 den leabhrán seo. Ní mór do mhic léinn an leabhrán a thabhairt leo chuig gach rang.
- Tá cóip leictreonach den leabhrán seo, chomh maith leis na míreanna físe agus fuaimne ar fad ar fáil ar leathanach Moodle NG151.

Tascanna:

- Tá treoracha faoi ábhar na dtascanna ar fáil i gCuid 5 den leabhrán seo.
- Tá na tascanna riachtanach. Caillfear marcanna as tasc ar bith a fhágáil ar lár.
- Déanfaidh an teagascóir féin socrú leis an rang maidir leis an gcaoi a mbaileofar an obair (cóipeanna crua nó ar Moodle).
- Caithfidh gach píosa oibre a bheith **clóscríofa** ar cháipéis *Word* le **spásáil dhúbailte** agus **uimhreacha ar na leathanaigh**. Ní mór an **leathanach clúdaigh cuí** (atá ar fáil ar Moodle nó i gCuid 6 den leabhrán seo) a cheangal le gach tasc **le stápla, más cuí**. Níor cheart don teagascóir glacadh le tasc mura bhfuil na nithe seo déanta.

- Caithfidh gach mac léinn fillteán de na tascanna comhlánaithe a choimeád ar Moodle o thús go deireadh na bliana acadúla.

Spríodhataí agus obair dhéanach:

- Tá spríodhataí na dtascanna ar fáil sa Chlár Oibre i gCuid 2 den leabhrán seo.
- Ní ghlacfar le hobair dhéanach ach amháin i gcásanna áirithe nuair a bhíonn cúis mhaith leis, nó má bhíonn sé aontaithe go soiléir leis an teagascóir roimh ré.
- Déanfaidh an teagascóir cinneadh maidir le hobair dhéanach a ghlacadh. Déanfar an cinneadh seo tar éis na cúinsí ar fad a bhaineann leis an obair a bheith déanach a mheas, agus/nó tar éis labhairt le comhairleoirí na chéad bhliana.
- I gcás tinnis nó mura bhfuil sé ar chumas an mhic léinn aon chuid den mheasúnú leanúnach a chomhlíonadh, ní mór é sin a chur in iúl don teagascóir a luaithe agus is féidir agus teastas dochtúra nó fianaise eile chuí a thabhairt don teagascóir laistigh de choicís tar éis don mhac léinn filleadh ar an Ollscoil.

An córas ceartúcháin agus dréacht ceartaithe den tasc:

- Úsáidfeadh córas faoi leith chun na tascanna a cheartú. Tá an córas ceartúcháin seo le fáil ag cúl an leabhráin seo.
- Nuair a gheobhaidh tú do chuid tascanna ar ais ón teagascóir, beidh ort dréacht ceartaithe a dhéanamh ar an tasc le hiarracht a dhéanamh dul i ngleic le roinnt deacrachtaí a tháinig chun solais sa tasc. Caithfidh tú dréacht ceartaithe a dhéanamh de gach tasc seachas Tasc 6 – ní bhíonn an tasc déanta go dtí go mbíonn an dara dréacht déanta. Tá treoracha cuimsitheacha maidir leis seo, mar aon le ceann samplach, ar fáil i gCuid 7 den leabhrán seo.

Measúnú agus Dáileadh na Marcanna

- Áirítear obair na gceardlann mar chuid de na modúil Ghaeilge NG151 (Seimeastar 1) agus NG152 (Seimeastar 2).
- N.B. Seasann marcanna na gceardlann san fhómhar. Is é sin le rá, má bhíonn ort athscrúduithe a dhéanamh i mí Lúnasa, nach mbeidh an deis ann marc na gceardlann a athrú.
- Is mar seo a leanas a dháilfeadh marcanna na modúl seo:

NG151: Teanga agus Litríocht na Gaeilge 1 – Cuid (i) An Ghaeilge Scríofa agus Labhartha 1 (Léachtaí, ceardlanna teanga agus an scrúdú scríofa i mí Eanáir)

- 70% ar na páipéir scrúdaithe (*Roinnt ceisteanna bunaithe ar obair na gceardlann*)
- 30% ar obair na gceardlann teanga
 - Tasc 1: (i) Quiz le déanamh ar Moodle agus (ii) Aiste le déanamh sa chéad cheardlann (dréacht 1 agus dréacht ceartaithe): 25%
 - Tasc 2: Ríomhphost (dréacht 1 agus dréacht ceartaithe): 25%
 - Tasc 3: Cúrsaí litríochta (2 rogha): 25%
 - Rannpháirtíocht ghníomhach sa rang agus Quizeanna ar Moodle: 25%

NG152: Teanga agus Litríocht na Gaeilge 2 – Cuid (i) An Ghaeilge Scríofa agus Labhartha 2 (Léachtaí, ceardlanna teanga, scrúdú scríofa agus cainte an tsamhraidh)

- 50% ar an bpáipéar scrúdaithe (*Ceist 1 in oiriúint d'ábhar na gceardlann*)
- 25% ar an scrúdú cainte (*le ceisteanna faoi obair na gceardlann*)
- 25% ar obair na gceardlann teanga
 - Tasc 4: Litir fhoirmiúil (dréacht 1 agus dréacht ceartaithe): 25%
 - Tasc 5: Dialann léitheoireachta & Club Leabhar (dréacht 1 agus dréacht ceartaithe): 25%

- Tasc 6: Cur i láthair grúpa ar an úrscéal 'Gluaiseacht': 25%
- Rannpháirtíocht ghníomhach sa rang agus Quizeanna ar Moodle: 25%

Cuid 2: Clár oibre
Seimeastar 1 (Deireadh Fómhair – Nollaig 2021)

Rang	Dáta	Topaic	Ceacht	Tascanna agus spriocdhátaí	Pointí teanga <i>(le roghnú de réir riachtanais na mac léinn)</i>
1	11-15 DF	Foghlaim na Gaeilge san Ollscoil	Aindí na hArdteiste	Tasc 1 (Aiste) le déanamh sa cheardlann an tseachtain seo	Nathanna cainte mínádúrtha Béarlachas
2	18-22 DF *22 DF - dáta deireanach le hábhar a athrú		Foghlaim teangacha	Tasc 1 le tabhairt ar ais. Tasc 1: dréacht 2 le plé	Tearmaíocht na gramadaí An córas ceartúcháin agus an dréacht ceartaithe a mhíniú
25-29 DF		Seachtain léitheoireachta			
3	1-5 Samhain		Comhairle do mhic léinn Bhliain 1	Tasc 1: dréacht 2 le cur isteach Tasc 2 (Ríomhphost) le plé sa rang	Litreoir Gaeilge agus foclóirí ar líne a úsáid
4	8-12 Samhain	An Ghaeilge ar an gCampas	Mír físe faoin nGaeilge ar an gcampas	Tasc 1: dréacht 2 le tabhairt ar ais Tasc 2 le cur isteach	Ag labhairt faoin am atá le teacht (an aimsir fháistineach, an modh coinníollach, an t-ainm briathartha)
5	15-19 Samhain	An scéalaíocht dhúchais	Cú Chulainn agus Fionn mac Cumhaill	Tasc 2 le tabhairt ar ais Tasc 2: dréacht 2 le plé sa rang	Aimsirí na mbriathra
6	22-26 Samhain *26ú- lá oscailte			Tasc 2: dréacht 2 cur isteach Tasc 3 le plé (2 rogha i gceist. Is féidir leis an teagascóir an tasc agus spriocdháta cuí a roghnú bunaithe ar riachtanais an ghrúpa)	Céimeanna comparáide na haidiachta.
7	29 - 3 Nollaig	Scannán & teilifís	Mír éisteachta faoi Game of Thrones	Tasc 3 Dréacht 1 le leagan isteach	An aimsir fháistineach vs. an modh coinníollach; dul siar ar an gclaoninsint
8	6-10 Nollaig	Cúrsaí litríochta	An anailís liteartha agus cúrsaí filíochta	Tasc 3 Dréacht 1 le tabhairt ar ais	An chopail
9	13-17 Nollaig			Tasc 3 Dréacht 2 le cur isteach	An chlaoninsint
				<i>*Teagascóir: Liosta tinrimh agus grád le bheith réidh ar Teams.</i>	Dul siar

Seimeastar 2 (Eanáir – Bealtaine 2022) - CLÁR SEALADACH					
Rang	Dáta	Téama	Ceacht	Tascanna agus spriocdhátaí	Pointí gramadaí (<i>le roghnú de réir riachtanais na mac léinn</i>)
10	31 Eanáir–4 Feabhra	Cúrsaí spóirt agus aclaíochta	Na Gaeil Óga	Tasc 4 (Litir fhoirmiúil) le plé sa rang	An chopail agus briathra i bhfreagraí ceisteanna; Taitin + le
11	7-11 Feabhra		Sliocht ar Conor McGregor	Tasc 4 le cur isteach	An t-ainm briathartha
12	14-18 Feabhra	Cúrsaí litríochta	<i>Gluaiseacht</i> , le hAlan Titley	Tasc 4 le tabhairt ar ais Tasc 4: Dréacht 2 agus Tasc 5 (Dialann léitheoireachta) le plé sa rang	
13	21-25 Feabhra	Saol na hOllscoile	Clubanna agus cumainn	Tasc 4: Dréacht 2 le cur isteach	Inscne an ainmfhocail Dul siar ar an gcopail
14	28 Feabhra–4 Márta		Saol sóisialta na hOllscoile	Tasc 4: Dréacht 2 le tabhairt ar ais	Taitin + le (dul siar) An tuiseal ainmneach: An + ainmfhocal
15	7-11 Márta	Cúrsaí teicneolaíochta	Fóin phóca	Tasc 5 (Dialann léitheoireachta & Club leabhar) le cur isteach Tasc 6 (Cur i láthair) le plé	Cleachtaí foclóra; An t-ainmfhocal iolra; An t-ainm briathartha
	14–18 Márta	Seachtain léitheoireachta			
16	21–25 Márta	Cúrsaí teicneolaíochta	Aipeanna agus líonraí sóisialta	Tasc 5 le tabhairt ar ais	Dul siar ar an tuiseal ainmneach. An tuiseal ginideach uatha.
17	28 Márta–1 Aibreán	Cúrsaí oibre agus airgid	Poist pháirtaimseartha	Tasc 5: Dréacht 2 le cur isteach	Dul siar ar an tuiseal ginideach Uimhreacha
18	4-8 Aibreán			Tasc 5: Dréacht 2 le tabhairt ar ais	
19	11-14 Aibreán	Cúrsaí Lóistín		Tasc 6: Cur i láthair grúpa ar 'Gluaiseacht' le déanamh sa rang	Dul siar ar na focail 'know', 'before', 'home' agus 'in'.
	18-22 Aibreán	Saoire na Cásca			
20	25-29 Aibreán	Ceacht 20 le críochnú, más gá. Dul siar agus cleachtadh don scrúdú cainte		Aiseolas ar thasc 6	Dul siar
21	2-6 Bealtaine	<i>Scrúduithe cainte (Ceardlanna breise roghnacha ar siúl an tseachtain seo)</i>		<i>*Teagascóir: Liostaí tinrimh agus grád le bheith réidh ar Teams</i>	

Cuid 3: Spriocanna foghlama na chéad bhliana

Seicliosta don teagascóir agus don mhac léinn

Topaicí:

- Mé féin, mo theaghlach agus m'áit dhúchais
- M'áit chónaithe/ cúrsaí lóistín agus an taisteal laethúil
- Na rudaí a bhfuil spéis agam iontu (m.sh. ceol, spórt, srl.) agus mo shaol sóisialta
- Na hábhair a bhfuil mé ag déanamh staidéir orthu, na rudaí is maith liom/nach maith liom fúthu, an t-ualach oibre
- Saol na hollscoile agus an gnáthlá san ollscoil, an difríocht idir saol na meánscoile agus na hollscoile, saol an champais, clubanna agus cumainn
- Cláracha teilifíse agus scannáin
- Fóin phóca, an t-idirlíon agus cúrsaí teicneolaíochta
- Poist pháirtaimseartha, coinníollacha oibre
- Bia agus sláinte
- An Ghaeltacht
- Laethanta saoire agus taisteal

Scileanna foghlama (*Learning skills*)

Ginearálta (<i>General</i>)	
a. Tá tuiscint agam, le cabhair agus aiseolas ón teagascóir, ar na buanna agus na laigí is mó atá agam féin i mo chuid Gaeilge.	
b. Is féidir liom féin spriocanna a leagan amach le feabhas a chur ar mo chuid Gaeilge, agus tuigim céard ba cheart dom a dhéanamh chun na spriocanna sin a bhaint amach.	
c. Is féidir liom a bheith ag obair go neamhspleách agus bainistíocht a dhéanamh ar mo chuid ama ionas go bhfaighidh mé an t-am feabhas a chur ar mo chuid Gaeilge.	
d. Is féidir liom deiseanna a aimsiú agus a thapú chun mo chuid scileanna sa Ghaeilge a chleachtadh.	
e. Tá mé muiníneach go leor le mo chuid Gaeilge a úsáid aon uair is féidir liom, nó fiú má bhím neirbhíseach, ní ligeann mé dó sin bac a chur orm.	
Gramadach (<i>Grammar</i>)	
f. Tá tuiscint agam ar bhuntéarmaíocht na gramadaí sa Ghaeilge agus sa Bhéarla.	
g. Tuigim na ceartúcháin a dhéanann an teagascóir ar mo chuid tascanna agus tuigim conas a oibríonn an córas ceartúcháin.	
h. Tuigim conas an dréacht ceartaithe a dhéanamh de mo chuid tascanna.	
i. Is féidir liom an córas ceartúcháin agus an leabhar gramadaí a úsáid chun rialacha gramadaí agus cleachtaí breise a chuardach.	
j. Is féidir liom eolas faoin ngramadach a aimsiú sna foclóirí.	
Stór focal (<i>Vocabulary</i>)	
k. Tuigim an difríocht atá idir na foclóirí éagsúla (www.focloir.ie , www.teanglann.ie , agus www.tearma.ie) agus is féidir liom úsáid éifeachtach a bhaint astu chun an focal ceart a aimsiú.	
l. Tá seifteanna agam le cuimhne a choinneáil ar fhocail nua agus ar rialacha gramadaí	
Foghraíocht (<i>Pronunciation</i>)	
m. Is féidir liom na suíomhanna www.teanglann.ie agus www.abair.ie a úsáid le cabhrú liom focail a fhuaimniú i gceart.	

Scileanna teanga

1. Labhairt agus Cumarsáid ó bhéal (*Speaking and spoken communication*)

a.	Is féidir liom labhairt go <u>measartha líofa</u> agus <u>pointí a fhorbairt</u> agus mé ag caint faoi na <u>topaicí</u> thuas nó faoi thopaicí faoi leith a bhfuil spéis phearsanta agam iontu.	
b.	Is féidir liom na rudaí seo a leanas a dhéanamh agus mé ag caint faoi na topaicí thuasluaite: <ul style="list-style-type: none"> • cur síos a dhéanamh ar scéal nó ar eachtra a tharla • tuairimí a thabhairt agus a mhíniú, nó a chosaint • labhairt faoi na buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann le roghanna éagsúla • labhairt faoi na difríochtaí nó cosúlachtaí atá idir dhá rud • comhairle agus moltaí a lorg agus a thabhairt • leithscéal a ghabháil • cuireadh a thabhairt nó socrú a dhéanamh le duine éigin eile 	
c.	Is féidir liom <u>páirt ghníomhach a ghlacadh</u> in obair bheirte agus ghrúpa sa cheardlann.	
d.	Is féidir liom <u>labhairt leis na teagascóirí nó léachtóirí</u> i nGaeilge, ceisteanna a chur orthu faoi dheacrachtaí atá agam, nó comhairle a lorg uathu.	
e.	Is féidir liom <u>gnáthchomhrá neamhfhoirmiúil</u> a bheith agam i nGaeilge, go háirithe faoi na topaicí thuas, le mic léinn eile taobh amuigh de na ranganna, ag am sosa sa cheardlann, i seomra na Gaeilge, nó ag imeachtaí Chuallacht na Gaeilge.	

2. Scríbhneoireacht (*Writing*):

a.	Is féidir liom teachtaireachtaí neamhfhoirmiúla a scríobh i nGaeilge, m.sh. teachtaireachtaí téacs, <i>Whatsapp</i> , <i>Snapchat</i> , <i>Facebook</i> , postálacha ar <i>Twitter</i> , srl.	
b.	Is féidir liom ríomhphost nó litir fhoirmiúil a scríobh chuig teagascóir nó léachtóir, m.sh. le ceist a chur orthu faoin gcúrsa, coinne a dhéanamh, comhairle a fháil, leithscéal a ghabháil as a bheith as láthair. Is féidir liom ríomhphost nó litir iarratais ar phost a scríobh. Tuigim an difríocht atá idir litir nó ríomhphost foirmiúil agus neamhfhoirmiúil.	
c.	Is féidir liom téacsanna gearra a scríobh faoi na topaicí thuas (m.sh. léirmheas ar scannán, anailís liteartha ar scéal nó ar dhán atá ar an gcúrsa. srl.)	

3. Léitheoireacht (*Reading*):

a.	Is féidir liom na téacsanna seo a leanas a léamh agus a thuiscint, agus na príomhphointí eolais nó mionsonraí faoi leith a aimsiú gan mórán deacrachta: <ul style="list-style-type: none"> ○ treoracha na dtascanna agus na téacsanna a bhaineann leis na ceardlanna ○ ailt a bhaineann leis na topaicí thuas ó shuíomhanna idirlín ar nós www.tuairisc.ie, www.nos.ie, a fhad is nach bhfuil siad róchasta. ○ eolas nó fógraí ar shuíomh idirlín nó ar na meáin shóisialta faoi imeachtaí, faoi chúrsaí, nó faoi dheiseanna oibre ○ ríomhphoist ó theagascóirí agus léachtóirí 	
b.	Is féidir liom foclóirí agus leideanna ón gcomhthéacs a úsáid le cabhrú liom focail nua i dtéacsanna léitheoireachta a thuiscint.	
c.	Is féidir liom na téacsanna a bhaineann leis an modúl litríochta a léamh agus a thuiscint, le cabhair foclóra, an scéal a leanúint, agus anailís a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla díobh, m.sh. na carachtair, na téamaí, agus an stíl scríbhneoireachta.	

4. Éisteacht (Listening):

a. Is féidir liom na teagascóirí agus léachtóirí a thuiscint den chuid is mó sna ranganna.	
b. Is féidir liom na príomhphointí i míreanna éisteachta na gceardlann a thuiscint gan mórán dua.	
c. Is féidir liom cainteoirí sna trí mhórchanúint a thuiscint, a fhad is nach bhfuil an chaint róthapa nó róchanúnach.	
d. Is féidir liom cláracha teilifíse agus gearrscannáin ar TG4 nó ar <i>Youtube</i> a leanúint agus na príomhphointí a thuiscint gan na fotheidil.	

5. Gramadach (Grammar):

Scileanna foghlama a bhaineann leis an ngramadach:

a. Tá buntéarmaíocht na gramadaí agam i nGaeilge agus i mBéarla.	
b. Tuigim na ceartúcháin a dhéanann an teagascóir ar mo chuid tascanna agus tuigim conas a oibríonn an córas ceartúcháin. Tá mé in ann an t-eolas sin a úsáid chun leagan ceartaithe de mo chuid tascanna a dhéanamh.	
c. Is féidir liom eolas faoin ngramadach a aimsiú sna foclóirí.	
d. Is féidir liom an córas ceartúcháin agus an leabhar gramadaí a úsáid chun rialacha gramadaí agus cleachtaí breise a chuardach.	

Do gach mac léinn: Tá tuiscint agam ar na rialacha a bhaineann leis na pointí gramadaí seo a leanas. Is féidir liom cleachtaí gramadaí a dhéanamh orthu agus ní bhíonn mórán botún agam leo sna tascanna scríofa ná sa chaint:

e. Córas litrithe na Gaeilge	
f. An aimsir chaite, an aimsir láithreach, an aimsir fháistineach agus an modh coinníollach (foirmeacha neamhspleácha, ceisteacha, diúltacha agus indéreacha agus fuaimniú na bhfoirmeacha sin)	
g. Úsáid agus struchtúir na copaile	
h. An t-ainm briathartha (go háirithe an struchtúr infinideach)	
i. Struchtúir a bhfuil réamhfhocail nó forainmneacha réamhfhocla faoi leith ag teastáil iontu (m.sh. 'éirigh + le', 'taitin + le', 'cuir + chuig', 'buail + le', srl.)	
j. Iolra an ainmfhocail agus an difríocht idir 'an' agus 'na' sa tuiséal ainmneach	

Do mhic léinn a bhfuil smacht acu ar na pointí thuas: Tá tuiscint measartha maith agam ar na príomhrialacha a bhaineann leis na pointí seo thíos. Is féidir liom cleachtaí gramadaí a dhéanamh orthu agus na samplaí coitianta a úsáid i gceart sa scríobh agus sa chaint:

k. Inscne an ainmfhocail agus athruithe tosaigh ar an ainmfhocal tar éis an ailt (go háirithe samplaí a bhaineann le stór focal thopaicí na gceardlann)	
l. An tuiséal ginideach (béim ar na samplaí is minice a úsáidtear i gcomhthéacs thopaicí na gceardlann)	
m. An aidiacht ag réiteach le hainmfhocal uatha agus iolra (go háirithe samplaí a bhaineann le stór focal thopaicí na gceardlann)	
n. Céimeanna comparáide na haidiachta	
o. Athruithe tosaigh tar éis réamhfhocail simplí agus tar éis na haidiachta sealbhaí	

p. An t-ainm briathartha + forainm (m.sh. ag déanamh + é)	
q. Uimhreacha	

6. Stór focal:

a. Tá an stór focal a bhaineann le gach ceann de na topaicí thuas agam agus tuigim conas iad a úsáid.	
b. Tá tuiscint agam ar na deacrachtaí coitianta foclóra atá clúdaithe sa leabhrán seo.	
c. Tuigim an difríocht atá idir na foclóirí éagsúla (www.focloir.ie , www.teanglann.ie , agus www.tearma.ie) agus is féidir liom úsáid éifeachtach a bhaint astu chun an focal ceart a aimsiú.	
d. Tá seifteanna agam le cuimhne a choinneáil ar fhocail nua agus ar rialacha gramadaí.	

7. Foghraíocht:

a. Tuigim an ceangal atá idir córas litrithe agus córas fuaimnithe na Gaeilge, go háirithe maidir leis na pointí seo a leanas: gutaí fada agus gearra, consain chaola agus leathana, consain shéimhithe, agus is féidir liom na fuaimeanna sin a dhéanamh i gceart i mo chuid cainte.	
b. Is féidir liom téacs gearr a léamh amach os ard agus an fhoghraíocht a bheith measartha cruinn ann.	
c. Is féidir liom focail nach bhfuil feicthe agam cheana a fhuaimniú go measartha cruinn ó bheith ag féachaint ar an litriú.	
d. Is féidir liom na suíomhanna www.teanglann.ie agus www.abair.ie a úsáid le cabhrú liom focail a fhuaimniú i gceart, mura bhfuil mé cinnte.	
e. Is féidir liom na briathra sna haimsirí éagsúla a fhuaimniú i gceart.	

8. Feasacht chultúrtha:

a. Tá cur amach agam ar na suíomhanna idirlín seo a leanas a bhaineann le saol na Gaeilge: www.tuairisc.ie , www.nos.ie , www.tg4.ie , http://www.rte.ie/rnag/ , www.peig.ie	
b. Tá cur amach agam ar roinnt cláracha raidió agus teilifíse i nGaeilge.	
c. Tá cur amach agam ar shaol na Gaeilge ar an gcampas – Cuallacht na Gaeilge, an scéim chónaithe, seomra na Gaeilge agus imeachtaí a bhaineann leis an nGaeilge.	
d. Tá roinnt ama caite agam i gceantar Gaeltachta agus tá roinnt tuisceana agam ar shaol agus ar mhuintir na Gaeltachta.	
e. Tá tuiscint ghinearálta agam ar stair agus ar staid reatha na Gaeilge.	

Cuid 4: Ábhar teagaisc

Ceardlann 1: Gaeilge na hArdteiste

Inniu:

- *Eolas praiticiúil faoi na ceardlanna (Cuid 1-3 den leabhrán seo) le plé.*
- *Liosta ranga agus seoltaí ríomhphoist na mac léinn le bailiú.*
- *Geandáil Ghasta*
- *Tasc 1: Céim 3 - Aiste. Le déanamh sa cheardlann seo.*
- *Mír éisteachta: Aindí na hArdteiste ag trácht ar an reifreann pósta (ar fáil ag <https://www.youtube.com/watch?v=rHPn5OaM5jE>)*
- *Obair bhaile agus marcanna rannpháirtíochta le plé*

A: Geandáil Ghasta!

Seo liosta ceisteanna a bheadh go maith le haithne a chur ar dhuine nua. An féidir leat smaoineamh ar aon chinn eile le cur leis an liosta?

Bígí ag obair i mbeirteanna agus cuirigí na ceisteanna seo ar a chéile. Athraígí áiteanna tar éis gach trí nóiméad ionas go mbeidh deis agaibh aithne a chur ar roinnt daoine sa rang. Ná cuirigí na ceisteanna céanna orthu ar fad!

N.B. B'fhéidir gur fhoghlaim tú freagraí ar chuid de na ceisteanna seo de ghlanmheabhair do scrúdú béil na hArdteiste. Déan iarracht gan na freagraí réamhullmhaithe sin a thabhairt ach comhrá nádúrtha a dhéanamh!

- 1) Cad is ainm duit?
- 2) Cad as duit?
- 3) Cén t-ábhar eile atá ar siúl agat? An dtaitníonn sé leat?
- 4) Cén sórt áite a bhfuil tú ag cur fút faoi láthair?
- 5) Céard a dhéanann tú nuair a bhíonn am saor agat?
- 6) An bhfuil tú i do bhall d'aon chlub nó cumann san ollscoil?
- 7) An ndeachaigh tú amach mórán ó thosaigh tú san ollscoil?
- 8) Cén cineál ceoil a thaitníonn leat?
- 9) Cén cur síos a dhéanfaí ort féin?
- 10) An bhfuil aon drochnósanna agat?
- 11) Cad iad na rudaí is mó a chuireann isteach ort?
- 12) Cén scannán/ leabhar/ clár teilifíse/ banna ceoil is fearr leat? Cén fáth?
- 13) An bhfuil mórán suime agat sa taisteal? Cén áit is mó ar mhaith leat dul?
- 14) Dá bhféadfá scil eile a bheith agat, céard a roghnófaí?
- 15) Smaoinigh ar thrí rud ba mhaith leat a dhéanamh sula bhfaighidh tú bás.
- 16) Dá mbaofaí milliún euro, céard a dhéanfaí?
- 17) Dá mbeadh an teach trí thine, céard iad na trí rud a thabharfaí leat agus tú ag éalú?

18) Dá mbeadh duine éigin ag déanamh scannáin fútsa, cén t-aisteoir a bheadh sa phríomhról?

B: Tasc 1: Céim 3 – Aiste

Iarrfaidh do theagascóir ort píosa idir 250-300 focal a scríobh faoi thopaic ar leith. Beidh 30 nóimeád agat an tasc seo a dhéanamh.

C: Plé:

- Cad a cheap tú de chúrsa Gaeilge na hArdteiste?
- Cé na gnéithe ba mhó agus ba lú a thaitin leat? Cén fáth?
- Conas a d'ullmhaigh tú do na gnéithe seo den scrúdú: an aiste, an scrúdú béil agus na sraitheanna pictiúr?
- Dá bhféadfá athrú ar bith a dhéanamh ar chúrsa Gaeilge na hArdteiste, céard a d'athrófá?
- Cén chaoi ar chuir an phaindéim isteach ar do thaití foghlama?

D: Éisteacht:

Féach ar an bhfíseán agus pléigh na ceisteanna leis an duine in aice leat :

- Cad a cheapann tú d'aiste Aindí ? Déan liosta de na laigí a bhaineann leis.

- Léigh an sliocht gearr thíos a tógadh ón suíomh gréasáin <http://esl.fis.edu>.

To use idioms correctly and appropriately takes many years of experience with the language. An inappropriately-used or incorrectly-used idiom will simply draw attention to the fact that the speaker is not a native speaker. As an example of what I mean, consider the idiom *It's raining cats and dogs* (it's raining very heavily), which many learners encounter early on in their exposure to English. What they don't learn, however, is that the expression seems to have disappeared from everyday language. In fact, I don't recall ever hearing anyone except a non-native speaker use the expression.

- Ar úsáid Aindí aon fhrásaí nó nathanna cainte a bhí mínádúrtha? Cad iad?
- An mbíodh nathanna mar seo á n-úsáid agat féin in aistí na hArdteiste nó ar fhoghlaim tú féin aistí nó codanna d'aistí de ghlanmheabhair? Pléigh roinnt samplaí leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa. An gceapann tú go n-úsáidfeadh cainteoirí dúchais na frásaí sin sa ghnáthchaint?

E: Stór focal agus saibhreas teanga: Frásaí 'Ardteiste'

1. Féach ar na frásaí seo thíos atá coitianta in aistí Ardteiste agus déan iarracht an rud céanna a rá ar bhealach níos nádúrtha:

- Lá breá brothallach a bhí ann.
- Bhí an ghrian ag scoilteadh na gcloch.
- Is dóigh liom féin go pearsanta agus is é mo thuairim féin ...
- Is maol gualainn gan deartháir.

- Rith sé ar nós na gaoithe.
 - Bhí sceitimíní áthais agus gliondar croí orm.
 - Bhí fearg an domhain orm.
 - Bhí eagla an domhain orm.
 - Tá a fhios ag madraí an bhaile.
2. 'Is dócha go bhfuil sé fós sa chófra.'
- Cad a cheapann tú den abairt seo? Cén cineál Gaeilge í sin? An bhféadfá é sin a rá ar bhealach níos nádúrtha? Céard faoi na frásaí eile seo thíos?
- Tá sé suas duit féin.
 - Thug mé suas na toitíní.
 - D'fhéach mé suas ar an idirlíon é.
 - Faighim suas gach maidin ar a 7 a chlog.
 - Tá sí ag fáil sean anois.
 - Tá mé ag fáil tuirseach.
 - Rinne mé go maith sa scrúdú.
 - Cén t-am a fuair tú isteach aréir ?

Téipscript: 'Aindí na hArdteiste ag trácht ar an Reifreann Pósta'

Scríobh aiste bunaithe ar an teideal seo – An pósadh aerach – ceart daonna nó céim rófhada? Lá breá brothallach atá ann agus níl aon scamall sa spéir agus níl aon cheist faoi ach go gcuireann córas na bpointí an iomarca brú ar dhaltaí na hArdteiste. Ní dóigh liom go bhfuil an córas seo oiriúnach do riachtanais foghlama na linne seo agus tá géarghá le córas nua a thabhairt isteach a laghdódh an brú ar dhaltaí.

Dream eile atá faoi bhrú na laethanta seo ná na daoine ar fad atá ag déanamh cinneadh faoin reifreann pósta. (*Yeah nice one, Aindí.*) An pósadh aerach – ceart daonna nó céim rófhada? Tá mé chun scagadh a dhéanamh ar an gceist seo anois. Is dóigh liom féin go pearsanta, agus is é mo thuairim féin gur cheart go mbeadh cead ag beirt fear nó beirt fir... is é mo thuairim féin gur cheart go mbeadh cead ag Seán agus Liam nó Máire agus Síle pósadh. Ag deireadh an lae, níor chaill fear an mhisnigh riamh é agus is maol gualainn gan deartháir (*Yeah, that's a good one!*).

Tá gach duine mar a chéile, is dócha. Tá mo chara féin aerach, nó sin a cheapann gach duine. Is dócha go bhfuil sé fós sa chófra, agus ba cheart go mbeadh cead aige teacht amach as an cófra, agus fear eile a tháinig amach as an cófra a phósadh.

Ar an taobh eile den scéal, bíonn dhá thaobh le gach scéal, agus d'fhéadfadh impleachtaí tromchúiseacha a bheith leis an reifreann seo. Impleacht tromchúiseach a haon: nach mbeadh máthair nó athair ag buachaill nó cailín – rud atá riachtanach sa lá atá inniu ann. Impleacht tromchúiseach a dó.... (*Eh, I'll come back to that one again.*)

I sochaí na linne, cosúil le polasaí an rialtais seo, a bhfuil scrios á dhéanamh aige ar theaghlach ó cheann ceann na tíre agus fiacha móra le hiompar ag na glúnta atá le teacht. Níl aon dabht ach go bhfuil sé in am d'athrú rialtais. Maidir leis an rún, aontaím leis. Aindí.

F: Obair Bhaile:

Ullmhúchán do Cheardlann 2: Éist leis an mír fuaime 'Foghlaim teanga' atá ar fáil ar Moodle agus déan Quiz 1: Stór Focal, Quiz 2: Cluastuiscint agus Quiz 3: Téarmaíocht na Gramadaí atá ar Moodle freisin.

Ceardlann 2: Foghlaim Teanga

Inniu:

- Cleachtadh A a dhéanamh sa rang.
- Dul siar ar chleachtaí B agus D thíos agus éisteacht leis an mír fuaime ('Foghlaim Teanga') arís, más gá.
- Pointe gramadaí an lae: Téarmaíocht na gramadaí
- An córas ceartúcháin, an scéim marcála agus an dréacht ceartaithe den tasc le plé
- Obair bhaile le plé (Féach ar an gclár oibre ag tús an leabhráin agus ar an obair ullmhúcháin a luaitear ag deireadh an cheachta seo.)

A: Stór Focal:

(nasctha le Moodle: Quiz 1)

Cén Ghaeilge atá ar na frásaí seo?

1. reflection/ contemplation
2. I suppose the biggest problem that I had was ...
3. a tendency
4. to blame the teacher
5. I didn't succeed
6. progress
7. the strengths and weaknesses
8. to focus attention on
9. to seize every opportunity you get
10. to tackle
11. imitation
12. an approach
13. the end of the academic year

B: Éisteacht: Éist leis an agallamh agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas: **(Moodle: Quiz 2)**

1. Conas a d'éirigh le Siuán agus í ag foghlaim na Gearmáinise? Cén fáth?

2. Cén chomhairle atá ag Siuán maidir le:

a) buanna agus laigí an fhoghlaimeora: _____

b) foghlaim na foghraíochta: _____

c) cuimhne a choinneáil ar fhocail agus ar fhrásaí nua: _____

d) foghlaim na gramadaí: _____

C: Plé: (Obair bheirte nó ghrúpa)

Cé na buanna agus na laigí is mó atá agat féin mar fhoghlaimeoir Gaeilge? (Féach ar an liosta stór focal atá ag deireadh an cheachta seo le cabhrú leat agus tú i mbun cainte.)

Téipscript

Antain: *A Shiuán, cad é na hábhair a ndearna tú féin staidéar orthu san ollscoil?*

Siuán: Bhuel, sa chéad bhliain rinne mé staidéar ar an Ghaeilge, ar an Ghearmáinis agus ar an stair, agus ansin don chéim rinne mé céim onóracha sa Ghaeilge agus sa stair.

Antain: *Agus an raibh mórán machnaimh déanta agat faoin chur chuige a bhí agat maidir le staidéar agus foghlaim?*

Siuán: Caithfidh mé a rá i ndáiríre nach raibh **machnamh** dá laghad déanta agam agus bhí go leor fadhbanna agam leis an Ghearmáinis i rith an chúrsa. **Is dócha gurbh í an fhadhb is mó a bhí agam ná** go raibh **an claonadh** agam an locht a chur ar achan rud ach orm féin, **an locht a chur ar an mhúinteoir**, ar an téacsleabhar agus ar an chúrsa go ginearálta. Ach anois, is dócha, b'fhéidir go bhfuil ciall cheannaithe agam agus go dtuigim go raibh go leor rudaí a d'fhéadfainn a dhéanamh le cuidiú liom féin.

Antain: *Cén cineál ruda?*

Siuán: Is dócha, an rud ba cheart do achan fhoghlaiméoir a dhéanamh i ndáiríre, ná smaoiniamh orthu féin mar fhoghlaiméoirí, smaoiniamh ar, b'fhéidir, na laigí agus na buanna atá acu féin. Anois, mar a dúirt mé, rinne mise cúrsa sa Ghearmáinis agus dianchúrsa a bhí ann agus, má d'éirigh leat sa chéad bhliain, bhí ar do chumas ansin dul ar aghaidh agus cúrsa céime a dhéanamh. Ach ag breathnú siar anois, tuigim féin go raibh go leor leor deacrachtaí agamsa leis an ghramadach agus dá bharr sin **níor éirigh liom dul chun cinn** mar is ceart a dhéanamh.

Antain: *Cén cineál deacrachtaí?*

Siuán: Bhuel, bíonn daoine ann agus síleann siad go bhfuil gramadach na Gaeilge deacair, ach tá mé ag insint duit, tá gramadach na Gearmáinise dhá uair chomh deacair. Smaoinigh ar an tuiseal tabharthach féin; tá dhá fhoirm de ann agus bíonn sé ag brath ar cé acu suíomh nó gluaiseacht atá i gceist. Ansin na briathra neamhrialta tá an oiread sin acu ann agus shíl mé nach bhfaighinn máistreacht orthu choíche agus leoga níor éirigh liom sin a dhéanamh. *So*, lean mise orm ar feadh bliana gan na fadhbanna sin a aithint agus cé, ag deireadh na bliana, gur éirigh liom pas lom a fháil, ní leor a bhí ann le dul ar aghaidh agus céim a dhéanamh sa Ghearmáinis.

Antain: *So, cén chomhairle a chuirfeá ar mhic léinn atá ag dul do chúrsaí san am i láthair?*

Siuán: I ndáiríre, b'fhéidir, gur rud iontach simplí atá ann ach go díreach, mar a dúirt mé níos luaithe smaoinigh ar **na buanna agus na laigí** atá agat. Níor cheart, b'fhéidir, barraíocht ama a chaitheamh ar na codanna sin den teanga nach bhfuil deacracht ar bith agat leo, gur cheart duit b'fhéidir **aird a dhíriú ar** na laigí agus **gach deis a fhaigheann tú a thapú le dul i ngleic** leis na fadhbanna sin... Bhí mac léinn amháin agam féin agus bhí an-deacrachtaí aige le foghraíocht na Gaeilge agus fuair sé marcanna ísle sna scrúduithe cainte go minic. Mar sin, tháinig sé chugam agus bhí sé ag lorg mo chomhairle agus chuir muid le chéile plean beag. Agus is é an rud a bhí ann ná thug mé dó cúpla clár raidió ar dhlúthdhiosca agus chomh maith leis sin thug mé dó na scrípteanna a bhí ag dul leis na cláracha sin. Agus is é an cur chuige a bhí aige ná d'éisteadh sé leis na míreanna agus dhéanadh sé **aithris** orthu go dtí go bhfuair sé máistreacht ar na fuaimeanna éagsúla. Anois, déarfá leat féin gur sin **cur chuige** simplí go leor, ach diaidh ar ndiaidh, d'éirigh leis máistreacht a fháil ar an chuid is mó de na fuaimeanna, agus d'oibrigh sé.

Antain: *Cad é a déarfá le daoine a mbíonn deacracht acu, b'fhéidir, le cuimhne a choinneáil ar rudaí úra a fhoghlaimíonn siad?*

Siuán: Bhuel, caithfidh tú a bheith cúramach faoi chomhairle mar sin a chur ar dhaoine nó tá gach foghlaimoír difriúil. Mar sin, an rud a déarfainn go ginearálta ná triail a bhaint as go leor cleasanna agus modhanna oibre agus féachaint cad é na rudaí a oibríonn duitse. Ó thaobh a bheith ag foghlaim focal agus frásaí de, sílim go bhfuil sé riachtanach leabhar beag nótaí a choinneáil agus rudaí úra a fhoghlaimíonn tú a bhreacadh síos. Ach tá sé iontach tábhachtach fosta athbhreithniú a dhéanamh ar rudaí mar sin go rialta agus iad a úsáid chomh minic agus is féidir leat sa chaint agus sa scríobh, mar mura mbaineann tú úsáid astu go rialta, tá gach seans ann go ndéanfaidh tú dearmad díobh.

Antain: *Tá a fhios agat féin, a Shiuán, is minic gurb í gramadach na Gaeilge is mó a chothaíonn deacrachtaí do mhic léinn. Cén cur chuige a mholfá maidir le gramadach?*

Siuán: Bhuel arís, mar a dúirt mé níos luaithe, tá gach foghlaimoír difriúil ach, b'fhéidir, gur cheart do mhic léinn breathnú ar an obair leanúnach a fhaigheann siad ar ais ó na teagascóirí agus anailís a dhéanamh ar na botúin. B'fhéidir go bhfuil fadhbanna acu le réamhfhocail, le hinscne focal, fiú leis an tuiséal ginideach. Ach níor cheart go gcuirfeadh sin lagmhisneach orthu, ach mar shampla, mura dtuigeann tú na ceartúcháin a rinne an teagascóir, téigh ar ais agus cuir ceist uirthi nó air agus tá mé cinnte go mbeidh siad breá sásta cuidiú a thabhairt duit.

Ansin b'fhéidir, gur cheart duit cleachtaí breise a dhéanamh ar na codanna sin den ghramadach a bhfuil deacrachtaí agat leo, duine éigin a fháil le iad a cheartú duit nó iad a phlé leat agus sílim, i ndáiríre, go bhfuil cur chuige mar sin i bhfad níos éifeachtaí ná bheith ag iarraidh athbhreithniú agus súil siar a dhéanamh **ag deireadh na bliana acadúla** ar gach gné den ghramadach atá clúdaithe agat i gcaitheamh na bliana.

Gluais bhreise:

An tuiséal tabharthach = the dative case (m.sh. ar an nGaeilge)

Inscne = gender

Foghraíocht = phonetics/pronunciation

Achan = gach aon

Barraíocht = an iomarca

Choíche = go deo

D: Pointe Gramadaí an Lae: Téarmaíocht na Gramadaí**(nasctha le Moodle: Quiz 3)**

Luann Siuán roinnt téarmaí gramadaí ina cuid cainte. Tá sé an-tábhachtach na téarmaí sin a bheith ar eolas agat chun staidéar a dhéanamh ar an ngramadach san ollscoil. Seo liosta de na cinn is tábhachtaí. An féidir leat iad a mhíniú agus samplaí a aimsiú ón téacs? Féach ar aonad 1 de *Gramadach Gan Stró* le tuilleadh eolais a fháil ar théarmaíocht na gramadaí.

	Samplaí ón téacs
Ainmfhocal san uimhir uatha	
Ainmfhocal san uimhir iolra	
Ainmfhocal sa tuiseal ginideach	
An t-alt uatha agus iolra	
Aidiacht	
Réamhfhocal	
Briathar rialta san aimsir láithreach	
Briathar neamhrialta san aimsir chaite	
Briathar sa mhodh coinníollach	
Briathar san fhoirm dhiúltach	
Briathar san fhoirm cheisteach	
An chopail	
An t-ainm briathartha	
Aidiacht shealbhach	
Focal a bhfuil séimhiú air	
Focal a bhfuil urú air	
Focal a thosaíonn ar chonsan	
Focal a thosaíonn ar ghuta	

E: An córas ceartúcháin agus an dréacht ceartaithe den tasc:

Úsáidfeadh córas faoi leith chun do chuid tascanna a cheartú i mbliana. Míneoidh an teagascóir an córas seo duit agus beidh deis agat úsáid a bhaint as sa rang chun dul i dtaithí ar an gcóras. Ansin beidh ort **dréacht ceartaithe** den tasc a dhéanamh agus na botúin a bhí agat a cheartú agus a mhíniú. Tá breis eolais faoin gcóras ceartúcháin ag cúl an leabhráin seo agus tá **cur síos ar an dréacht ceartaithe agus ceann samplach ar fáil i gcuid 7** den leabhrán. Bí cinnte go leanfaidh tú na treoracha mar is ceart! Mura dtuigeann tú céard atá le déanamh, cuir ceist ar an teagascóir! Bain úsáid as na cleachtaí seo chun dul i dtaithí ar an gcóras ceartúcháin. Míneigh gach botún agus scríobh an leagan ceart.

- Sin í mo thuairm phearsanta.

F¹

- Fiú go bhfuil sí óg, tá sí an chiallmhar.

B¹

- Chuaigh mé chuig ceolchoirm amárach.

C¹

- Is dócha go bhfuil sé sin an rud is fearr.

B¹

RF³

- Cheapaim go bhfuil sé ar an bord.

AB²

A⁴

- Ba mhaith liom faigh níos mó eolas.

AS²

RF³

- Tá Seán ina cónaí i Baile Átha Cliath.

AB²

- Caithfidh mé déan m'obair bháile.

RF¹

- D'éirigh mé go maith sa scrúdú.

B⁴

- Ní fuair mé aon tae.

F¹ B¹ (MC)

B¹ (MC)

- Má raibh go leor airgid agam, rachaidh mé ar saoire.

F: Obair Bhaile:

- **Tasc 1 – Dréacht Ceartaithe le déanamh**
- **Ullmhúchán do cheardlann 3:** Éist leis an mír fuaime ‘Comhairle do Mhic Léinn’ atá ar fáil ar Moodle agus déan Quiz 1: Stór Focal, Quiz 2: Cluastuiscint agus Quiz 3: Gramadach.

Stór focal: Foghlaim teangacha

An Ghaeilge san Ollscoil

Teagascóir
Léachtóir
Léacht
Ceardlann
Mac léinn
Tasc/tascanna (a chur isteach)
Spriocdháta
Dréacht
Ceartúcháin

Téarmaí gramadaí

Ainmfhocal san uimhir uatha/iolra
Ainmfhocal
baininscneach/firinscneach
An t-alt uatha agus iolra
Aidiacht
Réamhfhocal
Briathra rialta/neamhrialta
An aimsir chaite
An aimsir láithreach
An aimsir fháistineach
An modh coinníollach
Focal a bhfuil séimhiú/urú air
An chopail
An t-ainm briathartha
Guta
Consan
Síneadh fada
Fleiscín

Lucht labhartha na Gaeilge

Teanga dhúchais
Cainteoir dúchais
An dara teanga
Gnáthchaint
Gaeilge nádúrtha
Gaeilge an ghnáthshaoil
Canúint Uladh/ na Mumhan/ Chonnacht

Buanna agus laigí an fhoghlaim

Rudaí a fhoghlaim de ghlanmheabhair	Ceisteanna a chur ar an teagascóir
Nathanna cainte mínádúrtha a úsáid	Leabhar beag nótaí a choinneáil
Botúin litrithe	Cruthaitheacht
Easpa muiníne	Cruinneas
Bradaíl liteartha	Meon dearfach i leith na teanga
Béarlachas	Saibhreas teanga a bheith agat
Easpa cúraim	Nuálaíocht
Botúin bheaga litrithe	Gan eagla a bheith ort botún a dhéanamh

Ag labhairt faoi do chuid Gaeilge féin

Taitníonn an Ghaeilge go mór liom agus d'éirigh go maith liom san Ardteist.
Ba é an t-ábhar ab fhearr liom sa mheánscoil.
Tá difríocht mhór idir Gaeilge na hArdteiste agus Gaeilge na hollscoile
Bíonn deacrachtaí agam leis an ngramadach.
Bíonn deacracht agam mé féin a chur in iúl.
Ní bhíonn go leor muiníne agam ceisteanna a chur sa rang.
Tá sé de nós agam go leor nathanna cainte a úsáid i mo chuid aistí.
Ba mhaith liom feabhas a chur ar mo chuid foghraíochta.
Ba mhaith liom a bheith níos líofa i mo chuid cainte.
Thóg sé uair an chloig orm an tasc a dhéanamh.
Cabhraíonn na ceartúcháin liom mar bíim in ann díriú isteach ar mo chuid botún.
Bhain mé úsáid as foclóir ar líne.
Chuardaigh mé an focal ar líne/ Bhí orm an focal a chuardach.
Tá feabhas tagtha ar mo chuid Gaeilge labhartha/scríofa.
Is fearr liom labhairt le daoine aghaidh ar aghaidh agus mé ag foghlaim teangacha.
Bhí sé dúshlánach mo chuid Gaeilge a chleactadh agus cianfhoghlaim ar siúl agam.

Ceardlann 3: Comhairle do Mhic Léinn na Chéad Bhliana

Inniu:

- *Quiz ar an mír fuaimne ‘Comhairle do Mhic Léinn’*
- *Dul siar ar chleachtaí A/Quiz 1: Stór Focal agus B/Quiz 2: Cluastuiscint thíos, agus éisteacht leis an mír fuaimne arís, más gá.*
- *Plé faoi áiseanna Gaeilge ar líne*
- *Obair bhaile le plé (Féach ar an gclár oibre ag tús an leabhráin agus ar an obair ullmhúcháin a luaitear ag deireadh an cheachta seo.)*

A: Stór focal:

(Moodle: Quiz 1)

Beidh tú ag éisteacht le teagascóir i Roinn na Nua-Ghaeilge in Ollscoil Mhá Nuad ag labhairt faoi na deacrachtaí is mó a bhíonn ag mic léinn na chéad bhliana lena gcuid tascanna agus ag tabhairt comhairle dóibh leis na fadhbanna sin a sheachaint.

Sula n-éistfidh tú leis an mír, déan iarracht Béarla a chur ar na focail seo thíos a bheidh le cloisteáil inti:

1. teagascóir
2. léachtóir
3. Is minic a fhiafraíonn X de Y
4. cén fáth nár éirigh go maith leo
5. cén áit a ndeachaigh siad amú
6. cur chuige
7. cuí
8. loighciúil
9. cruthaitheacht
10. nuálaíocht
11. stór focal
12. claonadh
13. seifteanna
14. a fhoghlaim de ghlanmheabhair
15. a shníomh
16. ach an oiread
17. Is fiú go mór
18. suíomh nua idirlín
19. fút féin atá sé
20. cruinneas
21. dul i ngleic le
22. scéim piartheagaisc
23. ag streachailt
24. breac le botúin
25. botúin litrithe
26. easpa cúraim is cúis le ...
27. an bhradaíl liteartha
28. calaois
29. tromchúiseach
30. impleachtaí
31. a sheachaint

B: Éisteacht:

1. Céard í an fhadhb is coitianta a bhíonn ag mic léinn Bhliain 1, dar leis an gcainteoir?

2. Cén fáth ar chóir do mhic léinn plean a leagan amach sula ndéanann siad tasc?


3. Cén nós a bhíonn ag daltaí meánscoile go minic, dar leis an gcainteoir?

4. Cén chaoi a ndéanann an cainteoir cur síos ar an téarma 'Béarlacha'?

5. Má tá mac léinn ag streachailt, cad ba chóir dó/di a dhéanamh?

Tasc breise:

1. Cé na difríochtaí atá idir Gaeilge na hArdteiste agus Gaeilge na hOllscoile, de réir an phíosa cainte?
2. Luann an cainteoir 9 bhfadhb a bhíonn ag mic léinn na chéad bhliana go minic. Éist leis an mír agus breac síos an chomhairle (**9 bpointe**) a thugann sí maidir leis na fadhbanna sin. Mura bhfuil na pointí ar fad agat tar éis an dara héisteacht, is féidir breathnú ar an téipscript (thíos) le cabhrú leat. Tosaigh gach pointe le 'Ba cheart dom...' mar atá déanta sa chéad sampla thíos.



Téipscript: Comhairle do mhic léinn na chéad bhliana maidir le tascanna

Is minic a fhiafraíonn mic léinn na chéad bhliana dá gcuid teagascóirí cén fáth nár éirigh go maith leo i dtasc nó **cén áit a ndeachaigh siad amú** agus is minic gurb iad na freagraí céanna a thugann na teagascóirí ar na ceisteanna sin, mar feicimid na deacrachtaí céanna in obair na mac léinn arís is arís eile. Agus déarfainn go mbaineann go leor de na deacrachtaí seo leis na difríochtaí sách mór atá idir an Ghaeilge sa mheánscoil agus **an cur chuige** atá againne anseo san ollscoil.

Is dócha go mbaineann cuid de na deacrachtaí seo le hábhair an taisc. Ceann de na deacrachtaí is bunúsaí a bhíonn ag roinnt mac léinn ná nach léann siad teoracha na dtascanna i gceart, nó nach ndíríonn siad i gceart, b'fhéidir, ar an gceist atá le freagairt sa tasc. Mar sin, an chéad phíosa comhairle a bheadh agam do mhic léinn na chéad bhliana ná teoracha na dtascanna sa leabhrán a léamh i gceart agus a chinntiú go dtuigeann siad céard atá le déanamh acu. Bíonn scéimeanna marcála na dtascanna le fáil sna leabhráin chomh maith, agus b'fhéidir go gcuirfidh siad sin le tuiscint na mac léinn maidir le haidhmeanna an taisc. Anois, seo ceann de na difríochtaí, b'fhéidir, idir an Ghaeilge sa mheánscoil agus san ollscoil, ná ní dóigh liom go mbeidh na teagascóirí ag dul trí na scéimeanna marcála leis na mic léinn sula ndéanann siad gach tasc. Is faoin mac léinn atá sé, i ndáiríre, dul go dtí an leabhrán agus an t-eolas sin a chuardach. Agus má tá ceist ar bith acu ansin, an cheist sin a chur ar an teagascóir.

An dara pointe a bheadh agam maidir le hábhar na dtascanna, ná go bhfuil sé tábhachtach chomh maith go mbeadh struchtúr cuí, loighciúil ag baint le gach tasc – is é sin, go mbeadh tús, lár agus críoch ag baint leis, agus forbairt loighciúil ansin ó phointe go pointe. Is smaoinemh maith é plean a leagan amach duit féin sula dtosaíonn tú ag scríobh aiste nó ag scríobh taisc ionas go mbeadh an struchtúr ceart agat.

Ansin, má tá duine ar bith ag iarraidh marcanna arda a shaothrú, abair, céad onóracha, tá sé tábhachtach ansin go mbeadh cruthaitheacht nó nuálaíocht ag baint leis an tasc. Bíonn teagascóirí ag ceartú suas le céad tasc in aon seachtain amháin, agus go minic bíonn go leor de na tascanna seo an-chosúil lena chéile. Bíonn sé iontach, is cineál faoisimh é mar sin, tasc a fháil ata difriúil ar bhealach éigin leis na tascanna eile ar fad, a bhfuil smaointe nó pearsantacht an mhic léinn féin le feiceáil sa tasc, agus cruthaitheacht nó nuálaíocht ag baint leis. Nach é an t-eolas céanna a fuarthas ar Google, b'fhéidir, atá sa tasc, ach smaointe an mhic léinn féin.

So sin iad na deacrachtaí a bhaineann le hábhar an taisc. Ansin, an dara cineál deacrachta a bhíonn ag mic léinn na Gaeilge ná na deacrachtaí sin a bhaineann le **stór focal** agus frásaí agus saibhreas teanga. Sílim go bhfuil an nós, nó **an claonadh**, b'fhéidir, ag daltaí meánscoile go minic go leor frásaí agus nathanna cainte a fhoghlaim de ghlanmheabhair agus ansin **seifteanna** a aimsiú le hiad **a shníomh** isteach in aistí ... cibé teideal a fhaigheann siad san Ardteist, go mbeidh siad in ann na frásaí céanna agus na seanfhocail chéanna a shníomh isteach ansin san ábhar sin. Anois, an fhadhb a bhaineann leis sin, ná nach n-úsáideann cainteoirí dúchais nó cainteoirí maithe Gaeilge an chuid is mó de na frásaí agus na seanfhocail sin sa ghnáthshaol, agus is dócha gurb í sin, b'fhéidir, an difear is mó idir Gaeilge na hArdteiste agus Gaeilge na hOllscoile - gurb í an Ghaeilge nádúrtha, Gaeilge an ghnáthshaoil atá muid ag iarraidh a mhúineadh agus a chloisteáil ó na mic léinn ollscoile.

Go minic déanann mic léinn eile iarracht frásaí atá coitianta sa Bhéarla a aistriú focal ar fhocal go Gaeilge, agus ar ndóigh, ní féidir é seo a dhéanamh sa Ghaeilge **ach an oiread**. Mar shampla, má tá frása atá coitianta sa Bhéarla, ar nós 'It's up to you', ní féidir é sin a aistriú focal ar fhocal go Gaeilge. Ní féidir 'Tá sé suas duit féin' a rá. Níl aon chiall leis sin sa Ghaeilge. Tá frása ceart sa Ghaeilge, 'fút féin atá sé'. **Is fiú go mór** féachaint ar an **suíomh nua idirlín** www.focloir.ie, le focail mar seo a

chuardach mar tugann sé Gaeilge nádúrtha nó frásaí cearta ar go leor frásaí atá coitianta sa Bhéarla, agus d'fhéadfadh sé sin cabhrú le mic léinn an Béarlachas sin a sheachaint.

Is dócha go dtógann sé tamall, tamall maith, saibhreas nádúrtha teanga a fhorbairt, ach má bhíonn mic léinn ag éisteacht go géar le **léachtóirí, teagascóirí**, agus leis an nGaeilge atá le cloisteáil sna meáin chumarsáide agus ag baint úsáide as an teanga taobh amuigh den seomra ranga, piocfaidh siad suas go leor focal agus frásaí agus tiocfaidh an saibhreas teanga sin go nádúrtha de réir a chéile.

An fhadhb is coitianta a bhíonn ag mic léinn ansin, is dócha, ná an ghramadach nó an cruinneas. Arís, is scil í seo a fhoghlaimíonn tú de réir a chéile, nó a fhorbraíonn tú de réir a chéile, agus ní bheifear ag súil go mbeidh gach gné den ghramadach ar eolas ag mic léinn ag tús na céime. Sin ráite, má tá deacrachtaí ag mic léinn le gnéithe bunúsacha den ghramadach, ar nós aimsirí na mbriathra nó struchtúir bhunúsacha na habairte, ar nós, an chopail, b'fhéidir, nó an t-ainm briathartha – beidh sé sin le feiceáil ina gcuid marcanna. Agus mholfainn do na mic léinn sin **dul i ngleic leis** na deacrachtaí sin a luaithe agus is féidir leo. Tá **scéim piartheagaisc** ar siúl ag Roinn na Gaeilge darb ainm 'An Droichead' le cabhrú le mic léinn na chéad bhliana atá **ag streachailt** leis na gnéithe seo den teanga, agus mholfainn go láidir do na mic léinn sin bheith páirteach sa scéim sin.

Ar an lámh eile de, uaireanta faigheann mic léinn... faigheann muide tascanna ó mhic léinn atá **breac le botúin bheaga litrithe** nó nach bhfuil aon sintí fada iontu, b'fhéidir. **Easpa cúraim is cúis leis sin** de ghnáth, agus ba cheart do mhic léinn úsáid a bhaint as litreoirí ar an ríomhaire le cabhrú leo na botúin sin a ghlanadh amach as a gcuid tascanna sula gcuireann siad isteach iad.

Fágann sé sin dhá fhadhb eile – agus is dócha gurb iad seo an dá fhadhb is tromchúisí, is dócha – agus is iad sin **an bhradaíl liteartha** agus *Google Translate*. Má dhéanann an mac léinn bradaíl liteartha nó má úsáideann sé *Google Translate*, ní hé an mac léinn féin a dhéanann an tasc i ndáiríre, agus is **calaois** sách **tromchúiseach** é seo obair a leagan isteach nach ndearna tú féin, agus beidh **impleachtaí** tromchúiseacha ag baint leis má fheiceann teagascóir go bhfuil a leithéid déanta ag mac léinn. Mar sin, bígí cinnte go ndéanann sibh tagairt d'aon fhoinsé eolais a úsáideann sibh agus sibh ag déanamh taisc agus fanaigí amach ó *Google Translate* – mar ní oibríonn sé. Beidh sé an-soiléir don teagascóir má tá tú tar éis *Google Translate* a úsáid. So, tá súil agam go gcabhróidh an chomhairle sin libh cuid de na fadhbanna coitianta seo **a sheachaint**. Tá súil agam go nglacfaidh sibh leis an gcomhairle agus go n-éireoidh go geal libh!

C: Plé: An teicneolaíocht agus foghlaim na Gaeilge

1. Ar bhain tú féin úsáid riamh as *Google Translate*? Cén toradh a bhí air sin?
2. Seo nóta a scríobhadh chuig mic léinn na chéad bhliana as Gaeilge, agus cuireadh isteach in *Google Translate* ansin é. Clúdaigh an Ghaeilge agus léigh an Béarla amháin. An dtuigeann tú gach rud atá ann? An gceapann tú anois gur smaoineamh maith é *Google Translate* a úsáid agus tasc Gaeilge á dhéanamh agat?

The screenshot shows the Google Translate interface. On the left, the source language is 'Irish - detected' and the text is: 'A mhaca léinn, Fáilte go hOllscoil Mhá Nuad. Tá muid an-sásta go bhfuil sé beartaithe agaibh staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge i mbliana. Tá cúpla focal comhairle againn daoibh sula dtosóidh sibh ar obair na bliana. Má úsáideann sibh Google Translate le tasc a dhéanamh, beidh a fhios ag an teagascóir láithreach, mar ní bheidh sa tasc ach ráiméis. Beidh ar an teagascóir an-chuid ama a chur amú ag iarraidh ciall a bhaint as an ráiméis sin agus cuirfidh sé laghmhisneach uafásach air/ uirthi nuair a fheicfidh sé/ sí go bhfuil sé/ sí ag cur amú ama ag ceartú obair bhaile an ríomhaire. Ní fhoghlaimoidh tusa faic agus is féidir a bheith cinnte go bhfaighidh tú teip sa tasc ag deireadh an lae. Mar sin, tugaigí seans ceart daoibh féin agus bíodh meas agaibh ar bhur gcuid teagascóirí - ná bainigí úsáid as aistitheoirí uathoibríocha ar líne!! Beirigí bua, Roinn na Nua-Ghaeilge'. On the right, the target language is 'English' and the translation is: 'His sons students, Welcome NUI Maynooth. We are very happy that it is you plan to study the language this year. Our council has a few words to you before you begin the work of years. If you use Google Translate to task, will be the instructor know immediately, as the task will not only rubbish. Will be the instructor of time wasted trying to make sense of the rubbish and it will paralyze terrible to him / her when he'll / She / he is wasting time correcting homework the computer. Not you learn nothing and can be sure you will fail in the task by the end of the day. So bring me the right opportunity for yourselves and your respect each of their instructors - do not touch using automated online translators !! Grab victory, Department of Modern Irish'. There are icons for star, print, speaker, and back, and a 'Wrong?' link.

3. Céard go díreach atá i gceist le 'bradaíl liteartha' a luadh sa mhír fuaimne? Conas is féidir í a sheachaint?
4. Céard is 'litreoir' ann? Conas a chuirfeá litreoir Gaeilge i bhfeidhm ar do ríomhaire féin in *Microsoft Word*?
5. Obair ghrúpa: Féach ar na suíomhanna gréasáin seo a leanas: www.focloir.ie, www.teanglann.ie, www.tearma.ie, www.potafofocal.com
Cé acu ab oiriúnaí dá mbeadh an t-eolas sa chéad cholún thíos á lorg agat ?

An t-eolas atá á lorg agat :	Suíomh
1. Foirm an bhriathair 'faigh' san aimsir fháistineach	
2. An focal ar 'selfie'	
3. Inscne an fhocail 'aiste'	
4. An réamhfhocail a leanann an briathar 'cabhraigh'	
5. An focal ar 'phone charger'	
6. An fhoirm dhiúltach den bhriathar 'chuaigh'	
7. An focal Gaeilge ar 'patient' ('foighneach' nó 'othar' ?)	
8. Uimhir iolra an fhocail 'léacht'	
9. Fuaimniú an fhocail 'dúshlán'	
10. Na réamhfhocail a úsáidtear i bhfrásaí le 'meas'	
11. An focal ar 'laptop'	
12. An focal Gaeilge ar 'reference' i gcomhthéacs C.V.	

13. An focal Gaeilge ar ' <i>reference</i> ' i gcomhthéacs aiste.	
14. Inscne agus tuiseal ginideach an fhocail 'am'	
15. Frása nádúrtha in ionad 'sceitimíní áthais'	
16. Frása nádúrtha ar ' <i>I'll make it up to you</i> '	
17. Fuaimniú ceart an 'ch' sa fhrása 'le chéile'	
18. Conas an focal 'muinín' a chur in abairt	
19. Bealaí nua le 'is maith liom é' a rá.	
20. Frásaí ar chineálacha éagsúla báistí (<i>rain</i>)	

D: Gramadach:

Céard iad 'an chopail agus an t-ainm briathartha' a luadh sa phíosa cainte? **(Moodle: Quiz 3)**

Féach ar na habairtí seo thíos a bhfuil na botúin seo iontu agus ceartaigh iad.

1. **Tá** mé mac léinn.
2. **Tá** mé as Baile Átha Cliath.
3. **Tá** sí m'aintín.
4. **Tá** sé sin an ceoltóir is fearr liom.
5. Ceapaim **go bhfuil** sé sin an rud is fearr.
6. **Bhí** sé oíche iontach.
7. Ba mhaith liom **beidh** cáiliúil.
8. Ba mhaith liom **faigh** marcanna arda.
9. Ní féidir liom **caith** an iomarca airgid.
10. Níor cheart duit **déan** botún leis an ainm briathartha.

Cuid E: An Fhoghlaim Chumaisc

(a) Féach ar an bhfíseán 'An Fhoghlaim Chumaisc' le chéile. Tá an físeán ar fáil **ar Moodle**.

(b) Déan na ceisteanna seo a leanas a phlé.

1. An féidir leat smaoineamh ar bhuntáistí nó ar mhíbhuntáistí eile a bhaineann leis an bhfoghlaim chumaisc?
2. An raibh ort obair Ardteiste a dhéanamh ar líne nuair a dúnadh na scoileanna le linn na paindéime? Cén cineál oibre a rinne tú?
3. Ar bhain tú taitneamh as a bheith ag obair ar líne, nó ar cheap tú go raibh sé dúshlánach? Cad a d'fhoghlaim tú fút féin mar fhoghlaimeoir ón gcineál seo oibre?
4. Céard iad na nodanna a bheadh agat do na daoine eile i do ghrúpa agus iad ag iarraidh dul i dtaithe ar an bhfoghlaim chumaisc i mbliana?

F: Obair bhaile:

- Tasc 2
- Ullmhúchán do Cheardlann 4: Léigh an t-alt a scríobh Méabh Ní Thuathaláin agus déan cleachtaí B agus C sa leabhrán.

Ceardlann 4: An Ghaeilge ar an gCampas

Inniu:

- Alt a scríobh Méabh Ní Thuathaláin faoin nGaeilge ar líne
- Plé ar choincheap na ‘Líonraí Gaeilge’
- Pointe gramadaí an lae: An t-am atá le teacht (an aimsir fháistineach, an t-ainm briathartha nó an modh coinníollach), ag brath ar riachtanais an ranga.
- Obair ghrúpa: Óráid a scríobh
- Obair bhaile le plé (Féach ar an gclár oibre ag tús an leabhráin agus ar an nóta ag deireadh an cheachta seo.)

A: Réamhphlé:

- An féidir leat sainmhíniú a thabhairt ar an bhfocal ‘Gaeltacht’?
- Anois féach ar na línte seo ó shuíomh gréasáin na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta:
Faoi Acht na Gaeltachta 2012, tá sé i gceist go mbeidh an Ghaeltacht bunaithe feasta ar chritéir theangeolaíocha seachas ar limistéir thíreolaíocha mar a bhí go dtí seo... Beidh deis ag ceantair lasmuigh de na ceantair Ghaeltachta aitheantas reachtúil a bhaint amach mar Líonraí Gaeilge...
- An raibh an sainmhíniú a bhí agatsa bunaithe ar ‘limistéir thíreolaíocha’ (áiteanna) nó ar ‘chritéir theangeolaíocha’ (úsáid na teanga i measc pobail nó líonra daoine)? Cé acu is tábhachtaí, i do thuairimse?
- An gceapann tú go bhféadfaí pobal nó líonra Gaeilge a chruthú i gcathair nó ar champas ollscoile? An bhfuil a leithéid de phobal nó de líonra ar an gcampas seo?

B: Léitheoireacht:

Seo cuid d’alt a scríobh Méabh Ní Thuathaláin do Tuairisc.ie ar an 14 Meán Fómhair 2018. Léigh an sliocht agus déan na cleachtaí thíos.

Tá an Ghaeilge i measc na dteangacha atá **‘ag forbairt’ ar líne**, de réir taighde idirnáisiúnta faoi chás na **mionteangacha sa ré dhigiteach** a foilsíodh an tseachtain seo.

Toradh é an ‘Digital Language Survival Kit’ ar thaighde a rinne an Dr Claudia Soria, ó Thionscadal Éagsúlachta na dTeangacha Digiteacha (Digital Language Diversity Project/ DLDP), **i gcomhpháirt le teangeolaithe** agus eagraíochtaí mionteangacha ar fud na hEorpa.

Ag labhairt dó le Tuairisc.ie dúirt Kevin Scannell, an saineolaí ríomhaireachta as Ollscoil Missouri, atá ina bhall de choiste comhairliúcháin an DLDP a chuir an ‘Digital Language Survival Kit’ ar fáil, gur **“eiseamláir”** í an Ghaeilge do theanga atá ‘ag forbairt’ ar líne.

Aithnítear teanga a bheith ‘ag forbairt’ sa saol digiteach má bhaintear úsáid aisti ar na meáin shóisialta agus má tá **seirbhísí agus acmhainní digiteacha** ar fáil inti. Teangacha iad seo a bhfuil forbairt déanta orthu ó thaobh na teicneolaíochta agus acmhainní éagsúla ar fáil dóibh. I measc na n-acmhainní a bhíonn ar fáil do theanga atá ‘ag forbairt’, tá seirbhísí aistriúcháin, sintéiseoir, **foclóirí ar líne, bunachar téarmaíochta** agus seirbhís mheasartha Wikipedia.

Dúirt an tOllamh Kevin Scannell go bhfuil an Ghaeilge ina teanga atá ‘ag forbairt’ ar líne mar go mbíonn sí á húsáid “go forleathan” sna meáin shóisialta agus mar go bhfuil “go leor seirbhísí digiteacha” ar fáil inti, ina measc “foclóirí den chéad scoth ar líne, Tuairisc.ie, **bogearraí aistriúcháin** agus Vicipéid measartha mór, a bhfuil níos mó ná 10 míle alt ann”.

Cé go bhfuil ag éirí go maith leis an Ghaeilge sa saol digiteach, dar le Scannell, dúirt sé go n-aithnítear trí bhearna sa **'Digital Language Survival Kit'** a chuideodh sé go mór le **forbairt na Gaeilge ar líne** dá rachfaí i ngleic leo. Dúirt sé gur cheart **"córas aitheanta gutha"** a fhorbairt don Ghaeilge le go mbeidh daoine in ann treoracha ó bhéal a thabhairt i nGaeilge do ríomhairí, **gléasanna teicneolaíochta**, carranna agus eile.

Cé go bhfuil "go leor ábhar iontach" ar fáil ar Vicipéid na Gaeilge, dar le Scannell, dúirt sé gurbh fhiú go mór forbairt a dhéanamh uirthi mar bhunachar eolais. "Níl mórán cainteoirí líofa ag glacadh páirte ann go leanúnach. Bheimis in ann **dul chun cinn mór** a dhéanamh dá mbeadh cúpla céad duine sásta alt a scríobh cúpla uair sa mhí," a sé.

Is é an tríú bearna is mó atá ann i gcás na Gaeilge, dar le Kevin Scannell, ná an easpa forbartha atá déanta i réimse na **ríomhchluichí**. "Tá cúpla cluiche simplí ann a d'aistrigh mé féin agus baill eile den Ríomhacadamh, ach ní hionann iad agus na cluichí mór le rá *Fortnite, GTA, Madden*, nó cibé rud a imríonn na daoine óga na laethanta seo," a dúirt sé.

C: Stór focal:

(Moodle: Quiz 1)

Cén Ghaeilge a bhí ag Medhbh ar na focail agus frásaí seo a leanas? Féach ar an téacs arís más gá.

1. the development of irish online
2. developing online
3. digital age
4. in conjunction with linguists.
5. big development / progress
6. voice recognition system
7. technology devices
8. translation software
9. terminology database
10. minority languages
11. computer games
12. online dictionaries
13. exemplar
14. digital services and resources

D: Gramadach: Ag labhairt faoin am atá le teacht

Nóta don teagascóir: D'fhéadfaí ceann amháin de na pointí thíos (An aimsir fháistineach, an t-ainm briathartha nó an modh coinníollach) a roghnú, ag brath ar riachtanais na mac léinn.

Cén sórt briathra a úsáideann muid le labhairt faoin am atá le teacht (amárach, an tseachtain seo chugainn, i gceann sé mhí, an bhliain seo chugainn, srl.)?

Ar luaigh tú an aimsir fháistineach? Má luaigh, tá an ceart agat go pointe, ach ní hé sin an t-aon rud a úsáidtear, ná an rud is mó a úsáidtear fiú, sa Ghaeilge ná sa Bhéarla. Seo trí struchtúr éagsúla a úsáidtear le labhairt faoin am atá le teacht.

1. **An Aimsir Fháistineach:** Déan iarracht Gaeilge a chur ar na frásaí seo a leanas. Má bhíonn deacracht agat leis an gcleachtadh seo, bain úsáid as an gcárta briathra atá ag deireadh an leabhráin seo agus téigh siar ar fhoirmeacha na mbriathra san aimsir fháistineach.

- I will organise a céilí.
- I will collect money.
- I will promote the Cullacht.
- I will encourage other students to take part.
- I will send emails to the students.
- When I'm the first year representative, I will help students who are struggling with Irish.

- When I'm a member of the Cuallacht, I will take part in study groups.
- If you give me this job, I will play music.
- If you (pl.) choose me, I will get sponsorship from local shops.
- If I get the job, I will go to the Oireachtas.

2. An t-ainm briathartha mar infinideach:

Is minic a úsáidtear frásaí mar seo le labhairt faoi phleananna. An dtuigeann tú iad?

Tá mé chun ...

Tá sé i gceist agam ...

Tá sé ar intinn agam ...

Ba mhaith liom ...

Caithfidh mé ...

Déanfaidh mé iarracht ...

Déanfaidh mé mo dhícheall ...

Cuir Gaeilge ar na habairtí seo a leanas:

- I'm going to organise an online conversation class.
- I'm going to send emails to the students in my class.
- I'll try to use digital resources like online dictionaries.
- I intend to promote the language.
- I would like to encourage other people to take part.
- I will do my best to help students who are struggling with Irish.
- I intend to take part in study groups.
- I'm going to work hard.
- We have to upload computer games.

Leid: Tabhair faoi deara gur '*to organise*', '*to send*', '*to play*', etc. a bhí sna habairtí seo ar fad as Béarla. Tugtar '*infinitive*' ar na foirmeacha sin sa Bhéarla. Má tá staidéar déanta agat ar an bhFraincis nó ar an Spáinnis, is dócha gurbh í seo an chéad chuid den bhriathar a d'fhoghlaim tú – m.sh. Fraincis: '*faire*', '*avoir*', '*aller*'; Spáinnis: '*hacer*', '*tener*', '*ir*'. Sa Ghaeilge, baintear úsáid as an ainm briathartha mar infinideach. Féach ar an gcárta briathra ag deireadh an leabhráin le liosta de na hainmneacha briathartha a fheiceáil.

3. Mura mbíonn muid cinnte faoi rudaí a tharlóidh amach anseo, úsáideann muid an **modh coinníollach**. Conas a fhuaimnítear na briathra seo a leanas?

Chuirfinn, Chaithfinn, Bhainfinn, Bhuailfinn, Dhéanfa, Déarfá, Thabharfadh sé, D'fheicfeadh sé, Gheobhadh sibh, Dá bhfaighinn, Dá rachainn.

Déan iarracht Gaeilge a chur ar na habairtí seo a leanas. Má tá deacracht agat leis an gcleachtadh seo, féach ar an gcárta briathra agus téigh siar ar na rialacha a bhaineann leis an modh coinníollach.

- If I got the job, I would organise a céilí.
- If I were the first year representative, I would collect money.
- If I were elected, I would promote the Cuallacht.
- If the job were given to me, I would encourage other students to take part.
- If I had the job, I would send emails to the students.
- If I were on the committee, I would help students who are struggling with Irish.
- If I were a member of the Cuallacht, I would take part in study groups.
- If I had the job, I would play music at all the events.
- If I got the job, I would get sponsorship from local shops.
- If I had the choice, everyone would go to the Oireachtas.

E: Tasc grúpa:

Samhlaigh go bhfuil tú ag iarraidh a bheith i d'ionadaí chéad bhliana ar choiste Chuallacht na Gaeilge. Caithfidh tú óráid 2 nóiméad a thabhairt ag cruinniú na Cuallachta agus na pointí seo a leanas a lua: a) Cén fáth a bhfuil tú ag iarraidh a bheith páirteach sa Chuallacht? b) Céard a dhéanfaidh tú nó céard atá sé i gceist agat a dhéanamh má fhaigheann tú an post/ Céard a dhéanfa dá bhfaighfeá an post? Déanaigí cúram faoi leith de na briathra san óráid agus cuimhnígí ar an méid a pléadh thuas. Nuair a bheidh an óráid scríofa agaibh, is féidir le hionadaí as gach grúpa an óráid a léamh amach don rang.

F: Obair bhaile:

1. Téigh siar ar phointe gramadaí an lae inniu.
2. Léigh an dá scéal ar chúrsa NG151 (*Cú Chulainn agus Macghníomhartha Fhinn*) arís agus tabhair leat iad chuig an gcéad rang eile. Déan Quiz 1, Quiz 2 agus Quiz 3 ar Moodle.
3. Dúshlán Gaeilge na seachtaine a chomhlíonadh:
 - Téigh ar leathanach *Facebook* Chuallacht na Gaeilge agus cliceáil ar 'Is maith liom é'. Fág teachtaireacht nó nóta tráchta. Tóg gabháil scáileáin (*screenshot*) mar chruthúnas go ndearna tú é!
 - Buail isteach chuig Seomra na Gaeilge nó chuig imeacht atá ar siúl ag an gCuallacht agus tóg féinín istigh ann. Marc bónais má tá ball de choiste na Cuallachta sa phictiúr leat!
 - Faigh amach cé atá ar choiste na Cuallachta i mbliana.
 - Faigh amach cé na himeachtaí atá/a bheidh ar siúl ag an gCuallacht i mbliana.

Stór focal: An Ghaeilge ar an gCampas agus ar Líne

An Cumann Gaelach

- an ball/ na baill
- coiste a thoghadh
- ionadaí na chéad bhliana
- oifigeach chaidrimh phoiblí
- cruinniú cinn bhliana
- urraíocht
- maoiniú

Imeachtaí

- ciorcal comhrá
- tráth na gceist
- Bál na Gaeilge
- oícheanta *mic* oscailte
- *gigeanna*
- céilí/céillithe
- seisiún ceoil

An Ghaeilge a chur chun cinn

- líonraí Gaeilge a chruthú
- pobal láidir Gaeilge a bheith ar an gcampas
- imeachtaí sóisialta trí mheán na Gaeilge a eagrú
- an Ghaeilge a chur chun cinn i measc na mac léinn
- an teanga a choimeád beo
- ócáidí sóisialta a eagrú
- feidhm a bhaint as an teanga de ló is d'óiche
- taitneamh a bhaint as an teanga ar bhealach spráúil
- spéis a chothú sa Ghaeilge
- daoine a spreagadh

Abairtí eile úsáideacha:

- Tá mé i mo bhall de Chuallacht na Gaeilge.
- Ba mhaith liom a bheith i m'úachtarán ar an gCuallacht.
- Tá fonn orm a bheith ag labhairt le mic léinn eile a bhfuil Gaeilge acu.
- Mholfainn go láidir do dhaoine dul chuig na hócáidí Gaelacha ar fad.
- Dá mbeinn i m'úachtarán ar an gCuallacht, d'eagróinn céilí agus spreagfainn mic léinn eile chun a bheith páirteach.
- Is maith liom am a chaitheamh i Seomra na Gaeilge.
- Is maith liom cabhrú le mic léinn atá ag streachailt leis an nGaeilge.
- Dá mbeinn ar an gcoiste, sheolfainn ríomhphoist chuig na mic léinn.

Ceardlann 5: An Scéalaíocht Dhúchais

Inniu:

- *Dul siar ar an dá scéal, “Cú Chulainn” agus “Macghníomhartha Fhinn”, le go mbeadh tuiscint agus eolas maith ag na mic léinn ar an dá scéal.*
- *Pointe gramadaí: Dul siar ar aimsirí na mbriathra*
- *Obair bhaile le plé (Féach ar an gclár oibre ag tús an leabhráin agus ar an obair ullmhúcháin a luaitear ag deireadh an cheachta seo.)*

A: Dul siar ar an scéal ‘Cú Chulainn’

(nasctha le Moodle: Quiz 1)

- Stór focal: Léigh an achoimre thíos ar an scéal agus cuir Béarla ar na focail agus frásaí ar fad atá i gcló trom.
- Príomhphointí: Ansin déan iarracht teideal nó achoimre aon abairte a thabhairt ar gach alt thíos. Tá an chéad cheann déanta mar shampla.

1. Cúlra agus muintir Shéadanta

Tógadh Séadanta mac Sualtaimh i nDún Dealgan. **Nia le rí Uladh** (*the nephew of the king of Ulster*), Conchúr mac Neasa, a bhí ann.

2. _____

Le linn dó a bheith **ag éirí aníos**, chuala sé lucht an teaghlaigh ag caint ar Eamhain Mhacha agus ar **na gasraí** (= gasúir) a bhí **faoi oiliúint** ag Conchúr mac Neasa ann. D’iarr sé cead ar a mháthair dul ann go bhfeicfeadh sé iad, ach dúirt sí leis go raibh an turas róchontúirteach chun é a dhéanamh leis féin agus gurbh fhearr dó fanacht go mbeadh grúpa de **laochra Uladh** leis. Dúirt sé **gurbh fhada leis fanacht** go dtí sin. Rug sé ar a **sciath sliseán**, a **shleáin**, a **lorgaid** agus a liathróid, agus d’imigh sé leis.

3. _____

Nuair a **bhain sé an dún amach**, bhí an céad go leith gasúr a bhí ag Conchúr mac Neasa amuigh ar an bhfaiche ag foghlaim **lúthchleasaíochta** agus **gaiscíochta**. **Bhí nós ann** ag an am nach rachadh duine isteach i bpáirc na gcluichí chuig na gasraí gan é féin a chur ar a gcoimirce, ach níor thuig Séadanta é sin. Chuaigh sé isteach ina measc gan é féin a chur ar a gcoimirce. Nuair a chonaic siadsan an **coimhthíoch** seo, d’ionsaigh siad láithreach é, ach **chuir sé an tóir ar** an gcéad go leith acu. Chonaic Conchúr iad **ag teitheadh** agus Séadanta ag rith ina ndiaidh. Níor aithin sé é agus rug sé greim air. Chuir sé é féin in aithne do Chonchúr agus d’inis sé dó céard a bhí ag tarlú. Mhínigh Conchúr dó gur cheart dó é féin a chur ar a gcoimirce. Nuair a thuig Séadanta an scéal, chuaigh sé sa tóir ar na gasraí arís, ag iarraidh orthusan iad féin a chur ar a choimirce sin freisin!

4. _____

Thaispeáin na gasraí cluiche a bhí acu darb ainm ‘áin phoill’ do Shéadanta. D’imir sé an cluiche i gcoinne an chéad go leith acu agus **fuair sé an ceann is fearr orthu**. Thaispeáin siad cluichí eile dó agus **bhí an bua aige orthu** i ngach ceann acu.

5. _____

Bhí nós i gCúige Uladh go dtugadh rí Uladh féasta **dá mhaithe agus dá mhóruaisle** gach **ráithe** agus go dtugadh gach duine díobhsan féasta uair sa bhliain. Thug **gabha** darb ainm Culann cuireadh do Chonchúr agus do chuid d’**uaisle Uladh** teacht chuig féasta.

6. _____

Nuair a bhain siad **dún Chulainn** amach, d’fhiafraigh Culann an raibh siad go léir istigh. Dúirt Conchúr go raibh, agus mar sin, **scaoil** Culann an cú mór fíochmhar a bhí aige chun an áit a chosaint. Bhí dearmad déanta ag Conchúr gur thug sé cead do Shéadanta teachta ina ndiaidh, agus níorbh fhada ina dhiaidh do Chulann an cú a scaoileadh, go bhfaca siad Séadanta **ag tarraingt ar an**

dún. Shíl gach duine sa dún a bhí ag féachaint amach go maródh an cú é, **sula bhféadfadh aon duine dul chun tarrthála air.**

7. _____

Léim an cú chun Séadanta a ionsaí ach mharaigh Séadanta é. Tá dhá **leagan** den chuid sin den scéal: Leagan 1: Rug Séadanta **greim scornaí agus greim chúl muiníl** ar an gcú agus bhuaíl sé a chloigeann in éadan **coirthe cloiche** go dtí gur **steall an inchinn as.**

Leagan 2: Bhí Séadanta **ag iomáint** agus é ar a bhealach go dtí an dún. Nuair a léim an cú ina threo agus a bhéal oscailte, bhuaíl sé an liathróid isteach ina scornach agus tháinig sé amach trína bholg.

8. _____

Bhí lúcháir ar Chonchúr agus ar a mhuintir gur **tháinig Séadanta slán**, ach bhí Culann croíbhriste agus thosaigh sé **ag mairgneach** faoi, agus **ag tuar** agus **ag tairngreacht** faoin scrios a thiocthadh air, mar gheall nach mbeadh an cú aige chun an dún agus **a chuid eallaigh** a chosaint ó **lucht braide agus foghla.**

9. _____

Nuair a chuala Séadanta é seo, gheall sé do Chulann go gcosnódh seisean an dún in áit an chú go dtí go bhfaigheadh sé cú eile, **coileán den chuain chéanna**, chun é a chosaint. Tugadh ainm nua, Cú Chulainn, air ina dhiaidh sin.

B: Tráth na gCeist ar an scéal ‘Cú Chulainn’

Babhta 1: An scéal:

**Bain úsáid as abairtí iomlána chun na ceisteanna seo a fhreagairt.*

1. Cárb as do Shéadanta?
2. Cérbh é Conchúr mac Neasa? Cén gaol a bhí ag Séadanta leis?
3. Céard a thug sé leis go hEamhain Mhacha?
4. Cén fáth ar ionsaigh gasraí Eamhain Mhacha é nuair a bhain sé an áit amach?
5. Conas a d'éirigh leis sna cluichí a d'imir sé leo?
6. Cé chomh minic is a thugadh rí agus uaisle Uladh féastaí?
7. Cén fáth ar scaoil Culann an cú?
8. Conas a mharaigh Séadanta an cú?
9. Cén chúis imní a bhí ag Culann nuair a bhí an cú marbh?
10. Cén gealltanas a thug Séadanta?

Babhta 2: Stór focal:

1. Shield
2. Spear
3. Club/ cudgel
4. Heroism
5. The nobility of Ulster
6. He beat them
7. Fleeing
8. A stranger
9. A fort
10. Three months
11. A standing stone
12. Thieves and plunderers
13. Lamenting/mourning
14. Predicting and prophesising
15. A puppy from the same litter

C. Dul siar ar an scéal “Macghníomhartha Fhinn”:

1. Cén t-ord inar tharla na himeachtaí seo thíos as an scéal “Macghníomhartha Fhinn”? Cuir uimhreacha leo chun an t-ord sin a léiriú.
2. Cad is brí leis na focail i gcló trom? (Moodle: Quiz 2)

	Chuir Fionn a ordóg dóite ina bhéal
1	Nuair a maraíodh Cumhall, d'éalaigh Muireann go Teamhair, áit ar rugadh a mac.
	An chéad éacht a rinne an buachaill óg ná é féin a chosaint sa chuasán agus an madadh crainn (= iora rua) a mharú.
	Thug Muireann Deimhne ar a mac.
	An chéad seilg a rinne an buachaill óg ná breith ar lacha.
	Thug Bodhmann an buachaill óg léi go Sliabh Bladhma, áit ar oil sí féin agus banchara é.
	Nuair a thit an ghruaig den bhuachaill óg tugadh Deimhne Maol air.
	Bhí cumha ar Mhuireann i ndiaidh a mac agus thug sí cuairt air i Sliabh bladhma.
	Bhuaigh an buachaill óg trí huair ar an macra i Maigh Life.
	Bhí fios ag Fionn ina dhiaidh sin.
	Thug Bodhmann go hAonach Tailteann é.
	Rinne Fionn fostú le Lochan i gCuileann Ó gCuanach.
	B'éigean dó teitheadh as Tailteann ar eagla a namhaid .
	Thit Fionn i ngrá le Cruithne, iníon Locháin.
	Chuaigh Fionn chun scoile chuig Fionn Éigeas ar an Bhóinn.
	Nuair a chuireadh sé a ordóg ina bhéal, bheadh gach eolas aige.
	Tugadh Fionn air mar bhí sé sa tairngreacht go n-íosfadh fear darbh ainm Fionn an bradán.


3. Cén Ghaeilge atá ar na habairtí/frásaí seo a leanas as an scéal (nasctha le Moodle: Quiz 3) “Macghníomhartha Fhinn”? Déan iarracht iad a aistriú. Ansin cuardaigh sa scéal iad chun do chuid freagraí a sheiceáil.
 - a. Deimhne was the name given to the son.
 - b. That was Fionn’s first achievement.
 - c. He saw the young boys hurling on the lawn of the fort.
 - d. He beat them.
 - e. That is how Fionn got his name.
 - f. There was no better hunter in the place than him.
 - g. The man who first wounded Fionn’s father.
 - h. He wished to learn poetry.
 - i. Fionn had spent 7 years with Fionn Éigeas.
 - j. He gave Fionn the salmon to roast.
 - k. It was prophesied that a man named Fionn would eat the salmon.
 - l. Fionn had the gift of knowledge after that.
 - m. What he did not know would be revealed to him.

D: Próifílí Facebook (Obair bheirte nó ghrúpa)

Líon isteach na próifílí thíos do Chú Chulainn agus d'Fhionn Mac Cumhaill. Ansin scríobh postálacha chun **dearcthaí agus mothúcháin** Chú Chulainn agus na gcarachtar eile a léiriú maidir le príomheachtraí an scéil. Tá ceann amháin déanta mar shampla. Léigí bhur gcuid postálacha dá chéile.



facebook Cuardaigh

Cú Chulainn




Eolas	
	Ainm:
	Leasainm:
	As
	Ina chónaí i
	Oiliúint:
	Ag obair
	Is maith liom
	An tsraith is fearr liom:
	Tréithe:

Cairde


 Conchúr mac Neasa (uncail)	 Deichtine (máthair)

Postálacha

Cú Chulainn
Ar mo bhealach go hEamhain Mhacha chun Conchúr Mac Neasa agus na gasraí a fheiceáil. #ar_bís!! 😊

 **Deichtine** Dúirt mé leat go raibh an turas sin róchontúirteach! Ag mothú crosta 😡

Cuirí chun cairdis

 **Lára Ní Mhaoláin**
Deimhnigh Scríos Iarratas



Fionn mac Cumhail

Cairde

Naimhde (Blocáilte)


Eolas

	Ainm:
	Leasainm:
	As
	Ina chónaí i
	Oiliúint:
	Ag obair
	Is maith liom
	An tsraith is fearr liom:
	Tréithe:

Postálacha

--

E: Scéal Instragram Chú Chulainn: Scríobh ceannteidil nó nótaí tráchta le cur leis na pictiúir seo thíos.



F: Dialann Fhinn: Maidir leis an scéal “*Macghníomhartha Fhinn*” samhlaigh gur tusa Fionn. Scríobh cuntas gearr i do dhialann (san aimsir chaite) ar ar tharla ón uair gur thug Fionn Éigeas an bradáin duit le róstadh.

G: Cleachtaí breise gramadaí: Dul siar ar na briathra:

- Féach ar an sliocht seo as an scéal “*Macghníomhartha Fhinn*”, a insíonn faoi chuid d’altramas Fhinn ina óige. Tá sé scríofa san aimsir chaite. Scríobh na briathra arís san aimsir láithreach agus san aimsir fháistineach.

Aimsir chaite

Pósadh Muireann arís ar Ghleoir Lámhdhearg, rí Lamhraí, agus rinne sí cónaí leis i gCúige Mumhan. Bhí cumha agus imní uirthi faoina mac ina dhiaidh sin, agus i gceann a shé bliana d’eirigh léi cuairt a thabhairt air. Shiúil sí gach fásach go dtí gur tháinig sí go Coillte Shliabh Bladhma chuig Bodhmann. Fuair sí an mac ina chodladh istigh i gcuasán crainn mhóir a raibh eidheann ag fás air. Thóg sí ina hucht é agus rinne cion croí leis; agus ansin chealg sí chun suain é le hamhrán grá. D’iarr sí ar an dá bhanfhéinní a bheith go maith dó agus é a choinneáil go mbeadh sé in aois fiannaíochta. Ansin d’fhill sí ar an Mhumhain.

Aimsir láithreach

_____ Muireann arís ar Ghleoir Lámhdhearg, rí Lamhraí, agus _____ sí cónaí leis i gCúige Mumhan. _____ cumha agus imní uirthi faoina mac ina dhiaidh sin, agus i gceann a shé bliana _____ léi cuairt a thabhairt air. _____ sí gach fásach go dtí _____ sí go Coillte Shliabh Bladhma chuig Bodhmann. _____ sí an mac ina chodladh istigh i gcuasán crainn mhóir a _____ eidheann ag fás air. _____ sí ina hucht é agus _____ cion croí leis; agus

ansin _____ sí chun suain é le hamhrán grá. _____ sí ar an dá bhanfhéinní a bheith go maith dó agus é a choinneáil go mbeadh sé in aois fiannaíochta. Ansin _____ sí ar an Mhumhain.

Aimsir fháistineach

_____ Muireann arís ar Ghleoir Lámhdhearg, rí Lamhraí, agus _____ sí cónaí leis i gCúige Mumhan. _____ cumha agus inní uirthi faoina mac ina dhiaidh sin, agus i gceann a shé bliana _____ léi cuairt a thabhairt air. _____ sí gach fásach go dtí _____ sí go Coillte Shliabh Bladhma chuig Bodhmann. _____ sí an mac ina chodladh istigh i gcuasán crainn mhóir a _____ eidheann ag fás air. _____ sí ina hucht é agus _____ cion croí leis; agus ansin _____ sí chun suain é le hamhrán grá. _____ sí ar an dá bhanfhéinní a bheith go maith dó agus é a choinneáil go mbeadh sé in aois fiannaíochta. Ansin _____ sí ar an Mhumhain.

2. Foghraíocht:

Conas a fhuaimnítear na briathra thuas san aimsir fháistineach?

(Bí cúramach: Níor cheart an 'f' sna deirí 'faidh'/'fidh' a fhuaimniú!)

Céard faoi na cinn seo a leanas?

Cuirfidh, Caithfidh, Bainfidh, Buailfidh, Fanfaidh, Fágfaidh, Déanfaidh, Tabharfaidh, Feicfidh, Tiocfaidh, Gheobhaidh, Ní bhfaighidh, Rachaidh.

3. Cumadh Ceisteanna:

Cum ceisteanna a mbeidh na habairtí seo a leanas oiriúnach mar fhreagraí orthu. Tá an chéad cheann déanta mar shampla duit.

- Thit Fionn i ngrá le Cruithne. **Ar thit** Fionn i ngrá le Cruithne?
- D'éalaigh Muireann go Teamhair.
- Chuir Fionn a ordóg dóite ina bhéal.
- Bhí fios ag Fionn ina dhiaidh sin.
- Rinne Fionn fostú le Lochan.
- Thug Bodhmann go hAonach Tailteann é.
- Chuaigh Fionn chun scoile chuig Fionn Éigeas.

H: Obair bhaile:

- Cuid de na cleachtaí thuas a chríochnú.
- Tasc 2: dréacht 2
- Ullmhúchán do Cheardlann 6: Déan Quiz 1 agus Quiz 2 ar Moodle.
- Tabhair leat an dá scéal chuig an gcéad cheardlann eile arís.

Ceardlann 6: An Scéalaíocht Dhúchais (ar lean.)

Inniu:

- Tuilleadh plé a dhéanamh ar an dá scéal, maidir le suíomh, carachtair, téamaí agus cúrsaí stíle de, agus comparáid a dhéanamh eatarthu. N.B.: Féach ar na liostaí stór focal a thugtar sa Treoir don Anailís Liteartha in Aguisín 1 ag cúl an leabhráin seo le cabhrú leat an plé seo a dhéanamh.
- Pointe gramadaí an lae: Comparáid a dhéanamh idir dhá rud.
- Tasc 3 le plé

A: Suíomh:

Luaitear go leor logainmneacha sna scéalta seo. Cuardaigh na háiteanna sin ar www.logainm.ie le fáil amach cá bhfuil siad agus déan iarracht iad a chur isteach ar an léarscáil thíos. Ansin tarraing líne amháin a cheanglaíonn na háiteanna a bhfuil scéal Chú Chulainn suite, agus líne eile chun turas Fhinn a léiriú. Bain úsáid as dhá dhath éagsúla más féidir.

Dún Dealgan, Eamhain Mhacha, Teamhair, Maigh Life, Loch Léin, Sliabh Bladhma, Sliabh gCrot, Aonach Tailteann, Cuileann Ó gCuanach, An Bhóinn, Sliabh Bladhma, Fiodh Gaibhle, Connacht



B: Carachtair:

Céard atá ar eolas agat faoi na carachtair seo a leanas? Cén gaol a bhí acu le chéile? Cén sórt daoine iad? (Leid: Bain úsáid as an liosta stór focal a bhaineann le tréithe carachtair atá in aguisín 1 ag cúl an leabhair le cabhrú leat).

Séadanta/ Cú Chulainn
Deichtine
Conchúr mac Neasa
Culann
Fionn
Cumhall
Muireann
Bodhmann
Cruithne
An Liath Luachra
Fionn Éigeas

C: Téamaí

Céard iad príomhthéamaí an dá scéal? Leid: Féach ar liosta na dtéamaí atá in Aguisín 1 ag cúl an leabhair le cabhrú leat.

Cú Chulainn	Macghníomhartha Fhinn

D: Stíl - Áibhéil:

Baintear úsáid as **áibhéil** sna scéalta seo chun cur lena dtaitneamh. Seo sampla amháin den áibhéil as *Cú Chulainn*:

“Bhí céad go leith gasúr ag Conchúr Mac Neasa an uair sin ag foghlaim cleasa lúith agus gaiscíochta ... D’ionsaigh siad láithreach é. Ba mhaith an mhaise dósan é, chuir sé an tóir ar an chéad go leith acu.”

- Píoc amach trí shampla d’áibhéil sa dá scéal.
- Cén fáth a bhfuil an áibhéil seo ar fáil sna scéalta seo, dar leat? Cén éifeacht a bhaineann léi?

	<i>Cú Chulainn</i>	<i>Macghníomhartha Fhinn</i>
Áibhéal – Sampla 1		
Áibhéal – Sampla 2		
Áibhéal – Sampla 3		

E: Comparáidí:

Úsáidtear struchtúir faoi leith ghramádaí chun comparáid a dhéanamh idir rudaí éagsúla. Déan na cleachtaí thíos agus ansin déan iarracht úsáid a bhaint as na struchtúir sin chun comparáid a dhéanamh idir an dá scéal.

1. Céimeanna comparáide na haidiachta:

Féach ar na habairtí seo a leanas. is brí leis na frásaí a bhfuil líne fúthu? Cad a tharlaíonn don aidiacht tar éis 'níos' agus 'is'?

Tá Síle **ard** ach Seán **níos airde ná** Síle.

Tá an scéal sin **tábhachtach**, ach is é seo an scéal **is tábhachtaí**.

Athraigh na haidiachtaí mar is cuí sna habairtí seo thíos: (Moodle: Quiz 1)

- Tá Séadanta níos (láidir) _____ ná na gasúir eile.
- Bhí madra Chulainn níos (fíochmhar) _____ ná aon mhadra eile.
- Bhí Culann níos (brónach) _____ ná éinne eile sa dún.
- Bhí Conchúr níos (cumhachtach) _____ ná Culann.
- Ba léir go raibh Séadanta níos (cróga) _____ ná na buachaillí eile.
- Is dóigh liom féin go bhfuil an scéal *Cú Chulainn* níos (taitneamhach) _____ ná an scéal *Macghníomhartha Fhinn*.
- Bhí iomaíocht Séadanta leis an gcú níos (contúirteach) _____ ná aon troid a bhí ag Fionn.
- Is é Cú Chulainn an laoch is (iomráiteach) _____ sa tSraith Ultach.
- Is é Fionn Mac Cumhaill an ceannaire is (clúiteach) _____ sna Fianna.
- Sílim gurb é "*Macghníomhartha Fhinn*" an scéal is (suimiúil) _____.
- Is dóigh liom gurb é "*Cú Chulainn*" an scéal is (taitneamhach) _____.
- Is é an scéal is (maith) _____ liomsa go pearsanta.

An bhfeiceann sibh aon phatrún maidir leis na briathra a úsáidtear leis an dá chineál aidiachta (níos ... vs is ...) atá thuas?

2. "chomh deas le..."

(Moodle: Quiz 2)

Líon na bearnaí sna habairtí thíos leis na frásaí atá idir luibíní. [CC = *Cú Chulainn*, MF = *Macghníomhartha Fhinn*].

- Níl an scéal CC (as long as) _____ leis an scéal MF.
- Níl an scéal MF (as enjoyable as) _____ leis an scéal CC.
- Tá CC (as brave as) _____ le Fionn.
- Tá Fionn (as strong as) _____ le CC.
- Tá an dá scéal (as interesting) _____ lena chéile.

3. Anois, bí ag obair leis an duine in aice leat agus bainigí úsáid as na struchtúir thuas chun na scéalta "*Cú Chulainn*" agus "*Macghníomhartha Fhinn*" a chur i gcomparáid lena chéile. Is féidir trácht a dhéanamh do na **cosúlachtaí** a bhaineann leo agus do na **difríochtaí** atá eatarthu maidir le **suíomh, téamaí, tréithe an phríomhcharachtair, ról na gcarachtar eile** agus **cúrsaí stíle**.

H: Obair bhaile agus ullmhúchán do Cheardlann 7:

- Is féidir cuid de na cleachtaí thuas a chríochnú mar obair bhaile, más cuí.
- Téigh siar ar an dá scéal ar chúrsa NG151 Cuid A
- Déan Quiz 1, Quiz 2, Quiz 3 agus Quiz 4 ar Moodle.
- Tasc 3

Ceardlann 7: Scannáin agus an Teilifís

Inniu:

- Ceartú na gceachtanna obair bhaile ó Cheardlann 5-6, más cuí.
- Mír Físe: "Game of Thrones"
- Plé ar scannáin agus ar shraitheanna teilifíse
- Obair ghrúpa: Léirmheas ar scannán
- Pointe gramadaí an lae: Dul siar ar an aimsir fháistineach agus ar an modh coinníollach
- Obair bhaile le plé (Féach ar an gclár oibre ag tús an leabhráin agus ar an obair ullmhúcháin a luaitear ag deireadh an cheachta seo.)

A: Réamhphlé:

Pléigí na ceisteanna seo i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga.

1. Bhí sibh ag caint faoin scéalaíocht dhúchais an tseachtain seo caite. Cén fáth a mbíodh daoine ag insint scéalta dá leithéid, dar libh? Cén fheidhm a bhí leo? Céard atá againne sa lá atá inniu ann in áit na scéalta sin?
2. An bhfuil *Game of Thrones* feicthe agaibh? Céard atá ar eolas agaibh faoi? An bhfuil aon chosúlachtaí idir *Game of Thrones* agus scéalta dúchais na hÉireann?

B: Éisteacht agus Plé:

(Moodle: Quiz 1)

Éist le Sailí Ní Dhroighneáin ag caint faoi *Game of Thrones* agus freagair na ceisteanna seo:

1. Ar bhreathnaigh Sailí ar na cláir? Cén fáth?

2. Cén sórt ban atá sa chlár, dar le Sailí?

3. Céard é an príomhthéama atá le fáil sa tsraith, dar le Sailí?

4. Cén cleas cliste a luann Sailí atá sa chlár?

5. Cén ghné bhreise atá sa chlár i gcomparáid leis na leabhair chun an lucht féachana a mhealladh chuige?

C: Aistriúchán/Stór focal:

(Moodle: Quiz 2)

An cuimhin leat cén Ghaeilge a bhí ag Sailí ar na focail/frásaí seo a leanas? Éist arís leis an mír le do chuid freagraí a sheiceáil.

1. I read the books twice.
2. It creates images in your head.
3. I didn't want to ruin the experience I had from reading the books.
4. The women have the upper hand.

5. fierce
6. a lot of tension
7. a lot of enmity/ hostility
8. struggling
9. looking for power
10. the forces of good against the forces of evil
11. I felt like throwing the book out.
12. The audience can't predict ...
13. bawdy/ obscene

D: Gramadach:

(Moodle: Quiz 3)

1. An Modh Coinníollach vs An Aimsir Fháistineach

Féach ar na frásaí seo thíos ón mír éisteachta agus abair céard is brí leo? An é an modh coinníollach nó an aimsir fháistineach atá i gceist? Cén difear atá eatarthu ó thaobh litrithe de?

- **An gcreidfeá ...?**
- Bhí eagla orm go **nach mbeadh** na cláir mar a chéile leis na leabhair
- B'fhéidir **nach mbeadh** na cláir chomh maith céanna
- **Gheobhadh** ceann na carachtair is fearr a thaitin liom bás, agus **bheadh** fonn orm an leabhar a chaitheamh amach!
- **D'fhéadfadh** rud ar bith tarlú anseo
- Tá a fhios acu céard a **mheallfaidh** an lucht féachana.
- **Ní fhéadfaidh** mé breathnú air ariamh arís.

2. An Chlaoninsint:

(Moodle: Quiz 4)

An cuimhin libh cén Ghaeilge a bhí ar na habairtí seo ón mír éisteachta? Féachaigí ar an téipscrip le cabhrú libh más gá.

- Would you believe that I didn't watch the programmes.
- I was afraid that the programmes wouldn't be as good as the books.
- That's why I didn't watch the programmes at all.
- I think it's a very clever trick.
- I think it annoys me when a character I like leaves.
- It is said that it is excellent.
- I think that they are more bawdy/ explicit than the books.

D: Cleachtadh don scrúdú cainte (Obair bheirte nó ghrúpa)

1. Cé na cláir nó sraitheanna teilifíse eile a mbreathnaíonn sibh orthu? An dtaitníonn na cinn chéanna libh ar fad? Bígí ag obair i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga agus déanaigí cur síos ar na cinn a thaitníonn libh féin. N.B. Bainigí úsáid as an stór focal atá sa Treoir don Anailís Liteartha in Aguisín 1 den leabhrán seo le cabhrú libh cur síos a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla de na cláir atá á bplé agaibh, m.sh. seánra, téamaí, carachtair.
2. An bhfaca sibh aon scannán maith le déanaí? An maith libh dul go dtí an phictiúrlann?
3. An fearr libh scannáin nó sraitheanna teilifíse? Cén fáth?

E: Léirmheas a scríobh: (Obair ghrúpa)

Bígí ag obair i ngrúpaí agus scríobhaigí léirmheas ar scannán nó ar shraith/chlár teilifíse atá feicthe agaibh. Leid: Bíonn léirmheasanna an-chosúil le hanailís liteartha. Mar sin, bainigí úsáid as an stór focal agus leideanna eile atá sa Treoir don Anailís Liteartha (Aguisín 1 ag cúl an leabhráin seo) le cabhrú libh. Is féidir le hurlabhraí ó gach grúpa an léirmheas a léamh amach don rang ag an deireadh.

F: Obair bhaile agus ullmhúchán do Cheardlann 8:

- An leabhrán “NG151 – Litríocht na Gaeilge 1: Seachtain 7-13 Filíocht” (An tOll. Fionntán de Brún) a thabhairt leat chuig an gcéad cheardlann eile.
- Déan Quiz 1, Quiz 2, Quiz 3 agus Quiz 4 ar Moodle.

Téipscript: Sailí Ní Dhroighneáin ag caint faoi *Game of Thrones*:

An bhfuil *Game of Thrones* feicthe agat?

An gcreidfeá nár bhreathnaigh mé ar chor ar bith ar *Game of Thrones*, ach léigh mé na leabhair ar fad, faoi dhó, agus thaitin na leabhair go mór liom agus bhí, is dóigh liom, bhí eagla orm breathnú ar na cláir, mar bhí eagla orm go ... nach mbeadh na cláir mar a chéile leis na leabhair, nach mbeadh na cláir ag teacht leis an méid céanna a bhí sna leabhair, agus tá a fhios agat féin, nuair a léann tú leabhar atá go maith, cruthaíonn sé íomhánna i do cheann, b'fhéidir nach mbeadh na cláir chomh maith céanna agus ní raibh mé ag iarraidh an taithí a bhí agam ó bheith ag léamh na leabhar a mhilleadh, *so* sin é an fáth nár fhéach mé ar chor ar bith ar na cláir. Ach is breá liom na carachtair atá le fáil sa *Game of Thrones*. Is breá liom Daenerys, agus ansin ar an taobh eile, is fuath liom na carachtair nach bhfuil go deas, cosúil le Cersei agus Joffrey. Ach rud atá suimiúil faoi *Game of Thrones*, tá na mná go mór in uachtar. Ceapaim féin go bhfuil mná láidre le feiceáil in *Game of Thrones*, mar shampla, Daenerys agus na dragúin agus mar sin de – fíochmhar go maith! *So* mar sin, léigh mé na leabhair ach níor fhéach mé ar na cláir.

Cén sórt téamaí a thagann chun cinn sa tsraith?

Bíonn go leor teannais i gceist. Bíonn go leor naimhdis i gceist. Bíonn daoine ag streachailt. Chuile dhuine ag cuartú cumhachta i ndáiríre, agus tá sé ar fad bunaithe thimpeall air sin. Cé atá in ann stádas a bhaint amach agus cumhacht a fháil ar an duine eile? Agus an bhfuil tú in ann an duine eile a chur síos le go mbeidh cumhacht agat féin? Agus is dóigh go bhfeictear go láidir na fórsaí maithe in aghaidh na bhfórsaí dona agus sin í an phríomhchoimhlint atá ann, nuair a bhriseann tú síos an rud ar fad, sin é go díreach atá ann.

Is iomaí casadh a bhíonn sa scéal agus ní i gcónaí a éiríonn leis na fórsaí maithe fórsaí an oilc a chloí. Céard a cheapann tú faoin ngné sin den tsraith?

Is dóigh liom gur cleas an-chliste é sin. Ach, is minic a bhí mise ag léamh na leabhar agus ansin gheobhadh ceann na carachtair is fearr a thaitin liom bás agus bhí fonn orm an leabhar a chaitheamh amach agus gan dhul in aice leis ariamh níos mó ach ina dhiaidh sin féin, déarfainn liom féin, *wow*, bhuel d'fhéadfadh rud ar bith tarlú anseo, *so* caithfidh mé leanacht ar aghaidh ag léamh. Agus is dóigh liom gur rud an-chliste é sin nach bhfuil an lucht féachana in ann a thuar cé atá a dhul imeacht. *So* is rud maith é, is rud maith é, is dóigh liom féin, ar aon nós, ach go gcuireann sé isteach go mór orm nuair a imíonn carachtar a thaitníonn go mór liom.

Ach ón méid atá cloiste agam faoin gclár teilifíse, deirtear go bhfuil sé thar barr freisin. Is dóigh liom go bhfuil sé níos gáirsiúla ná na leabhair, agus tá sé sin suimiúil. Is dóigh liom go bhfuil a fhios acu céard a mheallfaidh isteach an lucht féachana ach chuala mé go leor de mo chuid cairde ag rá “*Oh*, fuair an carachtar seo bás, ní fhéadfaidh mé breathnú air ariamh arís”, *so* is é an taithí céanna a bhí againn.

Ceardlann 8: An Fhilíocht agus an Ghrinnléitheoireacht: Cúrsaí Filíochta

Inniu:

- Éisteacht le Tadhg Ó Dúshláine ag caint faoin bhfilíocht
- Plé ginearálta ar NG151 Cuid B (Filíocht)
- Pointe gramadaí an lae: an chopail
- Obair bhaile le plé (Féidir ar an gclár oibre ag tús an leabhráin agus ar an obair ullmhúcháin a luaitear ag deireadh an cheachta seo.)

A: Réamhphlé:

An dtaitníonn an fhilíocht (i mBéarla nó sa Ghaeilge) nó liricí amhrán leat? Cén sórt? Cén fáth?

**Nóta don teagascóir: Is féidir cleachtadh C thíos a dhéanamh roimh chleachtadh B, má mheasann tú go n-oirfeadh sé sin níos fearr do riachtanais agus leibhéil an ranga.*

B: Éisteacht:

(Moodle: Quiz 1)

Éist le Tadhg ag caint faoin bhfilíocht (faoi dhó, más gá), agus déan iarracht na ceistanna seo a fhreagairt:

1. Cén fáth ar fiú an fhilíocht a léamh, dar le Tadhg? Cén tábhacht a bhaineann léi?
2. Cén tábhacht a bhaineann le fuaimeanna agus rithim na filíochta, dar le Tadhg?
3. Cén fáth ar fiú dúinn grinnléitheoireacht a dhéanamh ar an bhfilíocht, dar le Tadhg?
4. Céard a deir Tadhg maidir le do tuairim féin a thabhairt ar an bhfilíocht?
5. An aontaíonn tú leis an méid a deir Tadhg sa phíosa cainte seo? Mínigh do fhreagra.
6. “Éiríonn leis an bhfilíocht friotal nó focail a chur ar an mothú dochreidte seo a bhaineann le grá ... Nuair a bhuaileann tubaiste an bháis sinn, éilimid friotal nó struchtúr a chuirfidh brí nó míniú nó a chabhróidh linn an tocht uafásach a chur in iúl.” An féidir leat cuimhneamh ar aon dán nó aon amhrán faoi leith a thaitníonn leat féin agus a bhfuil an bua sin ag baint leis?

C: Stór focal:

(Moodle: Quiz 2)

Féach ar an téipscript thíos agus déan iarracht Béarla a chur ar na focail agus ar na frásaí atá i gló trom. Bain úsáid as an gcomhthéacs le cabhrú leat na focail a thuiscint.

Cén fáth ar fiú an fhilíocht a léamh? Cén tábhacht a bhaineann léi?

Labhraíonn an fhilíocht le do chroí agus le d'intinn. Tá sí an-bhunúsach. Agus **pléann sí leis** na rudaí is bunúsaí, rudaí ar nós bás nó grá, na ceisteanna móra nach féidir linn labhairt go hiomlán fúthu, atá **chomh domhain sin** ionainn. **Gliondar** nó brón, na mothúcháin is doimhne. Sin an áit go dtéann an fhilíocht. Éiríonn leis an bhfilíocht, abair, **friotal** nó focail a chur ar an mothú dochreidte seo a bhaineann le grá. Is cuma cén saghas grá atá i gceist, grá rómánsúil, grá **earótach**, grá tuismitheoirí, grá tíre, an mothú ollmhór seo, **éachtach** seo. Aon uair go mbímid ag iarraidh é **sin a chur in iúl**, roghnaímid dánta. Nuair a bhuaileann tubaiste an bháis sinn, **éilimid** friotal nó struchtúr a chuirfidh brí nó míniú nó a chabhróidh linn an **tocht** uafásach atá ... a chur in iúl, mar a bhíonn in Caoineadh Airt Uí Laoghaire. Téann an fhilíocht an-domhain orainn. Agus **murach** filíocht ... agus nuair a deirim filíocht, tá sé níos leithne ná sin go deimhin, murach ealaín, ealaín i gcoitinne, níl aon chosaint eile againn ar **bharbarthacht**, ar **uafás**, ach áilleacht. So tugann an fhilíocht, cosúil leis an ealaín i gcoitinne, **éachtaint** agus tuiscint, agus dá bhrí sin, dóchas éigin dúinn, go bhfuil **gile**, go bhfuil brí, go bhfuil **faoiseamh**, go bhfuil **comhlíonadh**, **gur fiú an saol**.

Cén tábhacht a bhaineann le fuaimeanna agus rithim na filíochta?

Ait go leor, ní maith liom a bheith á léamh. B'fhearr liom a bheith ag éisteacht leis an nguth labhartha nuair a bhíonn léitheoirí maithe á léamh, nó é a léamh os ard. Mar, an dtuigeann tú, i gcás na filíochta go háirithe, **murab ionann agus** an tslí a léifeá páipéar, caithfidh tú na fuaimeanna a chlos [= a chloisteáil]. Mar bíonn ceol ag baint le filíocht thar rud ar bith eile. Ceann de na rudaí draíochtúla a bhaineann le filíocht ná go n-aithnímid go bhfuil **ord** sa rithim. Agus **cuireann sin chun suaimhnis sinn** ar bhealach nach dtuigimid. Mar deir sé linn, **in ainneoin tranglam** agus trí chéile agus rith is rás ar fad a bhaineann leis an saol, tá ord agus eagar áit éigin, tá suaimhneas áit éigin, agus sin cuid den suaimhneas a bhaineann leis.

Cén fáth ar fiú grinnléitheoireacht a dhéanamh ar an bhfilíocht?

Bhuel, comhairlíonn na scoláirí dúinn agus na múinteoirí agus gach éinne go gcaithfidh tú grinnléitheoireacht a dhéanamh ar fhilíocht agus saghas focal teicniúil **teibí**. Grinnléitheoireacht, go gcaithfidh tú díriú isteach ar bhrí, **ar shainbhrí**, ní díreach ar bhrí **intleachtúil**, agus ciallaíonn grinnléitheoireacht go dtugann tú san áireamh ní hamháin ciall intleachtúil, an bhrí atá leis na focail, ach na focail, na fuaimeanna, an **t-imprisean** a dhéanann iomlán na bhfocal.

Céard faoi thuairimí a thabhairt?

Bhuel, tá a fhios agat, go mbíonn cúrsaí stíle, agus bíonn rudaí is maith leat, ó thaobh bia is mar sin. Tá ráiteas an-chasta sa Laidin, *'De gustibus non est disputandum'*, is é sin, ní féidir leat argóint, ní féidir leat díospóireacht, ní féidir leat argóint faoi rudaí a thaitníonn nó nach dtaitníonn le daoine. Cad ina thaobh gur maith leatsa **oisrí**? Bhuel is maith liom oisrí. Cad ina thaobh go gcaitheann tú an dath uafásach pink sin? Bhuel is maith liom pink. So ní féidir **dul thairis sin**, I gcásanna den sórt sin, rogha. Agus tá an ealaín mar sin. Tá ealaín **seachas a chéile**, ceol mar shampla, fuaimeanna nó dathanna, péintéireacht, seachas a chéile a thaitníonn le daoine. Oh is aoibhinn liom Paudi Buik [?], is aoibhinn liom Picasso, is breá liom Shostakovich. Ní maith liom na Beatles. Agus ní féidir dul thairis sin. Faigheann daoine blas ar an rud. Ach caithfidh tú a bheith in ann a mhíniú cad ina thaobh go dtaitníonn sé leat, cad ina thaobh nach dtaitníonn sé leat. Ní leor sin. Agus tú féin a chosaint sa tslí sin. Tá sé mar sin le filíocht chomh maith. Tá sé mar sin le scríbhneoireacht i gcoitinne.

D: Dul siar ar an aidiacht**(nasctha le Moodle: Quiz 3)**

Féach ar na haidiachtaí seo atá sa mhír thuas. Cad is brí leo?

*an-bhunúsach**na rudaí is bunúsaí**an-domhain**na mothúcháin is doimhne*

Líon isteach an ghreille ag leanúint na bpatrún céanna:

1.	An-	Na rudaí is ...
maith		
mór		
leathan		
deacair		
casta		
suimiúil		
tábhachtach		
fada		

2. Céard is brí leis na frásaí seo a leanas? An féidir libh smaoineamh ar aon chleas le cabhrú libh cuimhneamh ar an difríocht atá idir na focail seo?

an domhan

ar fud an domhain

an-domhain

E: An chopail**(nasctha le Moodle: Quiz 4)****1. An chopail agus an briathar ‘Bí’ :**

Féach arís ar an liosta stór focal atá sa Treoir don Anailís Liteartha, go háirithe ar na focail ar fad atá sna boscaí ‘Tréithe na gCarachtar’ agus ‘Focail eile le cur síos ar phíosaí litríochta’. Cén cineál focal iad ar fad (briathra, ainmfhocail, aidiachtaí, srl.)? Cuir Gaeilge ar na habairtí seo a leanas:

- It is sentimental.*
- It is realistic.*
- It is exciting.*
- It is original.*
- It is predictable.*
- He is sarcastic.*
- She is witty.*
- She is bossy.*
- He is vulnerable.*

Anois féach ar na focail atá sa bhosca ‘Seánraí’. Cén cineál focal iad sin? Cén Ghaeilge a bheadh ar na habairtí seo a leanas?

- It is a novel.*
- It is a short story.*
- It is an autobiography.*
- It is an animated film.*
- It is a television programme.*
- It is a true story.*
- It is a folk tale.*
- It is an honest poem.*
- He is a sarcastic character.*
- She is a witty person.*

Is é an briathar céanna ‘to be’ (It is ...) atá sna habairtí sin ar fad sa Bhéarla. Cén difear atá eatarthu sa Ghaeilge?

2. Is féidir an struchtúr ‘Bí’ + ‘í’ a úsáid in ionad na copail freisin. Féach ar na samplaí seo thíos agus athscríobh na habairtí eile ag baint úsáid as na struchtúir chéanna:

- Is dán grá é = Dán grá atá ann.
- Ní duine deas í = Ní duine deas atá inti.
- Is scéal brónach é =
- Ní úrscéal bleachtairreachta é =
- Is duine uaimhianach í =
- An úrscéal fada é? =
- Is mac léinn mé =
- Is amadán tú =
- Is carachtair chasta iad =
- Ba charachtar láidir é =
- Ba scannán scéinséara é =
- Ba dheireadh intuartha é =

3. **Dhá struchtúr copail:**

Cén Béarla a bheadh ar an dá abairt seo thíos? Cén difear atá idir struchtúr an dá abairt?

- Is file é *Seán Ó Ríordáin*.
- Is é *Seán Ó Ríordáin* an file.

Cuir Gaeilge ar na habairtí seo a leanas:

- It is **a** love poem.
- Love is **the** main theme of the poem.
- He is **a** coldhearted character.
- He is **the** main character of the story.
- He is **the** most coldhearted character of the story.

4. **Cleachtadh breise ar an dá struchtúr copail:**

Féach ar an gcéad ghreille thíos a léiríonn struchtúr abairt (a) thuas. Roghnaigh focal amháin as gach colún le habairtí a chumadh agus abair cad is brí leo. M.sh. Is ceist mhaith é = *It is a good question*; Ceapaim gur Baile Átha Cliath í = *I think she is from Dublin*.
Ag obair i mbeirteanna anois, glacaigí sealanna le habairtí a chumadh as Béarla a bheidh le haistriú go Gaeilge ag an duine eile, ag baint úsáid as na focail sa ghreille chéanna. Mar shampla: *Is it a love story?* = An scéal grá é?; *They are not big problems* = Ní fadhbanna móra iad. Bí cinnte go n-úsáidfidh tú gach ceann de na focail sa chéad cholún.

AN CHOPAIL	AINMFHOCAL NEAMHCHINNTE	FORAINM/ AINMFHOCAL
Is	file	mé/mise
Ní	carachtar láidir	tú/tusa
An*	scéal maith	é (Seán)/eisean
Nach	Meiriceánach/Meiriceánaigh	í (Máire)/ise
Ceapaim gur	as Baile Átha Cliath	muid/muidne
	ceist mhaith/ceisteanna maithe	sibh/sibhse
	fadhb mhór/fadhbanna móra	iad/iadsan
	scéal grá/scéalta grá	
	leabhar spéisiúil/leabhair spéisiúla	
	ábhar casta/ábhair chasta	

Anois déan an rud céanna leis an struchtúr seo:

AN CHOPAIL	FORAINM (+ AINMFHOCAL)	AINMFHOCAL CINNTE**
Is		an príomhcharachtar
Ní (+ h roimh é/eisean, í/ise, iad/iadsan)	mise	príomhcharachtar an scéil
	tusa	an príomhthéama
	é sin/ seo	príomhthéama an dáin
An*	í sin/ seo	an mothúchán is láidre atá ann
	é Brian	an stiúrthóir
	í Orla	an scríbhneoir is fearr liom
Nach	muidne	an t-aisteoir is fearr liom
	sibhse	an t-aisteoir is fearr sa scannán
Ceapaim gur(b)	iad sin/ seo/ iadsan	na scannáin is fearr
(‘gurb’ roimh é/eisean, í/ise, iad/iadsan, m.sh. gur tusa ACH gurb é)		an scéal iomlán
		an t-aon rud nach dtaitníonn liom
		an fhadhb is mó
		an ball laige is mó atá aige
		an rud is spéisiúla
		an chéad leabhar le J.K. Rowling

* Freagraí ceisteanna:

An aisteoir é? **Is ea/ Ní hea**

An é Leonardo Di Caprio an príomhaisteoir? **Is é/ Ní hé**

** Bíonn ainmfhocal ‘cinnte’ nuair is ainm duine nó áite atá ann, nuair atá an t-alt (an/ na) nó aidiacht shealbhach (mo, do, a, srl.) roimhe nó nuair a bhíonn uimhir ina dhiaidh.

F: Obair Bhaile agus Ullmhúchán do Cheardlann 9:

- Quiz 1, Quiz 2 agus Quiz 3

Ceardlann 9: An Fhilíocht agus an Ghrinnléitheoireacht: Anailís Liteartha agus Anailís Chriticiúil

Inniu:

- An Anailís Liteartha: a bhfuil i gceist léi
- Pointe gramadaí an lae: an chlaoninsint
- Obair bhaile le plé (Féach ar an gclár oibre ag tús an leabhráin agus ar an obair ullmhúcháin a luaitear ag deireadh an cheachta seo.)

A: Treoir don Anailís Liteartha: An Fhilíocht

1. Féach ar chlár an chúrsa NG151: Cuid B – An fhilíocht. Labhair leis an duine in aice leat faoin gcúrsa agus a bhfuil i gceist leis.
 - Cén léachtóir a mhúineann an cúrsa?
 - Cé mhéad dán atá ar an gcúrsa? Cé na filí atá i gceist?
 - Cé na cinn atá pléite sna léachtaí go dtí seo?
2. Féach ar an bhfíseán ‘**Treoir don Anailís Liteartha – An Fhilíocht**’ ar Moodle. Is é sprioc an chúrsa filíochta ná go mbeifeá in ann ‘grinnléitheoireacht’ / ‘anailís liteartha’ / ‘anailís chriticiúil’ a dhéanamh ar na dánta sin atá ar an gcúrsa. An dtuigeann tú céard atá i gceist leis sin?
Féach ar an gcéad cheist sa *Treoir don Anailís Liteartha* atá sa leabhrán seo (Aguisín 1) le fáil amach an raibh an ceart agat. Scríobh sainmhíniú anseo:

Is ionann anailís liteartha agus _____

Ní hionann anailís liteartha agus _____

Ansín, léigh an chéad dá leathanach den treoir agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

3. Cén **structúr** ba chóir a bheith ar an anailís liteartha?
(a)_____ (b)_____ (c)_____
4. Cén dá ghné den saothar a phléitear i gceist le **corp na hanailíse**?
5. Céard atá i gceist le **hábhar an dáin**?
6. Céard atá i gceist le **stíl an dáin**?
7. Abair cé acu a bhaineann na téarmaí seo a leanas le hábhar nó le stíl?

Uaim/ téama/ codarsnacht/ suíomh/ plota/ íomhá/ meafar/ teachtaireacht/ samhail/ athrá/ meadaracht/ friotal/ carachtair **Bain triail as Quiz 1 ar Moodle chunbrí na bhfocal seo a thomhas.**

ÁBHAR	STÍL

8. Cé na gnéithe den anailís ar an bhfilíocht nach mbíonn i gceist leis an bprós?
9. Cén fáth ar fiú anailís chriticiúil a dhéanamh ar an litríocht, de réir an méid atá sa treoir?
10. Conas ba cheart an treoir a úsáid agus tú ag scríobh aistí ar an litríocht (an fhilíocht nó an próis)? Féach go tapa ar an gcuid eile den treoir (ó 1. Intreoir go dtí 4. Conclúid). An féidir leat na ceisteanna, liostaí stór focal agus abairtí samplacha a fheiceáil? An dóigh leat go mbeidh siad úsáideach duit agus tú ag scríobh aistí ar an litríocht le linn na céime?

B: Anailís Liteartha - Cleachtaí

1. Cén sórt eolais a chuirtear san **Intreoir** de ghnáth? Déan iarracht achoimre aon líne a thabhairt ar na saothair seo a leanas, ag baint úsáid as na focail agus frásaí atá luaite faoin **Intreoir** (seánra, údar, sonraí foilsithe, srl.):
 - a. Harry Potter
 - b. Mean Girls
 - c. The Fault in Our Stars
 - d. Stranger Things
 - e. Pride and Prejudice
 - f. Sherlock
 - g. Love Island
 - h. Toy Story
 - i. Mise Raiftearaí
 - j. A Ógánaigh an Chúil Cheangailte
 - k. Adhlacadh mo mháthar
 - l. An tEarrach Thiar
2. Roghnaigh 3 cinn de na saothair atá luaite thuas agus déan iarracht cur síos a dhéanamh ar:
 - ábhar an dáin/ plota an scéil, .i. *Is dán/scéal é faoi ...*
 - suíomh/ comhthéacs, .i. *Tá sé suite i ...*
 - téamaí, .i. *Is é ... príomhthéama an scéil/dáin*
 - na príomhcharachtair agus na tréithe a bhaineann leo, .i. *Is é ... príomhcharachtar an scéil. Is duine leochaileach é.*
 - Stíl, .i. *Baintear úsáid as meafair éifeachtacha ...*
3. Cén sórt eolais a chuirtear sa **Chonclúid** de ghnáth?
Tabhair do bhreithniúnas féin ar na buanna agus laigí a bhaineann le 3 cinn de na saothair thuas, ag baint úsáid as na frásaí agus focail atá luaite faoin gConclúid.

C: Obair ghrúpa: Roghnaíodh gach grúpa dán amháin atá ar chúrsa NG151 (An Filíocht) agus scríobhaigí **anailís liteartha** ar an dán sin le chéile, ag baint úsáid as an Treoir atá sa leabhar. Is féidir le gach grúpa an anailís a léamh nó a chur i láthair don rang i gCeardlann 10 mar dhul siar. (Nóta: D'fhéadfaí an cur i láthair seo a áireamh mar thasc 3. Féach na treoracha ag cúl an leabhair.)

D: Tuairimí a chur in iúl – An Chlaoninsint / Caint Indíreach

Féach ar na habairtí thíos: Cad a chiallaíonn na frásaí ag tús gach abairte? Cén fhoirm den bhriathar a leanann iad?

Motháim go bhfuil an dán seo dírithe orthu siúd a bhíonn ag stánadh ar an ainmhí.

Creidim gur fúithi féin atá sí ag caint.

Tuigimid láithreach go bhfuil athrú tagtha.

Tuigeann sí go maith nach bhfuil réiteach le fáil.

Is é mo thuairim go n-éiríonn leis an bhfile an téama a chur os ár gcomhair go cliste.

Seo roinnt frásaí eile atá úsáideach le tuairim a chur in iúl. An dtuigeann tú iad ar fad? **Is féidir do chuid eolais a sheiceáil i Quiz 2 ar Moodle.**

is dóigh liom
measaim
sílim
samhláim
samhlaítear dom
feictear dom
ritheann sé liom
is é mo thuairim
is é mo bharúil
braithim
mothaím
thug mé faoi deara
d'aithin mé
bhí an chuma air
is dócha
is cosúil
tugtar le fios

+ go/nach/gur/nár
(claoninsint)

An Chlaoninsint **san Aimsir Chaite** = **gur + h** (dearfach) / **nár + h** (diúltach)

Baintear amach an d' ó thús an bhriathair, m.sh. **d'fhág → gur fhág

**Ní chuirtear séimhiú ar an mbriathar saor san aimsir chaite, m.sh. gur cailleadh

Eisceachtaí (Aimsir Chaite): 6 bhriathar neamhrialta (**go/nach + urú**):

Chuaigh → Dúirt sé **go ndeachaigh/nach ndeachaigh ...**
Bhí → Is dócha **go raibh/nach raibh...**
Chonaic → Sílim **go bhfaca/nach bhfaca...**
Rinne → Déarfainn **go ndearna/nach ndearna...**
Fuair → Is cosúil **go bhfuair/nach bhfuair...**
Dúirt → Tá súil agam **go ndúirt/nach ndúirt...**

Gach aimsir eile = **go + urú** (dearfach)/**nach + urú** (diúltach)

Claoninsint na Copaile

Aimsir láithreach/fháistineach:

Dearfach = **gur** (**gurb** roimh é/í/iad, aidiacht nó dobhriathar dar tús guta)

Sampla 1: Is botún é

→ B'fhéidir **gur** botún é

Sampla 2: Is é sin an rud is fearr

→ Ceapaim **gurb** é sin an rud is fearr

Diúltach = **nach** (gan urú)

Sampla 1: Ní drochscéala é

→ Is dócha **nach** drochscéala é

Sampla 2: Ní hé sin an rud a bhí ag cur as dó → Is léir **nach** é sin an rud...

Aimsir chaite/ghnáthchaite/modh coinníollach:

Dearfach = **gur/go mba (+h)** (**gurbh** roimh ghuta/f + guta)

Sampla: Ba cheart an duais a thabhairt dó → Déarfainn **gur** cheart an duais...

Diúltach = **nár** (+h) (**nár**bh roimh fhorainm nó aidiacht dar tús guta)

Sampla: Níorbh fhéidir leis í a fheiceáil → B'fhéidir **nár**bh fhéidir...

Déan iarracht na frásaí thuas a chur roimh na habairtí seo a leanas agus athraigh tús na n-abairtí mar is cuí. **Nasctha le Quiz 3 ar Moodle.**

1. Tá an dán suite in áit iargúlta faoin tuath.
2. Is dán débhríoch é.
3. (Is) duine soineanta leochaileach é.
4. Cuireann an dán ceist mhór éiceolaíoch orainn.
5. Is é an grá gan chúiteamh téama an dáin seo.
6. Tá sraith íomhánna gleoite sa dán seo.
7. Is dán é seo a bhfuil substaint ag baint leis ó thaobh ábhair agus ó thaobh stíle de.
8. Is é an bua is mó a bhaineann leis an dán seo ná an tslí ina gcuireann an file an téama os ár gcomhair.
9. Tá an dán seo bunaithe ar charachtar spóirt mór le rá.
10. Dán an-phearsanta é seo a chuaigh go mór i bhfeidhm orm.
11. Cuimhneoidh mé go deo ar chéad-íomhá an dáin seo.
12. Ní éiríonn leis dul i bhfeidhm orainn mar lucht léitheoireachta.
13. Teipeann ar an dán seo aird an léitheora a choinneáil.
14. Is dán bunaithe ar mhiotas é an dán seo.
15. Rinne an file iarracht ceist mhór thábhachtach a chur.

E: Obair bhaile:

- An obair ghrúpa thuas (anailís liteartha a dhéanamh ar dhán) nó cuid de na cleachtaí gramadaí a chríochnú.
- Dul siar ar na pointí gramadaí seo a leanas a clúdaíodh sna ceardlanna an seimeastar seo:
 - Téarmaíocht na gramadaí
 - Aimsirí na mbriathra
 - An chopail
 - An chlaoninsint
 - Céimeanna comparáide na haidiachta

Ceardlann 10: Cúrsaí Spóirt

Inniu:

- Plé faoi chúrsaí spóirt (Cleachtadh don scrúdú cainte)
- Gramadach: Freagairt ceisteanna
- Mír éisteachta: Na Gaeil Óga
- Obair bhaile le plé (Féach ar an gclár oibre ag tús an leabhráin agus ar an nóta ag deireadh an cheachta seo.)

A: Réamhphlé: Cúrsaí spóirt

1. An imríonn tú aon spórt?
 - Má imríonn, an imríonn tú le club nó foireann nó go neamhfhoirmiúil, díreach ar mhaithe le spraoi?
 - Mura n-imríonn tú spórt, cad a dhéanann tú chun tú féin a choinneáil aclaí?
2. An fearr leat cluichí foirne nó aclaíocht aonair? Cé na buntáistí/míbhuntáistí a bhaineann leis an dá chineál aclaíochta?
3. An maith leat dul chuig ionaid aclaíochta? Cén fáth?
4. An mbreathnaíonn tú ar an spórt ar an teilifís nó an dtéann tú chuig cluichí go minic?
 - Má bhreathnaíonn, cén cineál cluichí? Cén cluiche is fearr a chonaic tú riamh? Cén fhoireann a leanann tú?
 - Mura mbreathnaíonn, cén fáth?
5. An bhfuil sé tábhachtach aclaíocht de chineál éigin a dhéanamh? Cén fáth?
6. An gceapann tú go bhfuil muintir na hÉireann aclaí sa lá atá inniu ann?
7. An gceapann tú go bhfuil nósanna aclaíochta in Éirinn athraithe mórán le blianta beaga anuas? Cén chaoi?
8. An bhfuil aon phearsa/laoch spóirt a bhfuil meas agat air/ uirthi? Cén duine agus cén fáth?
9. An gceapann tú go bhfuil an iomarca béime ar chúrsaí airgid sa spórt gairmiúil?

B: Gramadach: Freagairt ceisteanna:

(Moodle: Quiz 4)

Sa cheist a phléigh tú thuas, bhí ort an freagra 'Yes' nó 'No' a thabhairt. Cén Ghaeilge a chuir tú ar na focail sin? Féach ar na ceisteanna seo a leanas agus abair cén Ghaeilge a bheadh ar na freagraí 'Yes'/'No' i ngach cás. Cén difear atá idir 'Is é/ Ní hé' agus 'Is ea/Ní hea'? (Mura bhfuil tú cinnte, féach ar lch 35 den chóras ceartúcháin ag cúl an leabhráin le cabhrú leat.

- An + briathar:
 - An **imríonn** tú spórt?
 - An **bhfuil** tú i do bhall d'ionad spóirt?
- An + aidiacht:
 - An **maith** leis leadóg?
 - An **fearr** leat Cluiche Ceannais na hÉireann ná na Cluichí Oilimpeacha?
- An + forainm:
 - An **tusa** an duine a ghnóthaigh an rás ?
 - An **í** Katie Taylor an laoch spóirt is mó atá againn in Éirinn?
- An + ainmfhocal:
 - An **ball** tú de Chumann Lúthchleas Gael?
 - An **duine** aclaí tú?
- An + réamhfhocal:
 - An **as** contae mór spóirt tú?
 - An **sa** tSeapáin a bheidh Corn an Domhain ar siúl in 2018?

Tráth na gCeist: *Bígí ag obair i ngrúpaí nó i mbeirteanna. Éistigí leis na ceisteanna seo a leanas agus tugaigí an freagra ceart orthu. Caithfidh na freagraí a bheith ceart ó thaobh na gramadaí de!*

1. An as Corcaigh do Conor McGregor?
2. An duine umhal é Conor McGregor?
3. An contae mór iománaíochta é Ciarraí?
4. An é Louis Van Gall bainisteoir Manchester United?
5. An peileadóir é Boris Johnson?
6. An sa Bhrasaíl a bhí na Cluichí Oilimpeacha ar siúl in 2016?
7. An Éireannach é Rory McIlroy?
8. An spórt oifigiúil Oilimpeach é an galf?
9. An bhfuil Posh Spice and David Beckham colscartha?
10. An féidir do lámh a chur ar an liathróid i gcluiche sacair?
11. An dornálaí í Katie Taylor?
12. An as Bré di?
13. An imreoir rugbaí é Brian O' Driscoll?
14. An fearr rith maith ná drochsheasamh?
15. An é Roy Keane bainisteoir fhoireann sacair na hÉireann?
16. An duine teasáí é Roy Keane?
17. An i Learpholl atá Anfield?
18. An í an iománaíocht an spórt páirce is tapa ar domhan?
19. An maith le Mícheál Ó Muircheartaigh an pheil Ghaelach?

C: Éisteacht:

(Moodle - Quiz 1)

Beidh tú ag féachaint anois ar mhír físe faoi chlub Chumann Lúthchleas Gael, darb ainm *Na Gaeil*

Óga. Féach ar an mír físe agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. An iad *Na Gaeil Óga* an t-aon chlub peile lán-Ghaeilge atá sa tír?
2. Cé mhéad foireann peile atá ag an gclub?
3. An bhfuil foireann camógaíochta ag an gclub?
4. Cá bhfuil an club lonnaithe?
5. An mbeadh suim agatsa a bheith páirteach i gclub mar seo?
6. Céard iad na dúshláin a bheadh ag club mar seo, dar leat?

Stór Focal

(Moodle: Quiz 2)

Déan iarracht Gaeilge a chur ar na focail agus frásaí seo thíos.

1. we will go
2. in the Phoenix Park
3. sixty
4. i didn't really know people
5. they persuaded me to come
6. when they were founded
7. that we would have a permanent home
8. series
9. the women's team
10. i suppose it's the first sport
11. the second team
12. a lot bigger
13. that is an important thing

Téipscript: Guth an phobail: Na Gaeil Óga – líon na bearnaí

Éist leis an mír arís agus líon na bearnaí sa téipscript thíos.

Agus fanfaidh muid leis na cluichí Gaelacha inár _____ de ghuth an phobail an tseachtain seo. _____ go Baile Átha Cliath agus chuig an t-aon chlub CLG lán-Ghaelach taobh amuigh den Ghaeltacht. Foireann amháin peile do na fir a bhí ag an gclub _____ bliain ó shin ach tá peil na mban agus an iománaíocht á gcur chun cinn anois freisin.

Táimid i gceartlár Bhaile Átha Cliath i _____ ag ceann de na chéad traenálacha iománaíochta ag na Gaeil Óga. Thosaíomar leis an iomáint, nó cineál ag réiteach don iomáint coicís nó mar sin ó shin anois.

Thosaigh na Gaeil Óga mar chumann peile ar dtús agus ansin tháinig mé féin suas ag tús na bliana ach, is dócha, bhí sé sna pleananna ag na leaids go mbeadh foireann iománaíochta acu leis agus tá an-suim agam féin san iománaíocht mar gurb as Port Láirge dom, Rinn Ó gCuanach, _____ atá agam féin agus bhí an-suim agam féin rud éigin a chur le chéile.

I mbliana tá an _____ peile againn agus tá an painéal _____ níos mó agus chomh maith leis sin tá _____ againn sa pheil agus tá siad sin ag imirt leo.

Is as Baile Bhuirne i gContae Chorcaí domsa ó dhúchas agus nuair a bhogas go Baile Átha Cliath anuraidh ní raibh _____ sa chathair go háirithe Gaeilgeoirí sa chathair mar sin do chualas faoin gcumann anseo, do tháinis anseo maidin Domhnaigh áirithe agus táim fós anseo agus tá aithne agam ar _____ duine anois is dócha i lár na cathrach agus Gaeilgeoirí is ea iad ar fad agus measaim go bhfuil pobal ana-dheas againn i lár na cathrach, i lár cathair mhór cosúil le Baile Átha Cliath agus _____ domsa.

Bhuel is as Ciarraí dom ó dhúchas ach táim i mo chónaí thuas anseo le trí bliana anuas agus táim ag freastal ar an ollscoil thall sa COBÁC, UCD agus tá roinnt de mo chairde bainteach leis an gclub ónar thosaigh sé anuraidh agus _____ amach ag traenáil. Níor cheapas riamh go mbeinn ag imirt peile nó aon rud mar sin ach táim ag baint an-sult as anois.

Bhuel táimid ag iarraidh leanúint orainn mar atá muid ar aon nós leis an bpeil agus le peil na mban. Táimid ag iarraidh foireann iomána agus foireann camógaíochta a bheith againn. Faoi láthair táimid ag imirt i bpáirceanna cineál gur le dreamanna eile iad ach sin mar a thosaíonn gach aon chumann amach is dócha ach táimid ag iarraidh _____ agus go mbeimis ar nós aon chlub eile.

D: Dul siar ar bhriathra agus réamhfocail (Taitin + le)

(Moodle: Quiz 3)

Déan iarracht Gaeilge a chur ar na frásaí thíos, ag baint úsáid as an mbriathar 'taitin'. Bí cúramach – tá an briathar seo ar cheann de na briathra is mó a mbíonn deacrachtaí ag foghlaimeoirí leis!)

- Did you enjoy the hurling match? I did.
- I enjoyed it.
- They enjoyed it.
- They didn't enjoy the game.
- I really enjoy watching sport on TV.
- I like living in a small town and I love playing with my local team.
- I don't think I'd enjoy playing with that club.

E: Cleachtadh foghraíochta: d caol agus leathan

Abair na habairtí seo thíos amach os ard, ag déanamh cúraim den d leathan agus d caol.

- **D**'imir mé peil.
- **D**'iarr sí orm **de**ich euro a thabhairt **di**.
- **D**éarfainn go bhfuil siad ag traenáil go **dian**.
- **D**'fhág mé é ag **do**ras an ionaid spóirt.
- **D**'fhoghlaim mé an **do**rnálaíocht nuair a bhí mé dhá bhliain **déag d'**aois.
- **D**úirt an bainisteoir liom **dul** abhaile.

F: Obair ghrúpa:

Tá tú ag iarraidh a bheith i do bhall de *Na Gaeil Óga* agus tá tú ag iarraidh ar chara leat é a dhéanamh leat. Níl sé/sí róchinnte faoi. Scríobh teachtaireacht *Facebook* chuige/chuici ag míniú na mbuntáistí ar fad a bhainfeadh le himirt leo agus ag tathant air/uirthi teacht chuig an gcéad seisiún traenála leat an tseachtain seo chugainn.

G: Obair bhaile:

- Tasc 4: Litir fhoirmiúil
- Ullmhúchán do cheardlann 12: Léigh an t-alt atá i gCeardlann 11, An Gael a spreag McGregor, agus déan Quiz 1 agus Quiz 2 ar Moodle.

Stór focal: Cúrsaí Spóirt

Cineálacha spóirt

Camógaíocht
Iománaíocht
Peil Ghaelach
Dornálaíocht
Haca
Rásaíocht chapall
Na healaíona comhraic measctha
Rothaíocht
Lúchleasaíocht
Cispheil
Rugbaí

Téarmaíocht ghinearálta spóirt

Cúl
Cúilín/ Pointe
Úd
Cúl báire
Tosaí/tosaithe
Cosantóir
Réiteoir
Lár na páirce
Cluiche leathcheannais
Cluiche ceannais
Na mionúir
Na sinsir
Sraith (m.sh. sraith na seaimpíní)
Léig
Na Cluichí Oilimpeacha
Leath ama
Comhscór
Toradh maith
Tráchtair spóirt
An tráchtairacht
Craoladh beo
Buaiteoirí
An cluiche a bhuachan/a chailleadh
Na buaicphointí
Laoch na himeartha
Lucht tacaíochta
Lucht leanúna

Ceisteanna bainteach le cúrsaí spóirt

- An imríonn tú le club nó le foireann? (Imríonn/ Ní imríonn)
- An bhfuil aon phearsa spóirt a bhfuil meas agat air/uirthi?
- An maith leat dul chuig cluichí? (Is maith/ Ní maith)
- An ball tú de Chumann Lúthchleas Gael? (Is ea/ Ní hea)
- An duine aclaí tú? (Is ea/ Ní hea)
- Céard a dhéanann tú le tú féin a choinneáil aclaí?

Abairtí úsáideacha bainteach le cúrsaí spóirt

- Tá mé i mo bhall den chlub iománaíochta anseo san ollscoil.
- Bím ag traenáil uair amháin/ dhá uair/ trí huair sa tseachtain.
- Tá mé ag imirt peile le 8 mbliana anuas.
- Níl mórán suime agam i gcúrsaí spóirt.
- Níl suim dá laghad agam i gcúrsaí spóirt.
- Ní thaitníonn an spóirt sin liom.
- Is spóirt foréigneach é.
- Tá mé chun féachaint ar an gcluiche/ Tá mé chun dul chuig an gcluiche.
- Ba chóir dom dul chuig an ionad aclaíochta/ spórtlann níos minice.
- Tá mé chun níos mó aclaíochta a dhéanamh.
- Caithfidh mé peil a imirt.
- Caithfidh mé ticéad a cheannach don chluiche ceannais.

*N.B. spóirt = uatha (m.sh. Tá suim mhór agam sa spóirt)
spóirt = iolra nó ginideach uatha (m.sh. Tá suim agam i gcúrsaí spóirt)

Ceardlann 11: Spórt agus Aclaíocht (ar lean)

Inniu:

- Réamhphlé faoi na healaíona comhraic measctha agus faoi Conor McGregor
- Dul siar ar chleachtaí B agus C agus codanna den alt a léamh arís, más gá
- Pointe gramadaí an lae: An t-ainm briathartha

A: Réamhphlé:

1. Céard iad na healaíona comhraic measctha agus cad atá ar eolas agat fúthu?
2. Céard atá ar eolas agat faoi Conor McGregor? Cén sórt duine é?
3. Cé na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leis an ECM mar spórt, dar leat?

B: Léitheoireacht:

(Moodle – Quiz 1)

Beidh tú ag léamh ailt anois faoi Tom Egan agus faoi na healaíona comhraic measctha. Léigh an t-alt agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Cén tábhacht a bhain le troid Tom Egan san O2 i mí Eanáir, 2009?
2. Cén bhaint atá ag Tom Egan le Conor McGregor?
3. Cén tuairim atá ag Ray D’Arcy faoin UFC, de réir an ailt?

An Gael a spreag McGregor, Bunaithe ar alt le Méabh Ní Thuathaláin, 11ú Iúil 2015, www.nos.ie

*Anocht troidfidh Conor McGregor sa chluiche is mó ina shaol troda go dtí seo agus é **ag dul chun comhraic** le Chad Mendes as California le haghaidh Theideal Domhanda **Cleitmheáchain** UFC. Is cainteoir líofa Gaeilge é an fear a spreag an Notorious agus an t-arm de throdaithe nua Éireannacha atá ag cothú stoirme i saol UFC i láthair na huaire. Labhair Méabh Ní Thuathaláin le Tom Egan.*

Sé bliana ó shin, i lár Eanáir 2009, leag Tom Egan a chos isteach in **ochtagán** an O2 i mBÁC, a chathair dhúchais, dá chéad troid ar **ardán** *Ultimate Fighting Championship*. Seans gurb é an rud is suntasaí faoin chéad chluiche sin ná **an lorg** a d’fhág sé ar Conor McGregor. Bhí seanaithne ag Tom agus Conor ar a chéile ó Choláiste Cois Life, scoil lán-Ghaeilge i Leamhcán ina raibh siad **beirt** mar dhaltaí. “Chuala mé Conor faoi agallamh i mbliana ag tagairt don chéad troid a bhí agam mar **throdaí** UFC agus ní raibh **barúil** agam ag an am go ndeachaigh mé i bhfeidhm air,” arsa Tom. “Cúig bliana ar aghaidh bím ag traenáil le Conor agus tá seisean anois ag tabhairt spreagadh domsa agus do go leor daoine eile.”

Leagann Tom béim ar leith ar **chúrsaí fealsúnachta** agus spioradáltachta agus é ag plé ECM. “Mar throdaí, cuireann tú aithne dhochreidte ort féin,” a mhíníonn sé. “Caithfear disciplín a chothú, do chorp agus spiorad a láidriú, muinín a fhorbairt agus caithfear a bheith ‘istigh ann’ céad faoin gcéad.”

An samhradh seo caite spreagadh díospóireacht in Éirinn i ndiaidh do Ray D’Arcy agallamh a chur ar an trodaí Cathal Pendred, a bhí díreach tar éis a chéad bhua UFC a thabhairt leis. Dhírigh D’Arcy cuid mhaith den chaint ar **bhrúidiúlacht** na gcluichí, á rá gur **spórt foréigineach** é, agus lean **plé teasaí** ar Twitter dá bharr. **Aineolas agus easpa tuisceana** ba chúis leis an **cháineadh**, dar le Tom. “Tá taobh den spórt nach luíonn rómhaith le roinnt daoine,” ar seisean. “Tá muid ag caint ar bheirt i gcaighean ag déanamh dochair dá chéile.” “Ní gá ach breathnú ar an aistriúchán Gaeilge ar ‘Ultimate’. “Is é atá ann ná ‘deireanach’ nó ‘deiridh’, focail a chothaíonn an íomhá d’iomaitheoirí á mbualadh go dtí nach féidir leo iad féin a chosaint a thuilleadh.”

Cibé tuairim a bheadh ag duine ar an chluiche féin, tá sé deacair gan ardmheas bheith agat ar leithéidí McGregor mar fhear spóirt, mar **lúthchleasaí tiomanta** atá **díríte ar bharr a cheirde a bhaint amach**. Ní hamháin go bhfuil an Notorious **ag tarraingt clú air féin** ach ar UFC fosta – tá a

throid anocht in Las Vegas i gcoinne Chad Mendes ar an troid is luachmhaire riamh i stair an spóirt, \$7.1 milliún. “Má chreideann tú ionat féin, céad faoin gcéad, má chreideann tú **go bhfuil sé tuillte agat** agus má chuireann tú an obair chrua isteach, beidh leat”, arsa Tom. “Sin bunús Conor, agus is mór an spreagadh é, ní hamháin i réimse an spóirt ach i réimse an tsaoil iomláin. “Is **eiseamláir** an-mhaith saoil é, go háirithe do dhaoine óga in Éirinn.”

Ar ndóigh is iomaí íomhá atá ag Conor McGregor, é gléasta in amanna mar throdaí samúraí ag spalpadh mhantraí Bruce Lee nó mar fhear uasal in éidí snasta. Ach is Gael é chomh maith, agus aithníonn Tom go bhfuil deis ag Conor an Ghaeilge a chur chun cinn, deis atá á tapú aige níos minice de réir a chéile. Labhair sé as Gaeilge ag **preasócaid** i mBaile Átha Cliath i mí an Mhárta agus díreach cúpla lá ó shin dúirt sé “Póg mo thóin” beo ar theilifís na Stát Aontaithe. “Bím ag iarraidh brú a chur air níos mó Gaeilge a úsáid,” arsa Tom. “Tá an teachtaireacht sin ag dul i bhfeidhm air agus bheinn ag súil le tuilleadh Gaeilge, agus tuilleadh buanna ag teacht uaidh amach anseo.” Níl mórán ann a **chuirfeadh geall ina éadan** sin anocht.

C: Stór focal:

- Féach ar na focail a bhfuil cló trom orthu sa téacs agus déan iarracht iad a mhíniú. **(Moodle – Quiz 2)**
- Roghnaigh 10 bhfocal nó frása a cheapann tú a bheadh úsáideach duit féin agus déan iarracht iad a fhoghlaim. Cuir in abairtí nua iad lena mbrí a léiriú.

1. _____
2. _____
3. _____
4. _____
5. _____
6. _____
7. _____
8. _____
9. _____
10. _____

D: Gramadach:

(Pointí gramadaí le roghnú ag an teagascóir ón liosta thíos, bunaithe ar riachtanais na mac léinn.)

1. Dul siar ar an gclaoinsint:

Cuir na frásaí 'Maíonn an t-údar...', 'Is cosúil ...', nó 'Dúirt Tom ...' roimh gach ceann de na habairtí seo ón téacs, agus déan cibé athrú is gá.

- Aithníonn siad ar fad gurb é Tom a bhí mar spreagadh acu.
- Caithfear disciplín a chothú.
- Dhírigh D'Arcy cuid mhaith den chaint ar bhrúidiúlacht na gcluichí.
- Ba é Tom an t-aon duine in Éirinn a bhí ag troid ag leibhéal UFC.
- Ba dheis den scoth í.
- Is mór an cuidiú é.
- Níorbh í sin an chéad uair a ardaíodh an cheist.
- Is é atá ann ná 'deireanach' nó 'deiridh'.
- Is eiseamláir an-mhaith saoil é.
- Is Gael é.

2. "Níl aon amhras go bhfuil Conor **ar dhuine de na laochra móra** atá ag UFC anois.

Cén Béarla atá ar an abairt seo thuas? Cuir Gaeilge ar na habairtí seo a leanas, ag baint úsáid as an struchtúr céanna.

- Bono is one of the most famous musicians in Ireland.
- I think that Rory McIlroy is one of the best golfers in the world.
- Micheál Ó Muircheartaigh is one of the best sports commentators in Ireland.
- Ireland is one of the best rugby teams in Europe.
- I think hurling is one of the fastest sports in the world.
- There is no doubt but that Tipperary is one of the big hurling counties.
- The All-Ireland Football Final is one of my favourite events of the year.

3. Ceacht gramadaí do Conor McGregor:



Tá mé chun ~~buail~~ é

- a. Féach ar an bhfíseán seo d'agallamh gearr a rinneadh le Conor McGregor ina ndéanann sé iarracht Gaeilge a labhairt: <https://youtu.be/5kKn VA8Pe4>

Mar a chloisfidh sibh, tá deacracht ag Conor le struchtúr bunúsach na habairte sa Ghaeilge. Cén struchtúr é sin? Ceartaigh an botún agus déan iarracht é a mhíniú.

- b. Cén difríocht atá idir an dá abairt seo, ó thaobh brí agus struchtúir de?
- Tá mé chun **Floyd Mayweather a bhualadh**.
 - Tá mé chun **bualadh le Floyd Mayweather**.

c. Anois, déan na cleachtaí thíos, ag leanúint na bpatrún céanna:

Modh ordaitheach	Struchtúr infinideach leis an ainm briathartha
• Buail é!	Tá mé chun _____.
• Déan níos mó aclaíochta!	Tá mé chun _____.
• Imir peil!	Caithfidh mé _____.
• Buaigh an corn!	Dúirt an bainisteoir linn _____.
• Tar go dtí an cluiche!	Dúirt Daire liom _____.
• Caith geansaí peile!	Tá sé ar intinn agam _____.
• Ceannaigh ticéad don chluiche ceannais!	Caithfidh mé _____.
• Ná caill meáchan!	Dúradh liom _____.
• Ná cuir suas meáchan!	Dúirt an dochtúir liom _____.
• Faigh ticéad dó!	D'iarr Seán orm _____.
• Buail linn ag Páirc an Chrócaigh!	Ba chóir duit _____.
• Téigh chuig an ionad aclaíochta!	Ba chóir duit _____.
• Ná féach ar an gcluiche sin!	Mhol sé dom _____.
• Tóg meáchain!	Dúirt an traenálaí liom _____.
• Bí i do bhall de chlub spóirt!	Ba cheart duit _____.
• Ná héist le ceol nuair agus tú ag rothaíocht!	Mholfainn duit _____.

d. Críochnaigh na habairtí seo le frásaí infinideacha atá fíor duitse:

- Caithfidh mé ...
- Ba mhaith liom ...
- Tá mé ag iarraidh ...
- Tá mé chun ...
- Tá sé ar intinn agam ...
- Tá sé i gceist agam ...
- Bíonn mo chuid cairde i gcónaí a rá liom ...

e. Smaoinigh ar an gcomhairle/ar na horduithe a thugadh do thuismitheoirí duit nuair a bhí tú óg. Déan liosta, m.sh.

Dúirt m'athair liom dul a chodladh go luath.

Dúirt mo mháthair liom gan an iomarca ama a chaitheamh ar an idirlíon.

4. Ainm briathartha + forainm (á + ainm briathartha)

An bhfuil a fhios agat cén Ghaeilge atá ar 'hitting him'? Féach ar na nótaí faoin ainm briathartha ar an gcóras ceartúcháin mura bhfuil tú cinnte, agus ansin bain amach na lúibíní sna habairtí thíos.

- Bhí Conor (ag bualadh + é)
- Bhí Katie Taylor (ag bualadh + í)
- Tá mé (ag déanamh + é)
- Tá sí (ag fáil + é)
- Bhí muid (ag buachan + iad)
- Bhí foireann na hÉireann (ag cailleadh + iad)
- Bhí mé (ag imirt + é)
- Bhí sí (ag imirt é)
- Beidh sé (ag athrú + iad)


Seo trí shampla de ‘á’ + ainm briathartha sa téacs. An féidir leat iad a mhíniú?

- *Tá an toradh á bhaint anois.*
- *Ach is Gael é chomh maith, agus aithníonn Tom go bhfuil deis ag Conor an Ghaeilge a chur chun cinn, deis atá á tapú aige níos minice de réir a chéile.*
- *Is é atá ann ná ‘deireanach’ nó ‘deiridh’, focail a chothaíonn an íomhá d’iomaitheoirí á mbualadh go dtí nach féidir leo iad féin a chosaint a thuilleadh.*

An raibh a fhios agat?

An raibh a fhios agat go n-úsáidtear an t-ainm briathartha i bhfad níos minice ná mar a úsáidtear aon fhoirm eile den bhriathar sa Ghaeilge? Mar shampla, seo minicíocht na húsáide a bhaineann leis an mbriathar ‘déan’ i Nua-Chorpas na hÉireann:

Minicíocht úsáide (%) na bhfoirmeacha éagsúla den bhriathar 'déan' i Nua-Chorpas na hÉireann



Ciallaíonn sé seo go n-úsáidtear an t-ainm briathartha dhá uair chomh minic leis an aimsir chaite agus ceithre huair chomh minic leis an aimsir láithreach agus leis an aimsir fháistineach. Tá sé tábhachtach a bheith in ann é a úsáid mar is ceart mar sin!!

E: Iarphlé:

- An dóigh libh gur dea-eiseamláir é Conor McGregor do dhaoine óga in Éirinn?

F: Obair bhaile:

- Cuid de na cleachtaí thuas a chríochnú (más gá)
- Ullmhúchán do Cheardlann 12: Léigh **Caibidil 1** den leabhar ‘Gluaiseacht’.

Bain úsáid as an **ngluais** atá ar fáil ó www.clubleabhar.com (ar Moodle) le cabhrú leat, más gá.

Agus tú á léamh, aibhsigh (*highlight*) eolas/fianaise atá tábhachtach, dar leat, agus a bhaineann leis na pointí seo a leanas:

1. **stór focal** (m.sh. focail nó frásaí nua, focail/frásaí nach dtuigeann tú srl.). Leid: D'fhéadfá an leagan Béarla a scríobh isteach os a gcionn, dá mba mhaith leat.
 2. **príomheachtraí an scéil** (m.sh. cad atá ag tarlú sa chéad chaibidil?);
 3. **cúlra, comhthéacs agus suíomh** an scéil (m.sh. cá bhfuil an scéal suite? Comhthéacs sóisialta/polaitiúil an scéil);
 4. **téamaí**;
 5. **carachtair** (m.sh. cé hiad na príomhcharachtair sa chéad chaibidil? Cé na tréithe atá acu?);
 6. **stíl** na scríbhneoireachta (m.sh. na teicnící scríbhneoireachta a mbaineann an t-údar úsáid astu).
- Déan Quiz 2: Stór Focal ar Moodle

Ceardlann 12: An tÚrscéal ‘Gluaiseacht’, le hAlan Titley.

Inniu:

- *Dul siar ar Stór Focal na chéad chaibidle*
- *An Ghrinnléitheoireacht & Treoir don Anailís Liteartha*
- *Dialann léitheoireachta a phlé i ngrúpaí*

A: Stór Focal:

(Moodle: Quiz 2)

An cuimhin leat céard is brí leis na focail agus frásaí thíos ón gcéad chaibidil? Déan iarracht an Béarla a scríobh isteach, gan féachaint siar ar an nGluais!

Gaeilge	Béarla
gluaiseacht	
tobar	
chomh seang leis an maide	
meigeall	
drochaoibh	
sceacha	
scéin	
maorga	
geonaíl	
sodar an chapail	
earc luachra	
amhail is gur ...	
féasóg a n-oirfeadh cíor di	
gaineamhlach	
aibhneacha fola	
go sollúnta	
ag ligean orm	
ling a shúile orm	
d'fháisc	
gabhar	

B: Grinnléitheoireacht:

(a) Féach ar an gcur i láthair ‘Grinnléitheoireacht: Cur i láthair’ ar lch Moodle MC: NG100 agus féach siar ar an **Treoir don Anailís Liteartha (Moodle)**.

(b) Cuir Gaeilge ar na focail/frásaí seo a leanas, a bhaineann leis an ngrinnléitheoireacht **(Moodle: Quiz 2)**

Gaeilge	Béarla
achaimre	
ceangal	
snáitheanna éagsúla an scéil	
tréimhse ama	
comhthéacs stairiúil	
comhthéacs cultúrtha	
comhthéacs sóisialta	
Príomhthéama	
Fothéamaí	
cuspóir an údair	
teachtaireacht an scéil	
Mothúcháin	
Forbairt	
Mioncharachtair	
Éifeachtach	
Réalaíoch	
Inchreidte	
Léargas	
an duine daonna	
an tsochaí	
a chur in iúl	
aird an léitheora	
Scéalaí	
tús tobann	
casadh sa scéal	
bearnaí sa scéal	
Friotal	
Buanna	
Laigí	

C: Obair Ghrúpa: Dialann Léitheoireachta

Cuirfidh do theagascóir i **ngrúpa léitheoireachta** thú ar ball, agus beidh ort na ceisteanna atá luaite sa Dialann Léitheoireachta a phlé le do ghrúpa agus freagraí a scríobh le chéile. Is féidir an cháipéis a roinnt eadraibh (m.sh. é a shábháil chuig an Onedrive agus é a roinnt le chéile), ionas gur féidir le gach duine a bheith páirteach agus na freagraí á scríobh agaibh.

Féach ar an eolas/bhfianaise atá aibhsithe agat sa leabhar agus ar an Treoir don Anailís Liteartha (Aguisín 1) le cabhrú leat do chuid smaointe agus tuairimí a chur in iúl.

Roghnaigh urlabhraí le hachóimre a dhéanamh ar na príomhphointí a phléigh sibh le chéile .

Dialann Léitheoireachta

1. Príomheolas faoin leabhar:

Cén sórt leabhair é seo? Cé hé an t-údar? Cén uair a foilsíodh é?

2. Cé na focail / fráasaí nua a d'fhoghlaim tú ón gcaibidil seo? Déan liosta.

3. Plota: Céard a tharlaíonn sa chaibidil seo? Tabhair achoimre ar phlota/ phríomheachtraí an scéil. (*Leid: Scríobh san aimsir láithreach.)

4. Cúlra, comhthéacs agus suíomh:

- Cá bhfuil an scéal suite sa chaibidil seo? An dtugtar aon eolas faoi leith dúinn faoin áit?
- An dtugtar aon léargas dúinn ar an gcomhthéacs stairiúil, sóisialta, polaitiúil nó cultúrtha atá i gceist?

5. Téamaí:

- Céard é príomhthéama na caibidle seo? An bhfuil aon fhothéamaí i gceist?
- Céard iad na mothúcháin a nochtann an scríbhneoir?
- An bhfuil teachtaireacht faoi leith á cur in iúl ag an údar?

6. Carachtair:

- Cé hiad na carachtair atá sa chaibidil seo? Cé hé an príomhcharachtar agus cé hiad na mioncharachtair? Cén gaol atá eatarthu? Céard a fhoghlaimimid sa chaibidil seo faoi na tréithe a bhaineann leo? An dtagann aon athrú nó aon fhorbairt ar na carachtair?
- An carachtair éifeachtacha iad, dar leat? An bhfuil siad réalafóich/ inchreidte?
- An dtugann siad léargas ar an duine daonna nó ar an tsochaí lena mbaineann siad?

7. Stíl na scríbhneoireachta:

- Conas a chuirtear an scéal, na téamaí, na carachtair, srl., os ár gcomhair?
- An úsáideann an t-údar aon cheann de na teicnící seo a leanas? An chéad phearsa/an tríú pearsa, tús obann, casadh sa scéal, bearnaí eolais, íomhánna, athrá, meafair agus samhlacha, áibhéil?
- Cén éifeacht a bhaineann leo?

8. Breithiúnas agus freagairt phearsanta:

- Ar bhain tú taitneamh as an gcaibidil seo a léamh?
- An raibh sé deacair/ éasca é a léamh agus a thuiscint?
- Conas a mhothaigh tú agus tú á léamh, nó conas a chuaigh an scéal i bhfeidhm orm? Ar chuir sé ag smaoineamh tú?
- Cé na buanna agus laigí a bhain leis an scéal go dtí seo, dar leat?

D: Obair bhaile:

- Léigh Caibidil 2 den leabhar
- Scríobh Dialann Léitheoireachta arís, leat féin, gan cabhair ó do ghrúpa.
I gCeardlann 13, iarrfar oraibh dul isteach sna grúpaí arís agus plé a dhéanamh ar na freagraí atá scríofa agaibh, féachaint an bhfuil na tuairimí céanna agaibh, nó an bhfuil tuairimí éagsúla ag daoine éagsúla.

Ceardlann 13: Cumainn agus Clubanna

Inniu:

- Plé agus obair ghrúpa faoi chlubanna agus cumainn
- Gramadach: Inscne an ainmfhocail agus/nó dul siar ar struchtúr na copail
- Obair bhaile le plé (Féach ar an gclár oibre ag tús an leabhráin agus ar an nóta ag deireadh an cheachta seo.)

A: Réamhphlé:

- An bhfuil tú i do bhall d'aon chlub nó aon chumann? Má tá...
 - Céard a dhéanann sibh?
 - Cé chomh minic a thagann sibh le chéile (traenáil, cruinnithe)?
 - Cé mhéad ball atá ag an gclub?
 - An bhfuil coiste i gceannas air? Cén ról faoi leith atá ag na baill éagsúla den choiste?
 - Cén fáth ar chuir tú spéis sa chlub sin?
 - An bhfuil buntáistí agus míbhuntáistí ag baint le bheith i do bhall?

B: Cuir ainmneacha na gclubanna agus na gcumann sna boscaí cuí thíos: (Moodle: Quiz 1)

Amnesty	Naomh Uinseann de Pól	An cumann meabhairshláinte
An club díospóireachta	FemSoc – An cumann feimineach	Ógra Fianna Fáil
An cumann aipse	An club trampailíneachta	An cumann mórtais
Club Disney	Club Hogwarts	An cumann Tae
An cumann fichille		

Ainm an chlub	Sprioc
	Is é sprioc an chlub seo spórt neamhghnách a chur chun cinn agus cur le sláinte na mac léinn.
	Is é aidhm an chumainn seo airgead a bhailiú do dhaoine atá buailte ag galar coirp a bhfuil tionchar aige ar go leor teaghlach in Éirinn.
	Is é aidhm an chumainn seo daoine a thabhairt le chéile le go mbeidh siad in ann suí síos, cupán tae a ól agus comhrá a bheith acu.
	Is é sprioc an chlub seo feasacht a ardú maidir le cearta daonna timpeall an domhain.
	Is é aidhm an chumainn seo feasacht a ardú maidir leis na fadhbanna intinne a bhíonn ag roinnt mac léinn.
	Is é aidhm an chumainn seo a bheith ag tiomsú airgid agus ag obair ar mhaithe le daoine atá gan dídean nó daoine atá ag fulaingt mar gheall ar an mbochtanas.
	Is é sprioc an chlub seo scannáin bheochana a thaispeáint go rialta san ollscoil.
	Is é aidhm an chumainn seo daoine a bhfuil spéis acu i bpáirtí polaitíochta faoi leith a thabhairt le chéile.
	Is é sprioc an chumainn seo combhionannas do gach gnéaschlaonadh a chur chun cinn san ollscoil.
	Is é aidhm an chlub seo daoine a thabhairt le chéile chun go mbeidh siad in ann cur agus cúiteamh a dhéanamh ar thopaicí faoi leith a bhíonn conspóideach uaireanta!
	Is é sprioc an chumainn seo aird a tharraingt ar nithe a bhaineann le combhionannas inscne agus le cearta na mban.
	Is é sprioc an chlub seo lucht leanúna sraith áirithe scannán a thabhairt le chéile ar bhealaí taitneamhacha.

Is e sprioc an chumainn seo daoine a thabhairt le chéile a bhfuil suim acu i gcluiche cláir faoi leith.

C: Stór focal: Anois, an cuimhin libh an Ghaeilge a bhí ar na focail seo a leanas: **(Moodle: Quiz 2)**

1. human rights
2. fundraising
3. homeless
4. controversial
5. to raise awareness
6. mental health
7. equality
8. gender
9. feminism
10. cancer

D: Obair ghrúpa: Féachai gí ar an eolas thíos faoi cheithre chlub agus ceathrar mac léinn agus déanaigí iarracht gach mac léinn a mheaitseáil leis an gclub ab oiriúnaí dóibh. Tugaigí trí chúis ar a laghad le bhur gcinntí a mhíniú.

(a) An Cumann Díospóireachta

Tagann an cumann seo le chéile faoi dhó sa tseachtain, ar an Luan agus ar an gCéadaoin. Is minic a bhíonn sé ina throid idir baill an chumainn féin, mar is annamh a aontaíonn an bheirt atá i gceannas an chumainn lena chéile. Tá saol maith sóisialta ag baill an chumainn seo agus téann siad amach tar éis an teacht le chéile ar an gCéadaoin.

(b) An Cumann Tae

Ní cheadaítear aon alcól ag na cruinnithe a bhíonn ag an gcumann seo. Tá baill an chumainn sách réchúiseach agus is breá leo a bheith ina suí timpeall ar feadh uaireanta an chloig ag labhairt ar chúrsaí reatha. Ní théann siad amach go dtí na pubanna ach is minic leo a bheith ag dul ar cuairt ag a chéile agus ag ól neart tae!

(c) Club Disney

Tagann baill an chlub seo le chéile faoi thrí sa tseachtain. Is daoine cairdiúla, glóracha iad an chuid is mó acu agus téann siad chuig an bpictiúrlann go mion minic. Mar sin, bheadh go leor ama ag teastáil ó dhuine a bheadh ag iarraidh a bheith páirteach sa chlub seo. Tá pearsantachtaí láidre ag roinnt daoine sa chlub agus mar sin is minic nach mbíonn seans cainte ag chuile dhuine!

(d) An Cumann Fichille

Tagann an cumann seo le chéile uair amháin in aghaidh na seachtaine. Réitíonn baill an chumainn go han-mhaith lena chéile agus bíonn seisiúin cheoil acu ó am go ham fiú! Tá an chuid is mó de na baill an-réchúiseach agus flaithiúil freisin agus is minic le huachtarán an chumainn cúpla buidéal fíona nó bosca beorach a chur ar fáil. Tá cultúr láidir óil ag baint leis an gcumann seo agus tá sé daor go maith chun a bheith i do bhall de, mar gheall go gcaithfear airgead a thabhairt go rialta chun íoc as na hoícheanta sóisialta a bhíonn acu!

1. Seo é **Séan**. Is duine ciúin, cúthail é nuair a chasann sé ar dhaoine ar dtús ach is breá leis a bheith ag plé cúrsaí an tsaoil leis an dream a gcuireann sé aithne mhaith orthu. Tá sé ag déanamh staidéir ar an Antraipeolaíocht agus ar an tSocheolaíocht. Ní maith leis a bheith ag dul amach go rómhínic agus níl mórán suime aige i gcúrsaí óil. Níl mórán cairde aige san ollscoil go fóill agus tá sé ar thóir áit éigin a bhféadfadh sé aithne a chur ar dhaoine a bheadh ar aon dul leis féin.



2. Seo í **Síle**. Réitíonn sí go maith le go leor cineálacha éagsúla daoine. Níl aon chaitheamh aimsire aici faoi láthair agus níl aon suim aici i gcúrsaí spóirt. Is duine glórach go maith í Síle agus tá a grúpa cairde sa bhaile ar an gcaoi chéanna. Ba mhaith léi a bheith páirteach i gclub nó i gcumann éigin mar nach mbíonn rud ar bith ar bun aici sna tráthnónta i rith na seachtaine.



3. Seo í **Róisín**. Tá sí i mbun staidéir ar an gCeol agus ar an nGaeilge. Is duine an-chairdiúil- agus lách í Róisín. Níl mórán ama aici an seimeastar

seo de bhrí go bhfuil sí i mbanna ceoil a bhíonn ag seinm sna tráthnónta. Tuilleann sí neart airgid mar tá an-cháil ar a banna ceoil. Ba bhreá léi an seans a fháil a bheith páirteach i gclub éigin a mbeadh suim acu teacht le chéile agus cúpla deoch a ól (rud nach mbíonn seans aici féin a dhéanamh nuair a bhíonn sí ag seinm ceoil.)



4. Seo é **Micheál**. Tá sé i mbun staidéir ar an bPolaitíocht faoi láthair. Is duine ciúin, éirimiúil,

cliste é Micheál ach cé go bhfuil sé ciúin labhraíonn sé amach i gcónaí má chreideann sé gur cheart dó a chuid tuairimí a roinnt. Is duine é Micheál a bhfuil go leor muiníne aige as an rud a chreideann sé féin agus bíonn sé in ann a chuid pointí a chur trasna ar bhealaí soiléire agus cliste.

E: Gramadach: (Ba cheart don teagascóir ceann amháin den dá phointe thíos a roghnú.)

1. An cuimhin leat cén Ghaeilge a bhí ar na habairtí seo a leanas ón tasc thuas:

- The aim of this club is to raise awareness of mental health problems.
- The aim of this society is to bring people together.
- The goal of this group is to draw attention to issues relating to women's rights.
- The goal of this club is to raise money for the homeless.

Anois, bain triail as na cinn seo a leanas:

- My goal (The goal that I have) is to get good results in my exams.
- My goal is to exercise three times a week.
- My biggest goal is to get to know more people.
- His biggest goal is to be a teacher.
- Her biggest goal is to travel all over the world.
- Our biggest goal is to spend less money and save more.

Pléigh: Cé na spriocanna is mó atá agatsa i mbliana? Smaoinigh ar thrí cinn agus inis don duine in aice leat fúthu.

2. Inscne an ainmfhocail:

An bhfuil a fhios agat conas inscne an ainmfhocail a aithint? Seo roinnt treoracha:

Baininscneach	Samplaí	Eisceachtaí (Fir):
1. Rudaí atá baineann	máthair, iníon, deirfiúr, aintín	cailín
2. Tíortha, teangacha, aibhneacha	An Spáinn, An Fhraincis, An Life	Béarla, Sasana, Meiriceá
3. Focail a chríochnaíonn ar chonsain chaola	iris , sráid , cathair	focail a chríochnaíonn ar -eoir, -óir, -úir (gairmeacha beatha)
4. Focail a chríochnaíonn ar -lann, -óg/ -eog	ceardlann , leabharlann , bileog , féasóg	salann, anlann
5. Focail ilsiollacha a chríochnaíonn ar -acht, -íocht	filíocht , litríocht , teicneolaíocht , cuallacht , timpeallacht	bunrecht, comhlacht, imeacht

NB: Focail a chríochnaíonn ar ghuta: Má chríochnaíonn an focal ar *-áiste* (coláiste, garáiste, morgáiste, srl.) nó má chríochnaíonn ainm briathartha ar *-ú* (scrúdú, athrú, aistriú, cuidiú, socrú, méadú, srl.), bíonn sé firinscneach de ghnáth. I gcás focal eile a chríochnaíonn ar ghuta, áfach, bíonn sé deacair a bheith cinnte cén inscne atá acu. Mar sin, ba cheart an foclóir a cheadú sna cásanna sin.

Anois, déan iarracht a rá cén inscne atá ag na focail seo a leanas agus abair cá bhfios duit sin. Cuardaigh san fhoclóir iad le bheith cinnte go bhfuil an ceart agat. Tabhair faoi deara na litreacha a úsáidtear mar leideanna sna foclóirí. An dóigh leat go bhféadfadh na litreacha sin mearbhall a chur ar dhuine? Cén fáth?

Ainmfhocal	Inscne	Cá bhfios duit?
Socheolaíocht		
Feasacht		
Feimineachas		
Comhionannas		
Cumann		
Obair		
Polaitíocht		
Tuairim		
Am		
Meabhairshláinte		
Seachtain		
Gaeilge		
Saol		
Suim		
Pictiúrlann		
Duine		
Ollscoil		
Sprioc		
Pearsantacht		

F: Obair bhaile: Ullmhúchán do cheardlann 14. Éist leis an mír éisteachta atá ar Moodle agus déan Quiz 1 agus Quiz 2.

Ceardlann 14: Saol Sóisialta na hOllscoile

Inniu:

- Dul siar ar chleachtaí A agus B agus éisteacht leis an mír arís, más gá.
- Plé agus obair ghrúpa bunaithe ar shaol sóisialta na mac léinn.
- Gramadach: 'Taitin + le' agus/nó an tuiséal ainmneach, ag brath ar riachtanais an ranga.
- Obair bhaile le plé (Féach ar an gclár oibre ag tús an leabhráin agus ar an nóta ag deireadh an cheachta seo).

A: Stór focal:

Beidh sibh ag éisteacht ar ball le hOrlaith Ní Mheachair, mac léinn máistreachta in Ollscoil Mhá Nuad, ag caint faoina taithí féin ar an saol sóisialta san ollscoil. Sula n-éistfidh sibh leis an mír, déanaigí na cleachtaí seo thíos.

1. Ar chuala tú an focal 'airneán' riamh cheana? Céard a chiallaíonn sé? Mura bhfuil tú cinnte, déan é a chuardach ar www.teanglann.ie.
2. Déan iarracht Gaeilge a chur ar na focail agus frásaí seo thíos. Ansin, éist leis an mír den chéad uair agus aimsigh aon cheann díobh nach raibh agat. **(Moodle: Quiz 1)**
 - Wandering around aimlessly
 - Bousying around
 - As we got sense
 - We only went out the odd time
 - Hiding
 - Someone you knew
 - The noise, the upheaval and the trouble
 - The distinction
 - A little bit wild
 - It appears to me
 - A bad mentality
 - In a bad way
 - More mature
 - Unconscious

B: Éisteacht agus plé:

(Moodle: Quiz 2)

Éist leis an mír arís agus freagair na ceistanna seo thíos:

1. Cén t-athrú a tháinig ar shaol sóisialta Orlaith tar éis na chéad bhliana? Cén fáth?
2. Cén cineál oícheanta ba mhó a thaitin le hOrlaith? Cén fáth?
3. Cén fáth nár thaitin an club oíche, *Mantra*, chomh mór sin le hOrlaith? An aontaíonn tú léi?
4. Céard a deir Orlaith maidir leis an meon atá ag roinnt mac léinn i leith an alcóil agus iad ag tosú san ollscoil?
5. Céard a deir Orlaith maidir leis an ólachán i measc na gcailíní? An aontófá léi?

C: Plé (Obair bheirte):

- Déan cur síos ar an ngnáthóiche amuigh i Maigh Nuad, dar leat féin. Cé na hoícheanta is mó a dtéann mic léinn amach? Cé na háiteanna is mó a dtéann siad? Céard a bhíonn ar siúl?
- An dtaitníonn an saol sóisialta i Maigh Nuad leat? Cé na gnéithe is fearr agus is measa faoi?
- An gceapann tú go bhfuil ról lárnach ag an alcól i saol sóisialta na hollscoile? Míniú.

D: Obair ghrúpa:

Bígí ag obair i ngrúpaí de cheathrar.

Tá an ceathrar agaibh ag iarraidh dul amach le chéile an tseachtain seo, ach níl sibh ar aon tuairim maidir leis an áit a rachaidh sibh. Tá gach duine agaibh ag iarraidh dul chuig áit faoi leith:

Duine A ag iarraidh dul chuig an seisiún ceoil Tigh Bhrady;

Duine B ag iarraidh dul chuig ceolchoirm a bheidh ar siúl in Aontas na Mac Léinn;

Duine C ag iarraidh dul go dtí an club oíche sa *Roost*;

Duine D ag iarraidh dul chuig cóisir tí.

Tabhair trí chúis mhaithe don ghrúpa gurb í an áit sin an rogha is fearr agus luaigh cúpla fáth nár cheart daoibh dul chuig na háiteanna eile a luann siadsan.

E: Saibhriú teanga:

Céard is brí leis an bhfrása ‘Deoch an dorais’? An bhfuil aon nathanna cainte eile ar eolas agat a bhaineann le cúrsaí óil? Cuardaigh an focal ‘*drink*’ sna foclóirí www.teanglann.ie agus www.focloir.ie agus aimsigh roinnt frásaí nua a fhoghlaimoidh tú.

Frásaí nua a bhaineann le cúrsaí óil:

F: Gramadach: (Ba cheart don teagascóir ceann amháin den dá phointe thíos a roghnú.)

1. “An rud is mó a thaitin liom féin ná na hoícheanta airneáin.” “An maith leat ceol?”

Is minic a bhíonn deacrachtaí ag mic léinn leis na struchtúir ‘taitin + le’ agus ‘is maith/ ba mhaith”. Féach ar na habairtí thíos agus déan iarracht iad a cheartú.

Leagan mícheart	Leagan ceart
1. Thaitin na mic léinn go mór an ceol.	
2. Taitníonn na scoláirí an t-amhrán.	
3. Thaitin go mór linn an rang sin.	
4. Sin an rud a thaitin liom is mó.	
5. Is dócha nach thaitin sé linn dul go Mantra.	
6. Ba mhaith liom ag dul amach anocht.	
7. Is breá liom ag ól fíona.	
8. Ba mhaith leo na hamhráin.	
9. Is maith na mic léinn ceol.	
10. An mhaith leat clubanna oíche?	

2. Inscne an ainmfhocail agus an tuiséal ainmneach uatha:

An cuimhin leat conas ainmfhocal baininscneach a aithint?

Féach ar an liosta focal thíos ón gceacht seo agus déan iarracht a rá cén inscne atá acu.

“an bhliain”:

Cén fáth a gcuirtear séimhiú ar an bhfocal seo tar éis an ailt ‘an’?

An bhféadfá an t-alt ‘an’ a chur roimh na focail eile sa liosta seo? Tá leideanna sa bhosca ag bun an leathanaigh le cabhrú leat.

Ainmfhocal	Inscne	An +
bliain	baininscneach	an bhliain
saol		
Am		
idir dhealú		
Áit		
achrann		
oíche		
ceol		
cailín		
aiste		
bialann		
suim		
coláiste		
aois		
seanfhear		
aithne		
imeacht		
staighre		
pearsantacht		
tráthnóna		
Gaeilge		
seachtain		

An tuiséal ainmneach uatha: athrú ar thús an ainmfhocail tar éis an ailt ‘an’

Focal dar tús:	Firinscneach	Baininscneach
Consan	an fear	an bhean (+h)
Guta	an t-athair (+t-)	an iníon
S	an sagart	an tsiúr (+t, seachas ar sp, sc, st)
D/ T	an deartháir	an deirfiúr

G: Obair Bhaile agus ullmhúchán do Cheardlann 15:

- Tasc 5 le cur isteach an tseachtain seo chugainn
- Éist leis an mír fuaimne ‘Fóin Póca’ atá ar fáil ar Moodle agus déan Quiz 1 agus Quiz 2.

Téipscript:

Is dóigh nuair atá tú sa chéad bhliain go bhfuil níos mó de shaol sóisialta agat. Tá níos mó ama agat le bheith ag baibhséireacht thart ag déanamh tada agus ag, cineál, **ag imeacht thart go fánach** ó áit go háit. Nuair a bhí muid sa chéad bhliain, chuaigh muid amach go minic, b'fhéidir rómhinic, ach ansin, de réir mar a tháinig ciall agus aois chugainn, stop muid é sin agus ní bheadh muid ach a dhul amach **corruair**.

An rud is mó a thaitin liom féin ná na **hoícheanta airneáin** agus oícheanta ceoil *trad.* a bhíodh ar siúl Tigh Bhrady Dé Máirt, agus bhí sé go deas díreach a dhul ann agus bhíodh a fhios agat go mbeadh duine eicint ann a raibh aithne agat air agus duine eicint ann a mbeadh suim agus spéis acu sa rud céanna a mbeadh suim agus spéis agat féin ann. Ní bheadh ort bheith **ag ceilt** cé thú féin. Ní bheadh ort bheith a chur i bhfolach gur maith leat *trad.*, gur maith leat damhsa, gur maith leat ceol. Agus bhí sé *just* éasca bheith ag suí ann agus a bheith ag éisteacht leis an gceol agus bíonn sé sa taobh nach bhfeiceann daoine den teach tábhairne sin – *pub* na seanleids – agus bhí sé go hálainn bheith ag suí ag an mbeár agus bheith ag caint leis na seanfhir seo, bheith ag fáil amach cé hiad féin agus cárbh as iad agus na scéalta ... agus bhí siad féin chomh **toilteanach** céanna ó thaobh a bheith ag iarraidh fáil amach cé muid agus cén fáth a raibh muid anseo agus “An maith leat ceol?”, “Is maith liom ceol. An maith leat féin ceol?” ...

Is dóigh go bhfuil cineál sceidil oícheanta amach anseo againn i Maigh Nuad. Oíche Dé Luain, téann daoine, bhuel, formhór na ndaoine go *Mantra*, nó go *Cathedral*, mar atá aithne agaibh air anois, agus ansin, Dé Céadaoin, bíonn Tigh Bhrady agus ansin Déardaoin, bíonn an *Roost*. Ach is dóigh nár thaitin riamh linne bheith ag dul go *Mantra*. Is dóigh mar gheall gur as Conamara agus Ráth Chairn an formhór againn a bhí cairdiúil lena chéile anseo agus níor thaitin **an gleo agus an réabhadh agus an t-achrann** linn a bheadh ann, agus bheadh an oiread torainn agus ní bheifeá in ann a bheith ag caint le daoine ach thaitin Tigh Bhrady go mór linn, an chaoi go ndearnadh **an t-idirdhealú** idir an thíos staighre agus an thuas staighre. Agus go mbeifeá in ann a bheith ag caint agus ag comhrá thíos staighre agus go bhfeicfeá chuile dhuine ag tíocht isteach, agus ansin dá mbeifeá ag iarraidh dul ag damhsa, d'fhéadfá é sin a dhéanamh thuas staighre agus thaitin sé sin linne.

Braitheann sé go huile agus go hiomlán ar an ngrúpa cairde atá agat, i mo thuairimse. Is dóigh, mar a dúirt mé, nuair a bhí muid sa chéad bhliain, bhí muid beagáinín **fiáin**, agus b'fhéidir gur ól muid an iomarca agus b'fhéidir nár ól oícheanta eile. Ach is rud é, **feictear domsa**, nuair a théann tú chuig an gcoláiste, go bhfuil an meon sin ann, *oh* tá mé ag dul chuig an gcoláiste, tá mé ag dul amach anocht, tá mé a dhul a bheith ... ní bheidh a fhios agam cé mé féin ar maidin nuair a dhúiseos mé, ní bheidh a fhios agam cá mbeidh mé. Agus is dóigh gur **drochmheon** é sin, agus de réir mar a théann tú in aois agus de réir mar a thagann ciall chugat, tugann tú, cineál ... feiceann tú rudaí difriúla, agus bíonn tú níos, cineál, b'fhéidir **níos aibí** faoi rudaí agus dá mbeifeá ag dul amach, déarfá, beidh cúpla deoch anois anocht agam, ní bheidh mé craiceáilte agus beidh mé in ann dul chuig mo chuid léachtaí ar maidin. Agus is dóigh, gur cailíní den chuid is mó a chonaic mise agus **droch-chaoi** orthu ar na sráideanna anseo, agus iad gan **aithne gan urlabhra**, timpeall na háite. Agus tá sé go dona nuair a fheiceann tú é, nuair a fheiceann tú cailíní óga agus gan a fhios acu cén t-ainm atá orthu leath an ama. Cineál, chuirfeadh sé as duit, ach tiocfaidh sé le haois agus tiocfaidh sé de réir a chéile. Beidh a fhios acu nach 'in é an chaoi cheart le bheith agus nach gcaithfidh siad a bheith mar sin.

Ceardlann 15: Fóin Phóca

Inniu:

- Dul siar ar chleachtaí A agus B thíos, agus éisteacht leis an mír fuaimne arís, más gá
- Plé faoi nósanna an mhic léinn maidir le fóin phóca
- Cleachtaí ar ghnéithe éagsúla den ghramadach (an t-ainmfhocal iolra, an briathar 'glaigh', an modh coinníollach/aimsir ghnáthchaite)
- Obair bhaile le plé (Féach ar an gclár oibre ag tús an leabhráin agus ar an nóta ag deireadh an cheachta seo.)

A: Stór focal a bhaineann le fóin phóca:

(Moodle: Quiz 1)

1. Féach ar na focail sa bhosca seo agus déan iarracht iad a scríobh sa bhosca cuí thíos.

ar ciúnas
ar crith
múch
svaipeáil
taifeadán gutha

féinphic
teagmhálacha
scáileán
tvuít
íoslódáil

luchtaire
cluasáin
Idirlíon gan sreang
teachtaireacht téacs
uaslódáil

ceallra/cadhra
cárta cuimhne
ceamara
cluichí
straoiseog



B. Éisteacht:

(Moodle: Quiz 2)

Beidh sibh ag éisteacht anois le hOrlaith Ní Mheachair, mac léinn in Ollscoil Mhá Nuad, ag caint faoi fhóin phóca.

1. Cén tuairim atá ag Orlaith faoi dhaoine a bhíonn ar an bhfón póca nuair a bhíonn siad amuigh go sóisialta? Tabhair achoimre ghairid ar an méid a deir sí.
2. Luann Orlaith teach tábhairne i nGaillimh a bhfuil córas faoi leith acu le srian a chur ar úsáid na bhfón póca ann. Mínigh an córas sin. An gceapann tú gur smaoinemh maith atá ann?
3. Luann Orlaith an focal '*blockia*'. Céard atá i gceist leis agus céard a deir sí faoi?
4. An aontaíonn tú leis an méid a deir Orlaith sa phíosa cainte? Mínigh do fhreagra.

Téipscript:

Is dóigh go bhfuil daoine **chomh cleachtaithe sin leo** anois nach bhfuil siad in ann **iad a leagan uathu**. Dá mbeifeá amuigh, is iondúil go bhfeicfeá grúpa cailíní agus ní bhíonn tada ach pictiúr anseo is pictiúr anseo, is bíonn an oiread sin pictiúirí tógtha acu ar deireadh, go bhfuil an oíche beagnach thart agus nach bhfuil siad théis a bheith ag labhairt le duine ar bith seachas a bheith ag tógáil pictiúirí. Agus dá mbeinnse ag suí sa mbaile oíche Shathairn agus dá bhfeicfinn na pictiúirí seo ag tíocht suas, bheinn a rá liom féin, an bhfuil an oíche chomh dona sin nach bhfuil siad in ann labhairt le chéile? An bhfuil an oiread sin gráin acu ar a chéile go bhfuileadar díreach ag tógáil pictiúirí sa gcaoi is nach mbeidh orthu labhairt le chéile? Agus dá mbeinnse amuigh agus dá mbeadh duine éicint ag triail bheith ag tógáil mo phictiúir agus ag triail bheith ag cur rudaí ar *Facebook* agus tá go leor den chlibeáil seo anois ar siúl ar *Facebook* – Tá mé anseo is tá mé ansiúd is tá na daoine seo liom is tá mé ag iarraidh go mbeadh daoine eile liom, *like*, ní fiú...mura fiú leat suí ag bord agus labhairt le daoine, ar bhealach sóisialta, fforbhealach sóisialta, ní bealach meán-shóisialta, níl a fhios agam cá bhfuil muid ag dul. Tá muid... Bhuel, **níl muid bailithe siar, mar is bealach sóisialta a bhíodh ann fadó. Is dóigh go bhfuil muid théis an iomarca céimeanna a thógáil chun tosaigh anois**. Tá a fhios agam go bhfuil teach tábhairne **thiar** i nGaillimh anois agus chuireadar buicéad i lár na mbord agus tá nóta scríofa...caithfidh chuile dhuine fón a chur sa mbuicéad agus an chéad duine a chuirfidh lámh sa mbuicéad, caithfeadar **babhta** a cheannach. Oíche amháin bhí muid amuigh agus tá duine de na cailíní go hiomlán gafa leis an bhfón, agus bhí sí ansin, agus bhí sí ag twitteráil agus ag tviúteráil agus **an oiread tarraingt aisti sa bhfón** agus bhí sí ag iarraidh pictiúr leis an duine seo agus ní raibh an pictiúr sin **sách maith** agus bhí uirthi pictiúr eile a thógáil agus bhí sí **ag cur saidhlim ceart orm** féin agus dúirt mé, *y'know* céard a dhéanfas muid anois, cuirfidh muid na fóin ar fad i lár an bhoird agus an chéad duine a leagfaidh lámh ar an bhfón, beidh uirthi deoch a cheannach. Ní raibh deich nóiméad caite agus bhí an fón i lár an bhoird agus an chéad rud eile tháinig an solas seo – Isteach leis an lámh, mo chailín agus an lámh istigh aici agus cineál bhreathnaigh sí agus dúirt sí – ceannóidh mise an deoch anois. Bhí a fhios aici, ach ní raibh sí in ann é a dhéanamh, ní raibh sí in ann deich nóiméad a chaitheamh ag labhairt linn agus **theastaigh an fón uathu** ina lámh, ach dá mbeadh, b'fhéidir, dá mbeadh fón...dá mbeadh *blockia* agat, nó dá mbeadh, tá a fhios agat féin, dá mbeadh fón agat nach mbeadh chomh teicniciúil sin, nó chomh teicniciúil sin, bheadh cineál saol níos éasca agat agus ní bheadh ort bheith ag faire ar céard tá ar snapchat nó ag faire ar cé atá ar tinder nó aon rud mar sin. Agus tá go leor de sin ann anois go mbíonn daoine ag dul amach agus **leaba dóibh labhairt le daoine, is é an chaoi go** mbíonn siad ar tinder. An bhfuil aon duine thart san áit chéanna leo? Agus tá sé uafásach. Má sheasann tú i gcoirnéal seomra agus má bhreathnaíonn tú i dteach tábhairne agus má bhreathnaíonn tú

mórtimpeall ort, feicfidh tú na daoine seo uilig, agus dhéarfainn go mbíonn duine as gach deichniúr nach mbíonn ar an bhfón. Agus dhéarfainn dá gcuirfeá ceist orthu sin go ndéarfadh siad leat nach bhfuil fón cliste acu agus is bocht an rud é nuair nach bhfuil daoine in ann na fón a leagan uathu agus díreach labhairt le chéile ar bhealach deas, ar bhealach nádúrtha, **rud a chleacht muid ariamh** agus muid níos óige agus sílim go bhfuil muid bailithe chomh mór sin chun tosaigh go bhfuil muid **chomh tógtha agus chomh gafa sin leis na fónanna póca**.

C. Pléigh:

1. An mbreathnaíonn tú ar an bhfón go minic nuair a bhíonn tú amuigh le do chuid cairde?
2. An mbíonn tú ag 'seiceáil isteach' ar *Facebook* go minic agus tú amuigh ar oíche shóisialta?
3. An gcuireann sé isteach ort nuair a bhíonn do chairde ar an bhfón nuair a bhíonn tú amuigh leo?
4. An gceapann tú go mbeifeá in ann maireachtáil gan an fón póca ar feadh seachtaine?

D. Saibhriú teanga: *"Bhí sí ag cur saidhlim ceart orm."*

1. Céard is brí leis an bhfrása seo a d'úsáid Orlaith sa phíosa cainte? An bhfuil a fhios agaibh cén bunús ata leis an bhfrása? Déan liosta de fhrásaí eile a chuireann an bhrí chéanna in iúl. Cé na rudaí a chuireann 'saidhleam' ortsa?

2. Anois, ag obair leis an duine in aice leat, déan iarracht Béarla (Moodle: Quiz 3) a chur ar na focail seo:

fón póca cliste
aipeanna
líonra sóisialta
sonraí teagmhála
físeán
creidmheas
comhartha
téacsáil thuarthach
nasc
uasghrádú
an fón a lasadh
luchtaigh
an fón a luchtú
clibeáil

3. Anois, déan iarracht Gaeilge a chur ar na habairtí seo a leanas.

- a. My phone is dead. (Seachain an Béarlachas!)
- b. My phone died.
- c. My battery is going.
- d. I charged my phone last night.
- e. I have to charge my phone.
- f. I'm due an upgrade.
- g. Turn off your phone.
- h. I thought my phone was switched off, but it started vibrating during the lecture.
- i. I downloaded the file.
- j. I tried to upload the photos but the signal wasn't strong enough.
- k. She's always taking selfies.
- l. Did anyone see my charger?

- m. He put up a really funny video on YouTube.
- n. Tag me in that picture.
- o. I don't have his contact details.
- p. Does your phone have predictive text in Irish?
- q. What's the wifi password here?
- r. He was online, but he didn't reply to my message.

4. Bíonn deacrachtaí ag go leor mac léinn leis an mbriathar 'glaigh' agus na foirmeacha éagsúla a bhaineann leis. Féach ar na habairtí thíos. Cén fhoirm den bhriathar a theastaíonn i ngach sampla? Cuir Gaeilge orthu.

- a. What did he say when he called?
- b. I called you yesterday.
- c. Call me back.
- d. I'm trying to call her.
- e. Sorry I didn't call you.
- f. Sorry I missed your call.
- g. I have to call my mother.
- h. Don't call me, I'll call you.

5. Céard faoi na habairtí seo?

- a. I sent you an email yesterday.
- b. I'll text you.
- c. Text me later.
- d. Is the email sent?
- e. I have to send an email to my tutor.
- f. If I get more information, I'll email you.
- g. Send me that link, if you get a chance.

E. Gramadach:

1. An t-ainmfhocal iolra:

- a. Bhí na leaganacha 'na fóin' agus 'na fónanna' le cloisteáil sa mhír. Céard é an difear atá eatarthu agus céard é an leagan caighdeánach?
- b. Cén uimhir iolra atá ag na focail sa tábla thíos? Líon an colún 'Uimhir iolra' isteach.
- c. An tseachtain seo caite, phléamar athruithe ar an ainmfhocal tar éis an ailt uatha 'an'. An athraíonn tús an ainmfhocail tar éis an ailt iolra 'na'? Conas? Déan iarracht 'an' agus 'na' a chur roimh na focail sa tábla thíos.

Uimhir uatha	+ 'an'	Uimhir iolra	+ 'na'
ríomhphost			
suíomh gréasáin			
nasc			
clár			
feidhmchlár			

glaob			
seoladh ríomhphoist			
polasaí			
céilí			
athrú			
scrúdú			
samhradh			
lá			
oíche			

2. *“Is dóigh go bhfuil muid tar éis an iomarca céimeanna a thógáil chun tosaigh anois”* (Moodle: Quiz 4)

Cén difear atá idir ‘Thóg mé céim’, ‘Tá mé tar éis céim a thógáil’, agus ‘tar éis dom céim a thógáil...’? Athscríobh na habairtí seo a leanas ag baint úsáide as na struchtúir chéanna.

Rinne mé an obair.	Tá mé tar éis _____.
Fuair mé teachtaireacht uaidh.	Tá mé tar éis _____.
Chas mé le Máire.	Tá mé tar éis _____.
Bhain mé céim amach.	Tar éis dom _____.
Tháinig mé go dtí an ollscoil.	Tar éis dom _____.
Chuaigh mé go Meiriceá.	Tar éis dom _____.
Chuir mé teachtaireacht chugat.	Tá mé tar éis _____.
Ghlaoigh mé uirthi.	Tar éis dom _____.
Chonaic mé na pictiúir.	Tá mé tar éis _____.
D’fhéach mé ar an téacs.	Tá mé tar éis _____.
Luchtaigh mé an fón.	Tá mé tar éis _____.

F: Obair ghrúpa: Roghnaigh 1, 2 nó 3 thíos

1. Teachtaireachtaí Facebook:

a: Ag gabháil leithscéil

One of your friends is going to America for the summer and is having a going-away party tonight. You had planned to be there, but something has come up and you’re not going to make it. Send him/ her a Facebook message apologising that you won’t be there. Mention the following points:

- *Explain the situation and say why you won’t be there.*
- *Apologise.*

- Say when you will see him/ her again.
- Wish him/ her luck and say that you hope he/ she has a great summer.
- Tell him/ her to keep in touch and put lots of photos on Facebook.

b: Ag déanamh socruithe

You have just finished your last exam and you want to go out celebrating, but your phone has just died. Send a Facebook message to a group of your friends to make a plan for the night. Mention the following points:

- Explain that your phone has just died.
- Say how you got on in your exam.
- Ask them how they got on in their exam.
- Ask if anyone has made any plans to go celebrating.
- Suggest a possible plan.
- Tell them that you will charge your phone when you go home, and ask them to call you later to confirm the plan.

2. “Dá mbeinnse ag suí sa mbaile oíche Shathairn agus dá bhfeicfinn na pictiúirí seo ag tíocht suas, bheinn a rá liom féin”

Cén fhoirm den bhriathar atá i gceist san abairt seo ón téacs? Cén Béarla a bheadh ar an abairt? Cén difear atá idir an Béarla agus an Ghaeilge ó thaobh aimsirí na habairte seo? Scríobh alt nó liosta ráiteas faoin teideal ‘Mura mbeadh fón póca agam...’, ag baint úsáid as an struchtúr céanna.

3. “Níl muid bailithe siar, mar is bealach sóisialta a bhíodh ann fadó.”

Smaoinigh ar na bealaí ar fad a bhfuil cúrsaí sóisialta athraithe in Éirinn le 100 bliain anuas agus scríobh alt nó liosta ráiteas faoi na hathruithe sin. Cé na haimsirí a bheidh ag teastáil uait? (Mar shampla: 100 bliain ó shin, bhailíodh daoine i dtithe a chéile le haghaidh oícheanta airneáin ach anois fanann siad sa bhaile ag féachaint ar an teilifís”.

G: Obair bhaile:

- Cuid de na cleachtaí thuas a chríochnú
- **Ullmhúchán do cheardlann 16:** Déan Quiz 1: Stór Focal ar Moodle agus C: Léamhthuiscint sa leabhrán. Déan Quiz 2: Cainníochtaí, Quiz 3: Frásaí Ama agus Quiz 4: ‘de thimpiste’, ‘d’aon ghnó’, ar Moodle.

Stór focal: Cúrsaí Teicneolaíochta

An ríomhaire agus an t-idirlíon

an tIdirlíon
idirlíon gan sreang
leathanbhanda
ar líne
suíomh gréasáin
nasc
ríomhphost
ceangaltán
scimeáil ar an idirlíon
rud éigin a chuardach
íoslódáil
uaslódáil
líonraí sóisialta
tvuít
ríomhaire glúine
méarchlár
clóscríobh
luchóg
scáileán
printéir
tasc a phriontáil
dúch
trealamh
seinnteoir Mp3
cluasáin
litreoir Gaeilge
as feidhm
víreas
Scileanna ríomhaireachta

Téarmaí a bhaineann leis an bhfón póca

fón póca cliste
scáileán
ceallra
comhartha
creidmheas
teachtaireacht téacs
féinphic
sonraí teagmhála
aip(eanna)
svaidhpeáil
an fón a mhúchadh
an fón a lasadh
ar ciúnas
luchtaigh/ luchtaire

Slándáil ar líne

sábháilteacht
ainm úsáideora
pasfhocal
cuntas ríomhphoist
sonraí pearsanta
príobháideachas
cibearbhulaíocht

Abairtí úsáideacha a bhaineann le cúrsaí teicneolaíochta

Céard a dúirt tú nuair a ghlaoih sé ort?
Tá brón orm gur chaill mé do ghlaoch.
Sheol mé ríomhphost chugat inné.
Caithfidh mé ríomhphost a sheoladh chuig mo theagascóir.
Seol chugam an nasc sin nuair a fhaigheann tú an deis.
Luchtaigh mé an fón ar maidin, agus tá an chumhacht ag imeacht cheana féin.
Tá mé tar éis féachaint ar an téacs.
Cén seoladh ríomhphoist atá agat?
Bíonn an litreoir Gaeilge an-úsáideach agus mé i mbun mo chuid oibre.
Tá an tasc faoi cheangal/ sa cheangaltán anseo.
Cuardaigh é ar *Google*.


Ceardlann 16: Aipeanna agus Líonraí Sóisialta

Inniu:

- Cleachtadh A le plé sa rang.
- Léitheoireacht agus plé faoi chúrsaí teicneolaíochta agus faoin bpríobháideacht ar líne
- Pointí teanga: Frásaí ama agus cainníochtaí agus/ nó an tuiséal ginideach uatha
- Obair bhaile le plé (Féach ar an gclár oibre ag tús an leabhráin agus ar an nóta ag deireadh an cheachta seo.)

A: Réamhobair:

Féach ar an liosta aipeanna thíos. Déan iarracht cur síos a scríobh ar gach ceann acu. Luaigh (a) an fheidhm atá leis an aip nó an bealach is mó a n-úsáidtear í, agus (b) na buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann léi.



B: Stór focal:**(Moodle: Quiz 1)**

Beidh tú ag léamh téacs faoi *Facebook* a foilsíodh ar www.beo.ie. Seo roinnt focal agus frásaí atá sa téacs. Déan iarracht Gaeilge a chur orthu sula léann tú an téacs. Ansin, déan iarracht iad a aimsiú sa téacs le feiceáil an raibh an ceart agat.

1. The privacy of their users _____
2. Wireless networks _____
3. According to certain sources _____
4. On purpose _____
5. To bring under control _____
6. To seize the opportunities _____
7. By accident _____
8. Statistic _____
9. Skating on thin ice _____
10. Detailed examination _____
11. Impediment _____
12. Investigations are underway _____
13. There was uproar _____
14. To pose for the camera _____
15. Data protection _____
16. More understanding and awareness _____
17. Much more use _____
18. Applicant _____
19. Employer _____
20. One or two drinks too many _____
21. Smile _____
22. Awareness campaign _____
23. Privacy settings _____

Is Fearr a Bheith Fáiltiúil ná a Bheith Faiteach

*Ba cheart na deiseanna a thapú ar na líonraí sóisialta in ionad fanacht siar uathu, dar le **Roseanne Smith**.*

Bhí na comhlachtaí móra *Facebook* agus *Google* ag rith ar thanaí le déanaí nuair a d'fhógair siad eolas faoina seirbhísí a bhagair príobháideachas a gcuid úsáideoirí. Bhí *Google* i dtrioblóid nuair a d'admhaigh siad ar dtús gur bhailigh siad eolas faoi ghréasáin gan sreang sa Ghearmáin is iad ag glacadh grianghraif dá seirbhís *Streetview*. Tá imscrúduithe ar siúl i dtíortha eile san Eoraip maidir leis an eolas a bhailigh na carranna *Streetview* agus, de réir foinsí áirithe, tá ár gCoimisinéir um Chosaint Sonraí, Billy Hawkes, sásta go bhfuair *Google* réidh leis an eolas a bhailigh siad de thimpiste. Go luath ina dhiaidh sin, bhí ar *Facebook* athruithe ar na socrúithe príobháideachais a

tharraingt siar. Tógadh raic fúthu toisc go raibh an iomarca eolais faoina n-úsáideoirí ar fáil go poiblí d'aon ghnó.

Bhí alt an-spéisiúil ag Karlin Lillington i *Weekend Review* an *Irish Times* an deireadh seachtaine seo caite de bharr na scéalta nuachta seo. San alt seo, tá staidreamh a bhailigh Lillington a léiríonn an caidreamh atá idir daoine agus a n-eolas pearsanta ar an líon agus an bealach a bhfuil an caidreamh sin ag athrú. Pointe amháin a tharraingíonn sí as an taighde ar fad atá mionscagtha aici, ná go bhfuil níos mó tuisceana agus feasachta acu siúd idir 18 is 29 bliain d'aois faoina socruithe príobháideachais ar na líonraí a úsáideann siad ná mar atá acu siúd atá níos sine. Is fíor é leis go mbaineann an dream óg feidhm i bhfad níos mó as na líonraí seo freisin ó lá go lá.

Tá buairt ann go gcuirfeadh an t-eolas atá ar fáil bac ar dheiseanna nuair a bhíonn post á chuardach: go ndéanfadh fostaitheoir cuardach ar líne faoi iarrthóir oibre agus go bhfaigheadh siad amach drochscéala faoin iarrthóir. Caithfidh mé a admháil go dtagann miongháire ar m'aghaidh nuair a léim a leithéid, go háirithe nuair a luann siad grianghraif den iarrthóir is iad ar meisce. Mise mé féin, ní ólaim mórán ach tuigim go bhfuil saol sóisialta ag daoine eile nach bhfuil baint ag aon líonra leis! Tarlaíonn sé uaireanta go mbíonn deoch nó dhó sa bhreis acu. In ionad feachtas feasachta a chur ar bun faoi conas socruithe príobháideachais a thabhairt faoi smacht, ba chóir feachtas feasachta a dhéanamh faoi conas deasú ar son an cheamara.

C: Léamhthuiscint:

1. Anois léigh an téacs ina iomláine, agus scríobh achoimre ghearr ar na príomhphointí.

D: Plé (Obair ghrúpa/bheirte)

Bain úsáid as an stór focal thuas agus tú i mbun cainte

1. Cén dearcadh atá ag an údar faoi líonraí sóisialta ar líne? An aontaíonn tú léi? An bhfuil aon samplaí agat ó do thaithí féin?
2. Cén úsáid a bhaineann tú as cúrsaí teicneolaíochta agus tú anseo sa choláiste? Luaigh buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann leis.
3. Féach ar an bhfísdán 'Dán Grá don Idirlíon' le hEoin P. Ó Murchú agus déan anailís ar phríomhthéamaí agus stíl an dáin:

https://www.youtube.com/watch?time_continue=13&v=4hrYZeQzFzE

E: Cleachtaí teanga (*Ba cheart roinnt cleachtaí a roghnú de réir riachtanais na mac léinn.*)

1. Cleachtaí foclóra :

(Moodle: Quiz 2)

Cainníochtaí: Cad a chiallaíonn na frásaí seo i gcló trom thíos?

- an iomarca eolais
- an taighde ar fad
- níos mó tuisceana

- i bhfad níos mó
- ní ólaim mórán
- deoch nó dhó sa bhreis

Cuir Gaeilge ar an sliocht seo a leanas:

Sarah spends **too much** time on Facebook. She's on it **the whole** time. I know that I waste **a lot of** time online, but she is **much** worse than me. The other day, she uploaded **loads of** pictures from **some** nights out we had in Maynooth. **One or two** of the pictures were nice, but **the rest of them** were terrible. There was **one** of me dancing on a table in the Roost! How embarrassing! I won't trust her **much** with the camera **anymore!**

2. Frásaí ama: Cén Ghaeilge atá ar na frásaí ama seo a leanas: (Moodle: Quiz 3)

- last weekend
- next weekend
- last year
- a fortnight ago
- a week from Tuesday
- the day before yesterday
- the day after tomorrow
- on Wednesday morning
- during the summer
- We have been friends on Facebook for 4 years.
- I was online for 8 hours yesterday.

3. “de thimpiste”, “d’aon ghnó” (Moodle: Quiz 4)

Cad a chiallaíonn na frásaí seo? Cuir Gaeilge ar na frásaí seo:

- She uploaded a terrible picture of me on purpose”
- I deleted the email by accident.
- Did you send me that message on purpose?
- I accidentally left my charger at home.

4. Súil siar ar an tuiseal ainmneach uatha agus iolra

Seo roinnt focal atá sa téacs. An féidir leat an t-alt uatha agus iolra a chur rompu?

	Uatha	Iolra (más cuí)
Idirlíon		-----
Comhlacht		
Príobháideachas		-----
Gréasán		
Imscrúdú		
Coimisinéir		
Eolas		-----
Caidreamh		
Bealach		
Tuiscint		
Feasacht		-----
Iarrthóir		

5. An tuiseal ginideach (TG) uatha:

Tá 4 rud a chaithfidh tú a fhoghlaim chun a bheith in ann an TG uatha a úsáid.

- (i) Cén uair a bhíonn an TG ag teastáil?
- (ii) Cén t-alt a úsáidtear? AN nó NA?
- (iii) Conas a athraíonn tús an fhocail tar éis an ailt?
- (iv) Conas a athraíonn deireadh an fhocail?

Céim (i): Cén uair a bhíonn an TG ag teastáil?

Cuirtear ainmfhocal sa TG tar éis...	Samplaí:
1. Ainmfhocal eile	Saol na hollscoile, mac léinn
2. Ainm briathartha	Ag déanamh na hoibre, ag imirt peile
3. Cainníocht ghinearálta	A lán ama, mórán eolais, níos mó airgid
4. Réamhfocail chomhshuite	le linn an tsamhraidh, le haghaidh an chúrsa
5. Réamhfocail áirithe eile	Trasna na sráide, timpeall na tíre, chun solais

Seo roinnt frásaí ón téacs thuas. Tá na focail i gcló trom sa TG. An féidir leat a rá cén fáth a bhfuil an TG ag teastáil i ngach cás?

socruithe **príobháideachais**
suíomh **gréasáin**
níos mó **tuisceana**
ar son an **cheamara**
an iomarca **eolais**

scéalta **nuachta**
feachtas **feasachta**
ag glacadh **grianghraif**
iarrthóir **oibre**

Céim (ii): An t-alt uatha – AN nó NA?

1. Úsáidtear an t-alt ____ roimh fhocal firinsneach sa TG uatha.
2. Úsáidtear an t-alt ____ roimh fhocal baininsneach sa TG uatha.

*Ní gá úsáid a bhaint as an alt i gcónaí, mar atá le feiceáil sna samplaí thuas.

*Seachain an t-alt dúbailte: Uaireanta nuair a bhíonn dhá alt i bhfrása Béarla, bíonn ceann amháin sa Ghaeilge. (m.sh. THE woman of THE house = bean AN tí).

Ní úsáidtear an t-alt de ghnáth i bhfrásaí ina bhfuil ainm duine nó áite sa TG:

(m.sh. THE music of Eric Clapton = ceol Eric Clapton; THE Dublin team = foireann Bhaile Átha Cliath).

Céim (iii): Conas a athraíonn tús an fhocail sa TG uatha? (Má bhíonn an t-alt uatha ann!)

Líon isteach an ghreille leis na rialacha. Tá an chéad cheann déanta.

	Firinsneach	Baininsneach
consain	+ h (m.sh. saol an choláiste)	
guta		
s		
d/t		

Céim (iv): Conas a athraíonn deireadh an fhocail?

Líon isteach an ghreille leis na patrúin choitianta. Tá an chéad cheann déanta.

*Leid: Ní gá a bheith róbhuartha faoi dhíochlaontaí má fhoghlaimíonn tú na patrúin seo thíos.

Focail fhirinscneacha	Samplaí
1. consan leathan > consan caol *Seo an rial is minice a theastaíonn!	príobháideachas > príobháideachais eolas > fear > idirlíon > mac (léinn) > campas > Éireannach > Spáinneach > samhradh geimhreadh
2. óir> óra úir > úra éir > éara	teagascóir > dochtúir > úinéir >
3. ín > ín (gan athrú)	lóistín > cailín >
4. -guta (gan athrú)	seomra > coláiste > tiománaí > luchtaire >
5. ainmneacha briathartha: -ú > aithe	scrúdú > athrú >

Focail Bhaininscneacha:	Samplaí
1. consan caol + e	ollscoil > sráid > seachtain >
2. consan leathan > caolú + e	lámh > cos > fuinneog > leabharlann > bialann >
3. -each > í ach> aí	báisteach > baintreach > gealach >
4. -eacht/-acht/ -íocht + a	teicneolaíocht > litríocht > freagracht >
5. traein/ beoir/ eochair/ litir/ cáin + ach	traein > beoir > eochair > litir >
6. -guta (gan athrú)	aiste > comhairle >
8. áil > ála	teagmháil sábháil >

Achoimre ar an TG uatha

	Tús an fhocail	Deireadh an fhocail – Na patrúin is coitianta	Samplaí
Fir.	An + séimhiú (ar chonsan) An + t roimh s Gan athrú ar ghutaí nó d/t	caolú (+i) óir/eoir > óra/ eora -ú > aithe	hata an fhir ainm an tsaighdiúra tar éis an scrúdaithe
Bain.	Na + h ar ghuta Gan athrú ar chonsain	caolú + e acht > achta áil > ála	ag oscailt na fuinneoige ré na teicneolaíochta tús na haiste

Cleachtaí: Cuir na focail thíos sa tuiseal ginideach uatha:

Suíomh + gréasán	Ag taifeadh + ceol
Litir + iarratas	Ag cuardach + lóistín
A lán + eolas	níos mó + muinín
Seirbhís + priontáil	Ag déanamh + taighde
Bille + leictreachas	Sonraí + teagmháil
Seoladh + ríomhphost	Cuireadh + cairdeas
An iomarca + filíocht	Spás + stóráil
Teideal + an leabhar	Tar éis + an chéim
Os comhair + an leabharlann	Ag scríobh + an aiste
Seoladh + an coláiste	Ar feadh + an tseachtain
Cárta + an mac léinn	Ag dúnadh + an fhuinneog
Ag scríobh + litir	trasna + an tsráid
Ainm + an teagascóir	I rith + an seimeastar
Uachtarán + an ollscoil	Ag léamh + an litríocht
Torthaí + an scrúdú	Seomra + an Ghaeilge

F: Obair bhaile agus ullmhúchán do Cheardlann 17- 18:

- Déan Quiz 1: Stór Focal agus Quiz 2: Tuiseal Ginideach ar Moodle.

Ceardlann 17-18: Poist Pháirtaimseartha

*Nóta: Déanfar an ceacht seo thar dhá cheardlann.

Sna ceardlanna seo:

- Plé ar obair pháirtaimseartha na mac léinn
- Pointe gramadaí na coicíse: Uimhreacha
- Obair bhaile le plé (Féach ar an gclár oibre ag tús an leabhráin agus ar an nóta ag deireadh an cheachta seo.)

A. Léitheoireacht agus stór focal: Fógra poist

Folúntas – Cúntóirí siopa ag teastáil

Tá River Island ar Shráid Grafton ag cuardach cúigear cúntóirí siopa do thréimhse ceithre mhí i rith an tsamhraidh.

Beidh ar an té a cheapfar:

- Comhairle a chur ar chustaiméirí maidir le cúrsaí stíle
- Na taispeántais san fhuinneog agus timpeall an tsiopa a chur le chéile
- An siopa a choinneáil eagraithe
- Bheith ag obair ag an scipéad airgid
- An t-airgead a chomhaireamh ag deireadh an lae
- Cuntas cruinn a choinneáil ar an stoc
- Stoc nua a ordú de réir mar is gá

Bheadh an post seo oiriúnach do dhuine:

- atá cairdiúil agus béasach agus a bheadh go maith ag déileáil le custaiméirí agus comhoibrithe.
- atá muiníneach agus ábalta a bheith ag obair as a stuaim féin.
- a bhfuil spéis mhór aige/ aici i gcúrsaí faisin.
- díograiseach agus spreagtha a bhfuil go leor fuinnimh aige/ aici.
- atá go maith ag obair mar chuid d'fhoireann.

Ní mór d'iarratasóirí a bheith os cionn seacht mbliana déag d'aois. Tá sé riachtanach go mbeadh scileanna bunúsacha ríomhaireachta ag an té a cheapfar. Bheadh taithe ar a bheith ag obair i siopa inmhianaithe chomh maith.

Mairfidh an tréimhse oibre ar feadh ceithre mhí ó mhí Bealtaine go dtí deireadh mhí Lúnasa. Beidh trí phost lánaimseartha ar fáil (cúig lá sa tseachtain) agus dhá phost pháirtaimseartha (trí lá sa tseachtain). Beidh ocht n-uaire an chloig oibre i gceist gach lá, le dhá shos ghearra i rith an lae.

Is é €9 an ráta pá a íocfar leis na cúntóirí agus íocfar é seo gach dara seachtain.

Más spéis leat a bheith ag obair linn, cuir gairmré agus litir iarratais chuig bainisteoir@riverisland.ie roimh 25 Aibreán.

Stór focal: An cuimhin leat na focail agus frásaí seo a leanas ón bhfógra (Moodle: Quiz 1)?

Vacancy	The person who will be appointed
The cash register/ till	Co-workers
Enthusiastic	Motivated
Basic computer skills	Desired (skills or qualifications)
Per week	CV
To work on his own initiative	

Dul siar ar an tuiseal ginideach:

(a) Cé mhéad sampla den tuiseal ginideach is féidir leat a aimsiú san fhógra? Cén fáth a bhfuil an ginideach ag teastáil i ngach sampla? Minigh aon athruithe tosaigh nó deiridh a thagann ar na focail dá bharr

(b) Féach ar na frásaí seo a leanas ón bhfógra. Cuir an tuiseal ginideach i bhfeidhm de réir mar is gá agus abair cén fáth a bhfuil sé ag teastáil i ngach cás. **(Moodle: Quiz 2)**

Frása	T.G.	Míniú
fógra + post		
cúntóirí + siopa		
i rith + an samhradh		
cúrsaí + stíl		
timpeall + an siopa		
scipéad + airgead		
deireadh + an lá		
cúrsaí + faisean		
go leor + fuinneamh		
bunscileanna + ríomhaireacht		
tréimhse + obair		
litir + iarratas		

B: Plé (Obair ghrúpa)

- 1) Bígí ag obair i ngrúpaí agus féachaigí ar na pictiúir thíos de phoist samhraidh a bhíonn ag mic léinn go minic. Déanaigí cur síos orthu (agus comparáid eatarthu) faoi na ceanteidil seo a leanas: Dualgais, uaireanta nó laethanta oibre, pá, dúshláin, na daoine a mbeifeá ag plé leo, buntáistí
- 1) Cé acu de na poist seo ab fhearr leatsa? Cén fáth?
- 2) An bhfuil post páirtaimseartha agat féin nó an bhfuil post agat don samhradh seo chugainn? Inis don duine in aice leat faoi.
- 3) Dá mbeadh rogha agatsa idir post samhraidh a mbeadh an t-airgead go hiontach ann, post a bheadh go hiontach mar thaithí agus mar dheis foghlama, nó post a mbeadh craic mhaith ann, cén ceann a roghnófa?

<p>Cúntóir siopa i siopa éadaí</p> 	<p>Cinnire i gcoláiste samhraidh sa Ghaeltacht</p> 
<p>Freastalaí agus fear /cailín beair i dteach tábhairne a bhfuil bialann ann</p> 	<p>Feighlí leanaí do theaghlach sa Spáinn</p> 

C: Gramadach: Uimhreacha

(Ba cheart don teagascóir na míreanna cuí thíos a roghnú bunaithe ar riachtanais na mac léinn)

1. Féach ar na samplaí seo thíos ón bhfógra d'uimhreacha agus ainmfhocail ag teacht le chéile agus déan iarracht cuimhneamh ar na rialacha a bhaineann leis an bpointe gramadaí seo.
'dhá shos', 'trí phost', 'ceithre mhí', 'cúig lá'.

Céard a tharlódh dá mbeadh na huimhreacha 7-10 ag teacht roimh na focail 'sos', 'post', 'lá' agus 'mí'?

2. “Seacht mbliana” “ocht n-uaire an chloig”

Fanann an t-ainmfhocal san uimhir uatha de ghnáth i ndiaidh uimhreacha, ach tá roinnt bheag eisceachtaí, cosúil le ‘uair’ a athraíonn. Seo iad na cinn tábhachtacha sa ghreille thíos. Déan iarracht na bearnaí sa ghreille a líonadh.

	Bliain	ceann	seachtain	uair
Aon				
Dhá		cheann		
Trí – sé			Seachtaine	
Seacht - deich	mbliana			n-uaire

3. Anois, cuir na ceisteanna seo ar an duine in aice leat. Bí cinnte go bhfuil bhur gcuid freagraí cruinn ó thaobh na gramadaí de!

- Cé mhéad mí atá idir mí Eanáir agus mí an Mhárta?
- Cé mhéad méar atá ar gach lámh agat?
- Cé mhéad súil atá agat?
- Cé mhéad mí a mhaireann toircheas?
- Cé mhéad ábhar atá ar siúl agat faoi láthair?
- Cé mhéad fadhb atá ag Jay Z?
- Cé mhéad ceardlann atá fágtha ina dhiaidh seo?
- Cé mhéad ceann atá i ndosaen an bháicéara?
- Cé mhéad teachtaireacht téacs a sheolann tú gach lá ar an meán?
- Cé mhéad deoch a ólann tú ar oíche shóisialta?
- Cé mhéad lá a thóg sé ar Phileas Fogg taisteal timpeall an domhain?
- Cé mhéad seachtain atá sa bhliain?
- Cé mhéad bliain a chaith tú sa bhunscoil?
- Cén aois thú anois?
- Cé mhéad bliain a raibh Solmon Northup ag obair mar sclábhaí?
- Cé chomh minic is a bhíonn na Cluichí Oilimpeacha ar siúl?
- Cé mhéad uair sa lá a bhreathnaíonn tú ar *Facebook*?
- Cé mhéad uair sa tseachtain a dhéanann tú aclaíocht?
- Cé mhéad uair an chloig atá sa lá?

4. Féach ar na ceisteanna thuas arís.

Cén fhoirm den ainmfhocal a thagann i ndiaidh ‘cé mhéad’ i ngach ceist?

Cén Ghaeilge a bheadh ar

How many people?

How many classes?

How many days?

How many weeks?

How many pages?

An bhfuil aon fhocal eile a mbíonn an uimhir uatha i gcónaí ina dhiaidh sa Ghaeilge?

5. Ag comhaireamh daoine:

An cuimhin leat cén Ghaeilge a bhí ar ‘*five shop assistants*’ thuas? Déan iarracht Gaeilge a chur ar na frásaí seo:

Béarla	Gaeilge
Two students	
Four brothers	
Six people	
Nine employees	
Twelve singers	
Eighteen people	
Three amigos	
Five sisters	
Seven musicians	
Ten friends	
Fifteen (football) players	

D: Obair ghrúpa

Scríobh fógra poist do cheann amháin de na poist a luaitear ar an gcéad leathanach. Bí cinnte go liostálann tú na dualgais agus na cáilíochtaí nó scileanna riachtanacha agus inmhianaithe a bheidh ag an té a cheapfar.

E: Dul siar ar litreacha iarratais:

Roghnaigh ceann amháin de na poist ó na fógraí thuas agus scríobh litir iarratais a bheadh oiriúnach dó. Luaigh an fáth ar mhaith leat an post a fháil agus na cúiseanna a mbeifeá oiriúnach dó (i.e. cáilíochtaí, scileanna, tréithe pearsantachta nó taithí). Déan cúram chomh maith de struchtúr agus réim na litreach a pléadh ag tús na bliana.

F: Agallamh poist:

Chuir tú isteach ar cheann de na poist a luaitear thuas agus táthar tar éis agallaimh poist a thairiscint duit. Féach ar na ceisteanna samplacha agallaimh thíos agus déan iarracht iad a chur in oiriúint don phost atá i gceist. Ansin bígí ag obair i mbeirteanna agus glacadh duine amháin ról an iarratasóra agus glacadh an duine eile ról an agallóra ar feadh cúig nóiméad. Ansin, malartaígid ról. Bain úsáid as an liosta stór focal ar an gcéad leathanach eile chun cabhrú leat.

- Inis dom faoi do chuid cáilíochtaí agus oideachais go dtí seo.
- Cén sórt taithí oibre atá agat? Céard é an rud is mó a d'fhoghlaim tú uaithi sin?
- Cén fáth ar mhaith leat an post seo?
- Cad iad na dualgais agus na dúshláin a shamhlaíonn tú a bhainfeadh leis an bpost seo?
- Cén sórt duine thú? An dóigh leat gur duine ... thú?
- Céard iad na buanna agus laigí is mó atá agat?
- An bhfuil spéis agat i ...?
- Cén sórt rudaí a bhfuil suim agat iontu?
- Inis dom faoi am éigin a raibh ort a bheith ag obair mar chuid d'fhoireann/ ag obair as do stuaim féin/ fadhb a réiteach/ dúshlán a shárú/ déileáil le duine achrannach.
- Conas a chuirfeá leis an bhfoireann anseo?

- Céard a dhéanfá dá mbeadh easaontas idir tú féin agus comhoibrí eile? Dá mbeadh custaiméir míshásta? Dá mbeadh timpiste ag dalta/ páiste? Dá
- Cén áit ar mhaith leat a bheith i gceann 5 bliana?

G: Obair bhaile agus ullmhúchán do Cheardlann 19:

- Déanfar Tasc 6: Cur i láthair ar an scéal 'Gluaiseacht' i gCeardlann 19.
- Déan Quiz 1: Stór Focal, Quiz 2: To Know agus Quiz 3: Before.

Poist pháirtaimseartha- stór focal

Poist

Cúntóir siopa
Cinnire i gcoláiste samhraidh
Freastalaí
Fear/cailín beáir
Feighlí leanaí
Gníomhaire taistil
Gníomhaire eastáit
Rúnaí/ Oibrí riaracháin

Ag cur isteach ar phost

Folúntas
Gairmré
Iarratas
Bord agallaimh
Taithí
Cumas
Scileanna
Ag obair mar chuid d'fhoireann
Ag obair as do stuaim féin
Spriodháta
Teistiméireacht
Moltóirí
Cáilíochtaí riachtanacha
Cáilíochtaí inmhianaithe
Pearsantacht thaitneamhach
An bainisteoir pearsanra

Coinníollacha oibre

Dualgais
Laethanta oibre
Pá
Dúshláin
Ragobair
Uaireanta fada
Uaireanta solúbtha
Conradh
Stiúrthóir
Bainisteoir
Comhghleacaí/comhghleacaithe
Taithí oibre
Deis foghlama
Déileáil le duine achrannach
Neamhspleáchas
Airgead a shaothrú/ thuilleamh

Ceisteanna agallaimh

Inis dom faoi do chuid cáilíochtaí.
Cén sórt taithí oibre atá agat?
Cé na buanna/lairgí is mó atá agat?
Cén sórt rudaí a bhfuil suim agat iontu?
Conas a chuirfeá leis an bhfoireann seo?

Freagraí ar cheisteanna agallaimh

Tá taithí agam a bheith ag obair i siopa.
Is duine cairdiúil, muiníneach mé.
Is duine muiníneach mé atá ábalta a bheith ag obair as mo stuaim féin.
Is dóigh liom go bhfuil mé go maith ag obair mar chuid d'fhoireann.
Tá mé díograiseach agus spreagtha agus tá go leor fuinnimh agam.
Tá scileanna maithe ceannaireachta agam.

Ceardlann 19: Cúrsaí lóistín

Inniu:

- Tasc 6: Cur i láthair grúpa ar an scéal 'Gluaiseacht'
- Éisteacht le beirt bhan ag caint faoin lóistín a bhí acu san ollscoil
- Pointe teanga: Dul siar ar na focail 'know', 'before', 'home' agus 'in'.
- Obair bhaile le plé (Féach ar an gclár oibre ag tús an leabhráin agus ar an nóta ag deireadh an cheachta seo.)

A: Éist le hAilish ag caint faoin lóistín a bhí aici nuair a bhí sí san ollscoil (cuid 1 ar an bhfíseán) agus freagair agus pléigh na ceisteanna seo a leanas i mbeirteanna:

1. Cé na cineálacha éagsúla lóistín a bhí ag Ailish nuair a bhí sí san ollscoil? Déan liosta de na buntáistí agus míbhuntáistí a luann sí le gach ceann acu.

Anois, féach ar chuid 2 den fhíseán agus freagair agus pléigh na ceisteanna seo:

2. Cén chomhairle a thugann Aisling maidir le réiteach leis na daoine eile a bhfuil tú ag roinnt lóistín leo? An aontaíonn tú léi?
3. Déan **Quiz 1 ar Moodle** le seiceáil an dtuigeann tú an stór focal anois.

B: Plé (obair bheirte)

Bain úsáid as an liosta stór focal ag deireadh an cheachta seo chun cabhrú libh.

1. Pléigh: Cén sórt lóistín atá agat féin? An bhfuil áiseanna nua-aimseartha agat? An bhfuil buntáistí agus míbhuntáistí ag baint leis?
2. Conas a réitíonn tú féin leis na daoine a bhfuil tú i do chónaí leo? An raibh aon choimhlint eadraibh nó an ndearna sibh aon rud chun coimhlintí a sheachaint.
3. An mbíonn sé deacair do mhic léinn lóistín a fháil? Cén fáth?

C: Cruinneas:

Cuireann na focail seo thíos mearbhall ar fhoghlaimeoirí go minic. Féach ar na nótaí ag cúl an leabhráin le cabhrú leat.

1. To know (Moodle Quiz 2):

*"bhí **a fhios agat** go raibh cineál ceangail agat leis na daoine"*

*"Bhí sé níos éasca **aithne a chur ar dhaoine**"*

Cén difríocht atá idir 'a fhios' agus 'aithne'?

Déan iarracht Gaeilge a chur ar na habairtí seo a leanas:

- I don't know where I will live next year.
- Do you know that the landlord called to the house earlier?
- I didn't know anyone in Maynooth when I started in September.
- I know her to see her, but I know her boyfriend well.
- Do you know the answer to that question?
- I don't know much about the area.
- Who knows?

- As far as I know, the rent is €600 per person per month.

2. **Before (Moodle Quiz 3):**

An cuimhin leat cén Ghaeilge a bhí ag Ailish ar an bhfrása seo? “before we went into it”
Cén focal eile a chiallaíonn ‘before’ sa Ghaeilge? Cén difear atá eatarthu?

Cuir Gaeilge ar na habairtí seo a leanas:

- He saw me before I saw him.
- Before you do the task, read the directions.
- I didn’t read over my assignment before I handed it in.
- Will you be in America before you will get your results?
- I’ll see you before Monday.
- Will we go for coffee before the class?
- I have to be in the classroom before Brian.
- I’ll be home before 10.

3. **Home: “bhí mé i mo chónaí sa bhaile”**

Cén difear atá idir ‘sa bhaile’ agus ‘abhaile’? Líon na bearnaí sna habairtí seo a leanas leis an leagan cuí:

- Chuaigh mé _____ ag am lóin mar bhí mo lón fágtha _____ agam.
- An mbeidh tú _____ anocht?
- Ní dheachaigh mé amach aréir. Bheartaigh mé fanacht _____.
- Caithfidh mé rith _____ tar éis na léachta ach beidh mé ar ais roimh a 4.
- An bhfuil tú i do chónaí _____. Conas a théann tú _____ gach lá?
- Cén t-am ar tháinig tú _____ aréir?
- Ar mhaith leat teacht _____ linne? Tá Liam ag tiomáint má tá síob _____ uait.

4. **In:** Seo abairt eile a bhí ag Ailish:

“Níor leor, abair, an bus a bhí ag dul **isteach** agus amach, so bhí orm carr a fháil, agus ansin a bheith ag páirceáil taobh **istigh** den ollscoil.”

An dtuigeann tú an difríocht idir ‘isteach’ agus ‘istigh’? An bhfuil briathra faoi leith a úsáidtear leo go minic? Cum 5 abairt cosúil leis na cinn thuas a léiríonn an difríocht eatarthu.

Téipscript

Cuid 1

Ailish: Bhuel, sa gcéad bhliain, bhí mé i mo chónaí ar an gcampas, agus feictear dom go raibh go leor buntáistí ag baint leis sin ag an am. Is i gCorcaigh a bhí mise, i mBrú na Laoi, an t-ainm a bhí air ag an am. Agus bhí sé sin spéisiúil sa chaoi is go raibh ort agallamh Gaeilge a dhéanamh le dul isteach ann, *so*, an chéad lá riamh, **bhí a fhios agat** go raibh cineál ceangail agat leis na daoine eile a bhí ina gcónaí leat, mar gheall go raibh Gaeilge acusan chomh maith. Agus bhí sé b'fhéidir beagán níos éasca **aithne a chur ar** na daoine sin. Chomh maith leis sin, ansin, bhí na hárasáin iad féin go hálainn. Bhí seomra leapa an duine againn. Ní raibh muid ag roinnt le duine ar bith agus bhí cistineach bheag againn agus bhí seomra suite an-deas againn, agus ní raibh an t-árasán féin ag oscailt amach ar áit ar bith. Is é an chaoi a raibh, cineál, halla beag agus na hárasáin ar fad ag oscailt amach air sin. Agus ansin, chomh maith leis sin, bhí cúpla seomra folctha ann chomh maith agus bhí sé sin go breá agus bhain sé cuid den bhrú uainn ar maidin chomh maith leis sin.

Ansin, sa dara bliain, bhí mé i mo chónaí i dteach agus chuaigh mé isteach ann le mo chuid cairde ach bhí ... Is é an chaoi a raibh muid ag roinnt le cúpla duine eile chomh maith, *so* ní raibh aon **aithne againn ar** an gcúpla duine eile a bhí romhainn **sula ndeachaigh** muid féin isteach ann. Ach, bhain muid an-taitneamh as, mar sin féin, ach b'fhéidir go raibh beagáinín níos mó brú orainn ó thaobh airgid de, mar go raibh níos mó freagrachta orainn. Abair, ar an gcampas bhí gach rud, cineál, istigh leis an gcíos, ach sa dara bliain, bhí ort an cíos a íoc agus ansin, tosú ag smaoineamh ar na billí ansin chomh maith, *so*, an leictreachas agus an teas agus gach rud mar sin, agus uaireanta bhí orainn fanacht istigh cúpla oíche, seachas a bheith ag dul amach agus smaoineamh ar na billí sin chomh maith. Ansin, dar ndóigh, bhí orainn smaoineamh ar an mbia freisin. Ach bhí córas iontach againn nuair a bhí muid inár gcónaí sa teach, is é an chaoi a raibh córas ann a raibh duine amháin ag déanamh an dinnéir don chuid eile, abair, tráthnóna amháin sa tseachtain, *so*, bhí a fhios agat ar a laghad, mura mbeadh tú féin ag réiteach dinnéir an oíche sin, go mbeadh sé réidh romhat nuair a thiocfá isteach, agus bhí sé sin iontach ar fad.

Em, ansin, sa tríú bliain, nuair a bhog mé ar ais go Gaillimh, thosaigh mé ag taisteal isteach agus amach, *so* is dóigh liom go mb'fhéidir go raibh mé ag comaitéireacht, agus, bhí sé sin go maith ann féin, ach amháin, gur, *y'know*, an chéad rud a theastaigh uait ag teacht isteach as Conamara go Gaillimh chuile lá ná carr. Níor leor, abair, an bus a bhí ag dul isteach agus amach, *so* bhí orm carr a fháil, agus ansin a bheith ag páirceáil taobh istigh den ollscoil, agus uaireanta bíonn brú air sin chomh maith. Agus ansin, b'fhéidir, freisin, toisc go raibh tú, nó go raibh mise ar aon chuma i mo chónaí píosa fada amach ón gcoláiste go mb'fhéidir nach raibh an saol sóisialta céanna agam agus a bhí, abair, ag daoine eile a bhí in aon rang liom nó in aon bhliain liom mar bhí sé i bhfad níos éasca acusan abair dul abhaile, agus *shape* a chur orthu féin agus dul amach. Ach ar ndóigh, bhí ormsa dul abhaile go Conamara, an carr a fhágáil i mo dhiaidh agus iarracht a dhéanamh síob a fháil isteach, *so* níos mó ná a mhalairt, b'fhéidir nár bhac mé leis, *em*, *so* bhí sé sin ann freisin. Ach á rá sin, nuair a bhí mé i mo chónaí sa bhaile, arís, bhí an dinnéir réidh romham. Bhí an níochán déanta. Bhí na soithí nite. Bhí sé go hiontach ar an gcaoi sin. Bhí aire mhaith tugtha dom sa bhaile.

Cuid 2:

Aisling (*mír bhreise roghnach*): Níl a fhios agam an ndéarfainn le daoine roinnt le daoine a bhfuil aithne acu orthu. Bíonn buntáistí agus míbhuntáistí ag baint leis sin, agus athraíonn daoine go mór nuair a théann siad chun na hollscoile, is dóigh liom. Cuid de na cairdis a bhíonn agat ón scoil, maireann siad. Cuid eile, ní maireann. Athraíonn tú rómhór mar dhuine, is dóigh liom. Bí réchúiseach, is dócha, agus mar a dúrt cheana, caitheann tú scaoileadh le roinnt rudaí, agus gan a bheith róbhuartha faoin tigh a ghlanadh agus gan a bheith róbhuartha faoi chúrsaí bia agus cúrsaí siopadóireachta mar tá na blianta seo an-ghearr, agus caitheann tú taitneamh a bhaint astu. Sin é an rud is tábhachtaí. Agus do chuid scrúduithe a fháil agus dul isteach go dtí an dara bliain, agus sin iad na rudaí is tábhachtaí, is dóigh liomsa.

Lóistín – Stór Focal

Troscáin agus nithe sa teach

radaitheoir/radaitheoirí	oigheann micreathonnach
folúsghlantóir	leabhragán
reoiteoir	tine oscailte
doirteal	cathaoir uilleach
meaisín níocháin	tolg
triomadóir	vardrús
miasniteoir	tarraiceán
tábla maisiúcháin	cócaireán

Seirbhísí sa teach

teas (lárnach)
gás
ola
idirlíon gan sreang
billí leictreachais
táillí bruscair

Lóistín ar cíós

cíos
tiarna talún
tionónta
árasán
teach scoite/ leathscoite
seomra leapa
seomra folctha
seomra bia
seomra staidéir
garáiste
gáirdín
áiléar

Dea-thionónta - tréithe

glan
freagrach
aibí
ciúin
réchúiseach
néata
cairdiúil
spraoiúil
tuisceanach
suáilceach
duine a bhfuil craic ag
baint leis/léi

Droch-thionónta - tréithe

teasaí
santach
achrannach
glórach
siléigeach
ceandána
leisciúil
ródháiríre

Abairtí úsáideacha a bhaineann le cúrsaí lóistín

Tá mé ag roinnt tí le ceathrar eile.
Tá mé i mo chónaí i dteach leathscoilte le beirt eile.
Táim i mo chónaí sa bhaile.
Bíonn an dinnéar réidh romham agus an-aire tugtha dom.
Tá an teach deas teolaí agus tá na daoine eile sa teach breá néata agus cairdiúil.
Tá níos mó brú orm ó thaobh airgid de mar tá an cíós daor go maith.
Cá bhfuil tú ag cur fút anois? Tá árasán ar cíós agam i Má Nuad.

Ceardlann 20: Dul Siar

Inniu: .

- *Ceacht 19: Cúrsaí Lóistín a chríochnú más gá*
- *Cleachtadh a dhéanamh don scrúdú cainte*

Cuid 5: Treoracha na dTascanna

- Tá **spriocdhátaí na dtascanna** seo sa chlár oibre ag tús an leabhráin seo. Bíonn na tascanna le cur isteach ar an lá a mbíonn an cheardlann agat féin.
- Déanfaidh an teagascóir féin socrú leis an rang maidir leis an gcaoi a gceartófar an obair (cóipeanna crua nó ar Moodle), ach is gá cóip a chur ar Moodle i gcónaí.
- Caithfidh gach píosa oibre a bheith **clóscríofa** ar cháipéis *Word* le **spásáil dhúbailte** agus **uimhreacha ar na leathanaigh**. Ní mór an **leathanach clúdaigh** (atá ar fáil ar Moodle nó i gCuid 6 den leabhrán seo) a cheangal le gach tasc **le stápla**, más cuí. Níor cheart don teagascóir glacadh le tasc mura bhfuil na nithe seo déanta.
- Tá **scéim marcála** na dtascanna le feiceáil ar an leathanach clúdaigh i gCuid 6 den leabhrán. Ba cheart na treoracha agus an scéim marcála a léamh go cúramach sula dtosaíonn tú aon tasc.
- Beidh **dréacht ceartaithe** le déanamh de gach tasc, seachas tasc 6, agus beidh an dá dhréacht de gach tasc le coinneáil ar Moodle (an **fillteán foghlama**) ionas go mbeidh tú in ann breathnú siar orthu níos déanaí sa chúrsa agus féachaint ar an dul chun cinn atá déanta agat. Tá treoracha maidir leis an dréacht ceartaithe le fáil i gCuid 7 den leabhrán seo.
- Ní mór **cóip leictreonach** de gach tasc a choinneáil chomh maith san **fhilleán Onedrive** atá ceangailte le do ríomhphost ollscoile. Beidh ort a bheith in ann na cóipeanna leictreonacha seo a chur ar fáil don Roinn, sa chás go n-iarrfar ort iad.

Tasc 1: Suirbhé, Quiz, agus Aiste

Tá trí chéim ag baint le Tasc 1.

Céim 1: Suirbhé le déanamh ar Moodle. Sa suirbhé seo, déanfar anailís ar riachtanais na mac léinn chéad bliana. Ní ghlacfaidh sé ach 5-10 nóiméad.

Céim 2: Quiz le déanamh ar Moodle. Déanfaidh an quiz seo measúnú ar an stór focal, ar an ngramadach, ar an léamhthuiscint agus ar an gcluastuiscint. Tá 41 cheist ghearr sa quiz. Beidh **teorainn ama 60 nóiméad** agat chun iad a dhéanamh. Tosóidh an clog nuair a thosóidh tú an quiz. Beidh spás ciúin, **ceangal maith idirlín** agus **cluasáin nó callaire** ag teastáil.

Céim 3: Aiste le déanamh sa chéad cheardlann. Iarrfaidh do theagascóir ort píosa idir 250-300 focal a scríobh faoi thopaic ar leith sa cheardlann agus ceartóidh an teagascóir é. An aidhm atá leis an gceartúchán ná go mbeidh léargas éigin agat ag tús na bliana ar na fadhbanna teanga is mó atá agat agus ar na hearráidí is minice a dhéanann tú. Beidh sé mar sprioc agat cuid de na hearráidí sin a cheartú agus níos mó eolais a fháil fúthu ionas go mbeidh tú in ann iad a sheachaint i do chuid tascanna eile.

Tasc 2: Ríomhphost (300 focal)

Fuair tú an ríomhphost seo thíos ó do theagascóir. Scríobh freagra ar ais chuige/chuici. Bíodh na pointí sna bolgáin ar dheis i do fhreagra agus bain úsáid as beannachtaí cuí ag tús agus ag deireadh na litreach.

A chara,

Cheartaigh mé d'aiste inné agus is oth liom a rá go raibh mé in amhras faoi ghnéithe di. Rinne mé cuardach ar chuid den ábhar a bhí agat agus chonaic mé gur thóg tú cuid den aiste focal ar fhocal ó alt a foilsíodh ar an suíomh gréasáin www.tuairisc.ie. Bhí codanna eile den aiste a raibh an chuma orthu gur scríobhadh i mBéarla iad agus gur bhain tú úsáid as *Google Translate*. An bhfuil an ceart agam?

Mar is eol duit, is calaoisí sách tromchúiseach iad an bhradaíl liteartha agus úsáid *Google Translate* i dtascanna Gaeilge na hollscoile, agus ní fheictear dom go bhfuil aon rogha eile agam ach 0% a thabhairt duit don aiste agus labhairt le comhairleoir na chéad bhliana faoi.

Beidh uaireanta oifige agam tráthnóna Dé Céadaoin agus Déardaoin. Más maith leat an scéal a phlé a thuilleadh, is féidir leat coinne a dhéanamh teacht chugam ansin le labhairt faoi.

Tá súil agam nach dtarlóidh sé seo arís.

Le dea-mhéin,

Colm/ Clár

Mínigh cad a tharla agus gabh do leithscéal.

Níl tú ag iarraidh 0% a fháil don tasc. Mol pionós nó socrú éigin eile!

Déan coinne.

Tabhair geallúint nach dtarlóidh sé arís!

Tasc 3: Cúrsaí litríochta

Nóta don teagascóir:

Tá dhá rogha ag baint leis an tasc seo. Ba cheart do theagascóir gach grúpa an tasc cuí a roghnú bunaithe ar riachtanais na mac léinn atá sa ghrúpa, agus spriocdháta cuí a shocrú. Is féidir an t-aiseolas ar an tasc seo a phlé sa rang, seachas iarraidh ar na mic léinn dréacht ceartaithe a chur isteach.

Rogha 1: Aiste chriticiúil ar an Scéalaíocht dhúchais (Tasc aonair, scríofa)

Scríobh **anailís chriticiúil** ar Macghníomhartha Chú Chulainn agus Macghníomhartha Fhinn, ag díriú ar **théamaí, ar chúrsaí carachtrachta**, agus ar **chúrsaí stíle** sa dá scéal. (Ní leor achoimre a dhéanamh ar na scéalta).

Rogha 2: Anailís Liteartha ar dhán (Tasc aonair, scríofa)

Scríobh anailís liteartha **500 focal** ar an dán 'An Mhaighdean Mhara' le Nuala Ní Dhomhnaill.

Bíodh struchtúr mar a leanas ar d'anailís:

- Intreoir
- Corp na haiste
 - Bí cinnte go bpléann tú leis na gnéithe seo a leanas sa chuid seo den aiste:
 - cúlra agus ábhar an dáin,
 - príomhthéamaí,
 - suíomh agus atmaisféar,
 - stíl na teanga, na teicnící liteartha a úsáidtear, agus an éifeacht a bhaineann leo.
- Conclúid

Féach siar ar an Treoir don Anailís Liteartha atá sa leabhrán seo, mar chabhair duit féin.

Ní mór tagairt a dhéanamh do línte/fhrásaí/eochairfhocail sa dán le tacú leis an anailís tríd síos.

NB. Bí an-chúramach faoi úsáid a bhaint as ábhar ar líne. Má mheastar go bhfuil bradaíl liteartha déanta nó *Google Translate* úsáidte ag aon mhac léinn, ní bhfaighidh an mac léinn sin aon mharcanna don tasc.

Tasc 4: Litir fhoirmiúil (300 focal)

Tá uachtarán nua le ceapadh ag club/cumann a bhfuil spéis agat féin ann agus tá tú ag iarraidh cur isteach ar an bpost seo. Scríobh litir iarratais agus luaigh na pointí seo thíos:

- An fáth a bhfuil tú ag iarraidh an post seo a dhéanamh.
- Aon cháilíochtaí, taithí nó scileanna ábhartha atá agat a chabhródh leat an post a dhéanamh.
- Na tréithe pearsanta atá agat a chabhródh leat sa phost. An fáth a mbeifeá oiriúnach don phost.
- Na rudaí a dhéanfá dá bhfaighfeá an post.

Tasc 5: Dialann léitheoireachta & Club leabhar (Tasc grúpa)

Míneofar an tasc seo ag tús Sheimeastar 2 agus cuirfear na treoracha ar Moodle.

Tasc 6: Cur i láthair grúpa ar an úrscéal 'Gluaiseacht'

Míneofar an tasc seo ag tús Sheimeastar 2 agus cuirfear na treoracha ar Moodle.

Cuid 6: Scéim Marcála agus Leathanach Clúdaigh na dTascanna

Ar an gcéad leathanach eile, gheofar an **leathanach clúdaigh** atá le cur ar **gach tasc**. Tabhair faoi deara go bhfuil **dhá thaobh (A agus B)** ag baint leis an leathanach. Ní ghlacfar le haon tasc nach bhfuil an leathanach clúdaigh cuí ceangailte leis.

Sula gcuireann tú an tasc isteach:

- **Má tá do theagascóir ag iarraidh cóip chrua de do thasc**, priontáil an leathanach clúdaigh (taobh A agus B) agus ceangail le do thasc é le stápla.
- **Má tá do theagascóir ag iarraidh cóip leictreonach de do thasc**, déan cóip den leathanach clúdaigh (A&B) agus greamaigh (*paste*) le do thasc é.
- Cuir **d'ainm féin**, an cheardlann ina bhfuil tú, teideal an tasc agus an dáta ag barr an leathanaigh (taobh A).
- Má bhíonn aon deacracht mhór agat leis an tasc, aon cheist agat ar an teagascóir, nó aon ghné faoi leith den tasc ar mhaith leat aiseolas a fháil fúithi, **scríobh nóta faoi sin ar an leathanach (taobh B)**.

Nuair a gheobhaidh tú an tasc ar ais ón teagascóir:

- **Scileanna éagsúla:** Féach ar an marc atá faighte agat i ngach rannóg, cruinneas, stór focal, agus ábhar (ar thaobh B), agus bain úsáid as an scéim marcála chun tuiscint bhreise a fháil ar an bhfáth ar bronnadh an marc sin ort, nó ar na buanna agus laigí a bhain leis.
- **Bandaí grád:** Tabhair faoi deara nach ionann bandaí grád na meánscoile agus na hArdteiste. San ollscoil, ciallaíonn marc sna 60idí go bhfuil an tasc an-mhaith agus bíonn marc os cionn 70 sár-mhaith.

Marc	Cur síos
80+	Eisceachtúil. Ní minic a thugtar na marcanna seo
70-79	Sár-mhaith (céad onóracha)
60-69	An-mhaith
50-59	Measartha maith
40-49	Lag (Pas íseal)
0-39	An-lag (Teip)

- Féach ar aon **aiseolas nó comhairle bhreise** atá scríofa ag an teagascóir ar thaobh B.
- **Dréacht ceartaithe:** Tabhair faoi deara go gcaithfidh tú dréacht ceartaithe den tasc a réiteach (de réir na dtreoracha atá i gCuid 7 thíos). Is **marc sealadach** an marc atá scríofa ar do thasc, go dtí go ndéanann tú an dréacht ceartaithe. Mura ndéanann tú an dréacht ceartaithe, **caillfidh tú 10%**; má dhéanann tú iarracht mhaith do chuid botún a cheartú agus a mhíniú, de réir na dtreoracha atá leagtha amach i gCuid 7, d'fhéadfá suas le **10% breise** a fháil ar mharc an tasc. Scríobhfar an **marc deireanach don tasc** (leis an dréacht ceartaithe san áireamh) ag bun an leathanaigh chlúdaigh (taobh B).

Leathanach clúdaigh na dtascanna – Taobh A

Priontáil an leathanach seo (taobh A agus B) agus ceangail le do thasc é le stápla

Ainm: _____ **Ceardlann:** _____

Tasc: _____ **Dáta:** _____

Deimhním gur liom féin an obair seo ar fad agus nár bhain mé úsáid as Google Translate. Y

Scéim marcála			
	Cruinneas (as 50)	Stór focal (as 30)	Ábhar (as 20)
An-mhaith (1)	35-50 An-chruinn. Fianaise go bhfuil tuiscint agus smacht ag an mac léinn ar an ngramadach. Roinnt mionbhotún beag le pointí gramadaí nach bhfuil clúdaithe go fóill.	21-30 Réimse leathan stór focal agus frásaí, saintearmaí a bhaineann leis an ábhar, saibhreas sa Ghaeilge.	14-20 Na pointí atá luaite thíos, agus cruthaitheacht le sonrú.
Go maith (2.1)	30-34 Sách cruinn. Gan aon bhotún mór comhréire. Fianaise go bhfuil tuiscint ag an mac léinn ar roinnt mhaith pointí gramadaí, cé nach bhfuil smacht iomlán aige orthu ar fad go fóill.	18-20 Réimse maith focal agus frásaí, gan aon bhearnaí nó botúin móra foclóra.	12-13 Gach gné den tasc déanta de réir na dtreoracha; forbairt ar phointí; struchtúr agus leagan amach soiléir, loighciúil; stíl oiriúnach don chineál téacs atá i gceist;
Measartha (2.2)	25-29 Measartha. Gan mórán botún mór comhréire , cé go bhfuil roinnt mhaith botún beag fós.	15-17 Stór focal measartha , gan a bheith saibhir, beanáinín Béarlachais , frásaí mínádúrtha nó roinnt botúin foclóra .	10-11 Measartha ó thaobh na gcritéar atá luaite thuas.
Lag (pas)	20-24 Lag. Roinnt botún mór comhréire.	12-14 Stór focal réasúnta teoranta , simplí, cuid mhaith Béarlachais , athrá nó botúin foclóra .	8-9 Lag ó thaobh na gcritéar atá luaite thuas.
An-lag (teip)	0-19 An-lag. Drochstruchtúr Gaeilge, drochlitriú , deacair ciall a bhaint as .	0-11 Stór focal an-teoranta , bearnaí suntasacha le sonrú, an-chuid athrá , Béarlachais nó botúin foclóra .	0-7 An-lag ó thaobh na gcritéar atá luaite thuas.
<ul style="list-style-type: none"> • <i>Botúin mhóra chomhréire ag an leibhéal seo: Aimsirí na mbriathra, an chopail, an t-ainm briathartha, úsáid an réamhfhocail, nó struchtúir eile abairte.</i> • <i>Mionbhotúin ghramadaí ag an leibhéal seo: Séimhiú/ urú ar an ainmfhocal nó aidiacht, uimhreacha, inscne an ainmfhocail, an tuiséal ginideach.</i> 			

Leathanach clúdaigh na dtascanna - Taobh B

Priontáil an leathanach seo (taobh A agus B) agus ceangail le do thasc é le stápla.

Don mhac léinn:

An raibh aon deacracht agat leis an tasc seo? An raibh aon cheist agat don teagascóir agus tú á dhéanamh? An bhfuil aon ghné faoi leith den tasc ar mhaith leat aiseolas a fháil fúithi?


Aiseolas nó comhairle bhreise ón teagascóir (más cuí):

Marcanna:

Cruinneas /50	Stór focal /30	Ábhar /20	Iomlán (dréacht 1) %
Marc deireanach don tasc (an dréacht ceartaithe san áireamh):			%

Cuid 7: Tascanna – Dréacht ceartaithe


Nuair a gheobhaidh tú do chuid tascanna ar ais ón teagascóir i mbliana, beidh **leideanna ón gcóras ceartúcháin** (atá ar fáil ag deireadh an leabhráin seo) curtha isteach os cionn cuid de na botúin, mar atá déanta sa sampla seo a leanas:




Beidh ortsa **na botúin sin a cheartú agus a mhíniú**, ag baint úsáid as an gcóras ceartúcháin le cabhrú leat, agus an **dréacht ceartaithe** den tasc a chur isteach chuig an teagascóir arís.

Chun é sin a dhéanamh, lean na céimeanna seo a leanas:

1. Oscail an **leagan leictreonach** a choinnigh tú den tasc. Nóta: Moltar duit fillteán a chruthú d'obair na gceardlann ar *Microsoft Onedrive* (aip atá ar fáil duit trí *Office 365*), nó áit eile ar líne, agus do chuid tascanna ar fad a shábháil ann.
2. Aimsigh **na botúin** atá marcáilte ar do thasc ag an teagascóir, agus **cuir dath dearg orthu** agus **líne tríothú**, ag baint úsáid as na huirlisí ag barr an scáileáin.



3. Ansin scríobh isteach an **leagan ceart tar éis gach botúin** agus cuir **dath eile** air sin, m.sh.
4. Cliceáil ar **References** ag barr an leathanaigh agus ar **Insert Footnote**.



5. Scríobh an **cód ón gcóras ceartúcháin** agus **míniú gearr** ar an mbotún san fhonóta.
6. Priontáil an dréacht ceartaithe (**cóip dhaite** más féidir) agus **ceangail leis an gcéad dréacht é le stápla**. Tabhair **an dá dhréacht** le chéile don teagascóir sa rang.
7. Mura ndéanann tú an dréacht ceartaithe, **caillfidh tú 10%** de mharc an taisc, ach má dhéanann tú iarracht mhaith leis, d'fhéadfá **suas le 10% breise** a fháil don tasc.

Dréacht ceartaithe – Sampla

Níl aon dabht ach ~~ge bhfuil~~ **gurb é**¹ an féinbhainistiú an rud ~~is dúshlánach~~ **is dúshlánaí**² faoi shaol ~~an ollscoil na hollscoile~~³. Caithfidh mic léinn coinneáil suas le h-**botún** tholá **ceartúchán** post ~~páirt-~~ **aimseire páirtaimseartha**⁴ agus leis an saol sóisialta freisin, agus bíonn sé deacair cothromaíocht a **aimseigh aimsiú**⁵. Bíonn a lán tascanna le déanamh agus uaireanta ní ~~éirimid~~ **éiríonn linn**⁶ na spriocanna ar fad a bhaint amach. Fágaimid tascanna áirithe ar leataobh agus déanaimid dearmad ~~ghlan-glan~~⁷ ar ~~tascanna thascanna~~⁸ eile! Bíonn a lán ~~obair oibre~~⁹ le déanamh ansin, agus ní ~~bíonn~~ **bhíonn**¹⁰ ach toradh amháin air sin – strus! Cuireann an aip seo réiteach ar ~~fail fáil~~¹¹ dúinn ar bhealach slachtmhar. **Chuireann** **Cuireann**¹² sé meabhrúchán amach ~~roimh a bhíonn~~ **sula mbíonn**¹³ tasc le déanamh, agus cuireann sé i gcuimhne ~~erainn dúinn~~¹⁴ go bhfuil rud le déanamh.

¹ **C1** : Ba cheart dom an chopail a úsáid san abairt seo, seachas an briathar ‘bí’. *Self-management is the most challenging thing* = **Is é** an féinbhainistiú an rud is dúshlánaí. Tar éis ‘níl aon dabht...’, athraíonn ‘**is é**’ > ‘**gurb é**’.

² **Aid1**: Céimeanna comparáide na haidiachta. Athraíonn ‘**dúshlánach**’ go ‘**dúshlánaí**’ tar éis ‘níos’ nó ‘is’.

³ **A4**: Nuair a bhíonn dhá ainmfhocal ag teacht le chéile, bíonn an dara ceann sa tuiseal ginideach. Is focal baininscneach é ‘an ollscoil’, mar sin athraíonn sé go ‘**na hollscoile**’ sa tuiseal ginideach uatha.

⁴ **L** : Bhí an focal seo litrithe mícheart agam.

⁵ **AB2**: Aimsigh (an modh ordaitheach) = *Find!* Aimsiú (an t-ainm briathartha) = to find. Bíonn an t-ainm briathartha mar infinideach ag teastáil tar éis ‘Bíonn sé deacair ...’ .i. *It is difficult to find a balance* = Bíonn sé deacair cothromaíocht **a aimsiú**.

⁶ **RF1**: Réamhfhocal ag teastáil. Ní éirimid = We do not get up. Ní éiríonn linn = We do not succeed.

⁷ **Aid2**: Is focal firinscneach é ‘dearmad’. Mar sin, níor cheart séimhiú a chur ar an aidiacht ina dhiaidh.

⁸ **RF3**: Ba cheart séimhiú a chur ar an ainmfhocal tar éis an réamhfhocail shimplí ‘ar’.

⁹ **A4**: Bíonn an tuiseal ginideach uatha ag teastáil tar éis ‘a lán’.

¹⁰ **B4**: Foirm dhiúltach an bhriathair. Bíonn séimhiú ar an mbriathar tar éis ‘ní’.

¹¹ **L2**: Botún litrithe é seo. D’fhág mé an síneadh fada ar lár ar an ‘a’.

¹² **B1**: Aimsir nó foirm an bhriathair. Níor cheart séimhiú a chur ag tús an bhriathair san aimsir láithreach mura bhfuil ‘ní’ nó ‘a’, srl. ag teacht roimhe.

¹³ **F1**: Bhain mé úsáid as an bhfocal mícheart. Baintear úsáid as ‘sula + urú’, seachas ‘roimh’ roimh bhriathar.

¹⁴ **RF1**: Bhain mé úsáid as an réamhfhocal mícheart.

Cód ón gcóras ceartúcháin

Míniú

AGUISÍN 1: ANAILÍS LITEARHA – TREOIR DO MHC LÉINN

Céard í ‘anailís liteartha’?

‘Anailís liteartha’
‘Grinnléitheoireacht’
‘Anailís chriticiúil’

=

anailís ar phársa litríochta (leabhar/ scéal/ dán/ amhrán/ scannán, srl.) ó thaobh **ábhair** (*cad atá á rá? cén áit? cad chuige? cé atá i gceist?*) agus **stíle** (*conas a deirtear é?*) de.

≠

Achoimre lom nó parafrása ar an scéal/ dán.

Struchtúr na hanailíse liteartha:

Má bhíonn anailís liteartha le scríobh agat i bhfoirm aiste nó ceist scrúdaithe, ba cheart cloí leis an struchtúr seo a leanas: tús, corp na haiste agus críoch. Mar atá soiléir ón mbosca thíos, beidh gnéithe áirithe le plé i gcás na filíochta agus rudaí eile le plé i gcás an phróis.

TÚS	1. Intreoir		
CORP	2. Ábhar:		
		Filíocht (Dán /Amhrán)	Prós (Gearrscéal/ Úrscéal/ Scannán)
	a) <i>CAD?</i>	Ábhar an dáin: Cad atá á rá ag an bhfile?	Plota/ scéal: Cad a tharlaíonn?
	b) <i>CÉN ÁIT?/ CATHAIN?</i>	Cúlra nó comhthéacs staire, sóisialta, cultúrtha	Suíomh nó comhthéacs staire, sóisialta, cultúrtha
	c) <i>CAD CHUIGE?</i>	Téamaí , fothéamaí, mothúcháin, teachtaireacht	Téamaí , fothéamaí, mothúcháin, teachtaireacht
	d) <i>CÉ?</i>	Léargas ar an bhfile agus na tréithe a bhaineann leis/léi	Carachtair , tréithe agus an fhorbairt a dhéantar orthu
	3. Stíl: CONAS a deirtear é? Cad iad na teicnící filíochta/ scéalaíochta atá in úsáid ag an bhfile/ údar chun an t-ábhar a chur os ár gcomhair? Cén éifeacht a bhaineann leo?		
	Teicnící filíochta	Teicnící scéalaíochta	
	Friotal agus stíl na teanga Íomhánna, meafair, samhla Codarsnacht Athrá Meadaracht Uaim Onamatoipé Leagan amach an dáin	Scéalaí Tús obann Casadh sa scéal Bearnaí eolais Críoch oscailte Friotal agus stíl na teanga Íomhánna Meafair	
CRÍOCH	4. Conclúid		

Cén fáth ar fiú anailís mar seo a dhéanamh ar an litríocht?

Déantar anailís chriticiúil ar an litríocht le faobhar a chur ar do chuid scileanna léitheoireachta agus criticiúla, le tuiscint níos doimhne a fháil ar an ábhar atá á léamh agat, agus ar na gnéithe den saol a phléitear ann.

Conas an treoir thíos a úsáid:

Téigh tríd an treoir thíos, agus bain úsáid as na ceisteanna, an stór focal agus na habairtí samplacha le cabhrú leat anailís agus machnamh a dhéanamh ar an bpíosa litríochta atá léite agat.

Ansin roghnaigh na gnéithe den ábhar agus stíl is tábhachtaí i gcás an tsaothair áirithe a bhfuil tú ag déanamh anailís air, agus díriú isteach orthu sin i d'aiste.

N.B. Bí cinnte go dtugann tú fianaise ón dán/ scéal i gcónaí le tacú le do chuid smaointe/ argóintí!

1. INTREOIR:

a) Scríobh abairt nó dhó a thugann **achoimre ar an saothar** a bhfuil tú ag déanamh anailíse air. D'fhéadfá na rudaí seo a leanas a lua: an séanra nó cineál litríochta atá i gceist, an t-údar/file, na sonraí foilsithe agus an príomhábhar atá ann. Mar shampla:

- *Is dán grá é ..., le ..., a foilsíodh sa chnuasach filíochta ..., sa bhliain ... Is dán beag simplí é a thugann léargas ar ... agus ar ...*
- *Is amhrán traidisiúnta grá é ... Ceaptar gur scríobhadh é sa 18ú haois ach ní fios cé a chum.*
- *Is úrscéal do dhéagóirí é ... le ..., ina ndéanann an t-údar iniúchadh ar théamaí éagsúla a bhaineann le saol an duine óig sa lá atá inniu ann.*
- *Is é ... an dara cnuasach gearrscéalta ó pheann ..., a foilsíodh sa bhliain Tá na scéalta suite in ... agus tugann siad léargas grinn/ géarchúiseach/ domhain/ macánta ar mheon na ndaoine agus ar shaol na mban in Éirinn ag an am.*

Seánraí (<i>genres</i>) agus cineálacha éagsúla litríochta	
dán	clár teilifíse
cnuasach filíochta	clár faisnéise (<i>documentary</i>)
amhrán	sobalchlár (<i>soap opera</i>)
caoineadh (<i>lament</i>)	clár cúrsaí reatha
aisling (<i>vision poem</i>)	clár réaltachta (<i>reality programme</i>)
gearrscéal	clár siamsaíochta (<i>entertainment programme</i>)
úrscéal (<i>novel</i>)	scéal rómánsach/ grá
scéal béaloidis (<i>folklore story</i>)	scannán/ clár grinn
fabhalscéal (<i>fable</i>)	scannán scéinséara (<i>thriller</i>)
aoir (<i>satire</i>)	scannán uafáis (<i>horror</i>)
scigaitheis (<i>parody</i>)	leabhar fantaisíochta
déaglitríocht	scannán beochana (<i>animated film</i>)
beathaisnéis (<i>biography</i>)	scéal eachtraíochta (<i>adventure story</i>)
dírbeathaisnéis (<i>autobiography</i>)	scannán aicsin (<i>action film</i>)
fíorscéal	scéal bleachtairéachta (<i>detective story</i>)
dráma	sraith (<i>series</i>)
tragóid	tríológ (<i>trilogy</i>)
ficsean	

b) Abairt nó dhó le haidhm na hanailíse/ plean na haiste a mhíniú don léitheoir, m.sh.

- *San aiste seo, déanfaidh mé anailís liteartha ar an dán X. Pléifidh mé ábhar an dáin agus stíl an fhile, agus tabharfaidh mé mo mheas féin ar éifeacht an dáin.*
- *San aiste seo, pléifidh mé príomhthéamaí agus carachtair an tsaothair seo, agus an bealach a ndéantar forbairt orthu ó thús go deireadh an scéil.*
- *San aiste seo, díreoidh mé ar an dá scéal X agus Y. Déanfaidh mé plé ar na téamaí agus na carachtair a bhaineann leo agus déanfaidh mé anailís chriticiúil orthu mar fhíosaí déaglitríochta.*
- *Tabhair faoi deara: Déanfaidh mé plé ar an dán ACH Pléifidh mé an dán (gan 'ar')*

2. ÁBHAR:

A) ÁBHAR AN DÁIN/ PLOTA AN SCÉIL:

- Filíocht: Cad atá i gceist sa dán nó cad atá á rá ag an bhfile?
- Prós: Cad a tharlaíonn sa scéal? An bhfuil níos mó ná plota amháin ann? An bhfuil ceangal idir na plotaí nó snáitheanna éagsúla an scéil?
- Frásaí úsáideacha: (*Nóta: Bain úsáid as an aimsir láithreach!)
 - *Is scéal é faoi ... (It's a story about) *Nóta: Seachain an botún seo: Tá sé faoi ...*
 - *Tosaíonn an scéal..., Leanann sé ar aghaidh ansin..., feicimid...*
 - *Sula i bhfad feicimid / Ní fada go bhfeicimid ...*
 - *Ag tús an scéil/dáin, Ina dhiaidh sin, Ag deireadh an scéil/dáin, ag deireadh an lae*

B) CÚLRA, COMHTHÉACS NÓ SUÍOMH:

- Filíocht: Cad é cúlra an dáin?
- Prós: Cá bhfuil an scéal suite agus cén tréimhse ama atá i gceist?
- An dtugtar léargas ar aon chomhthéacs stairiúil, sóisialta nó cultúrtha faoi leith?
- Frásaí úsáideacha:
 - *An cúlra atá taobh thiar den dán seo ná ...*
 - *Tá an scéal/dán seo suite i gConamara/ faoin tuath/ in iarthar na tíre/ i lár na cathrach*
 - *Fadó fadó/ ag tús an fichiú haois/ sna 1950idí/ sa lá atá inniu ann*
 - *Faighimid/ Tugtar léargas grinn ar mheon na sochaí/ ar shaol na mban ag an am.*

C) TÉAMAÍ:

- Cad é príomhthéama an scéil/dáin? An bhfuil fothéamaí ann freisin?
- Cad é cuspoir/ teachtaireacht/ fíis an údair nó an fhile?
- Cad iad na mothúcháin a nochtann an scríbhneoir/file?
- Frásaí úsáideacha:
 - *Is é príomhthéama an scéil seo/ an dáin seo ná ...*
 - *Is iad X agus Y príomhthéamaí an scéil/ dáin.*
 - *Is é a bhí in aigne an scéalaí/ fhile agus an píosa seo á scríobh aige/aici ná ...*

Téamaí coitianta:

Grá rómánsúil, grá máthar dá páiste, caidrimh theaghlaigh (*family relationships*)

Dúchas, féiniúlacht (*identity*) agus tírghrá (*patriotism*)

Uaigneas/ cumha (*loneliness*) agus coimhthíos (*alienation*)

Bás agus cailliúint (*death and loss*)

Óige/seanaois (*youth/ old age*)

Teacht in aois/ cailliúint na soineantachta (*coming of age/ loss of innocence*)

Cumhacht, caimiléireacht, cur i gcéill (*power, corruption, pretense*)

Coimhlint idir an mhaith agus an t-olc (*conflict between good and evil*)

Coimhlint idir an duine agus an nádúr, idir an corp agus an t-anam, srl.

An tsaoirse nó easpa saoirse, saol nó ról na mban

Creideamh nó easpa creidimh, an chinniúint (*fate*)

Dílseacht (*loyalty*), díoltas (*revenge*), laochas (*heroism*)

Dóchas agus éadóchas, misneach agus easpa misnigh

D) CARACHTAIR NÓ TRÉITHE:

- Filíocht: An dtugtar léargas ar an bhfile mar dhuine? An bhfuil tréithe faoi leith ag baint leis/léi?
- Prós:
 - Cé hiad príomhcharachtair an scéil? Cad iad na tréithe a bhaineann leo?
 - An dtagann aon fhorbairt orthu ó thús go deireadh an scéil?
 - Cén tábhacht a bhaineann leis na mioncharachtair?
 - An carachtair éifeachtacha iad? An bhfuil siad réalaíoch/ inchreidte?
 - An dtugann na carachtair aon léargas faoi leith ar an duine daonna nó ar an tsochaí lena mbaineann siad?
- Frásaí úsáideacha:
 - *Is é/í an príomhcharachtair atá sa scéal./ Is iad príomhcharactair an scéil seo.*
 - *Tuigimid gurb é/í an carachtair is láidre/laige sa scéal...*
 - *Is léir gur duine an príomhcharachtair.*
 - *Feicimid an fhorbairt a thagann uirthi mar dhuine ó thús go deireadh an scéil.*
 - *Tá castacht ag baint leis na carachtair. Ní carachtair aontoiseacha 'dubh agus bán' iad.*
 - *Duine fuarchúiseach, béalchráifeach atá sa mháthair. Sílim gur siombail í ar bhealach do shochaí na hÉireann ag an am.*

Tréithe na gCarachtair	
achrannach, trodach (<i>confrontational</i>)	réchúiseach (<i>easygoing</i>)
teasaí (<i>hot-headed</i>)	suáilceach, lách (<i>amiable, approachable</i>)
ceannasach (<i>bossy</i>)	séimh (<i>gentle</i>)
údarásach (<i>authoritative</i>)	croíúil (<i>jovial</i>)
ceandána (<i>stubborn</i>)	deisbhéalach (<i>witty</i>)
brúidiúil (<i>brutal</i>)	cróga/misniúil (<i>brave, courageous</i>)
fuarchúiseach (<i>coldhearted</i>)	fial, flaithiúil (<i>generous</i>)
suarach (<i>mean</i>)	meabhrach (<i>intelligent</i>)
leithleasach (<i>selfish</i>)	ionraic (<i>honest</i>)
béalchráifeach (<i>sanctimonious</i>)	spreagúil (<i>inspirational</i>)
coimeádach (<i>conservative</i>)	uaillmhianach (<i>ambitious</i>)
searbhasach (<i>sarcastic</i>)	soineanta (<i>innocent</i>)
sotalach (<i>arrogant</i>)	ideálaíoch (<i>idealistic</i>)
glic (<i>sly</i>)	dóchasach (<i>hopeful</i>)
truamhéileach (<i>pathetic</i>)	dearfach (<i>positive, optimistic</i>)
éadmhar (<i>jealous</i>)	goilliúnach (<i>sensitive</i>)
neamhurchóideach (<i>harmless</i>)	
leochaileach (<i>vulnerable</i>)	

3. STÍL:

- CONAS a chuirtear an scéal, na téamaí, na carachtair os ár gcomhair? Cad iad na teicnící liteartha a úsáideann an file/scríbhneoir?
- CÉN ÉIFEACHT nó tábhacht a bhaineann leo? An gcabhraíonn siad leis an bhfile/scríbhneoir teachtaireacht nó príomhsmaointe an dáin/an scéil a chur in iúl ar bhealach níos éifeachtaí nó níos soiléire, nó aird an léitheora a tharraingt ar rud faoi leith? An bhfuil an dán/scéal níos cumhachtaí nó níos éifeachtaí dá bharr?

Teicnící	Abairtí úsáideacha
Scéalaí/ insint an scéil (i. cé atá ag caint sa scéal/ dán?)	<ul style="list-style-type: none"> • <i>Tá an scéal scríofa sa chéad phearsa, rud a chabhraíonn leis an léitheoir guth an scríbhneora a chlosteáil go soiléir.</i> • <i>Baineann an file úsáid as an tríú pearsa agus í ag caint, rud a thugann le fios go bhfuil sí ag breathnú uirthi féin ón taobh amuigh.</i> • <i>Insítear an scéal san aimsir láithreach, rud a chuireann le luas an scéil</i>
Tús obann Casadh sa scéal Bearnaí eolais Críoch oscailte	<ul style="list-style-type: none"> • <i>Cuirtear tús obann leis an scéal, rud a tharraingíonn an léitheoir isteach sa scéal láithreach.</i> • <i>Éiríonn leis an bhfile aird an léitheora a choinneáil ó thús go deireadh.</i> • <i>Is iomaí casadh atá sa scéal. Éiríonn leis an údar teacht aniar aduaidh orainn.</i> • <i>Tugtar le fios go ... ach ní deirtear amach go hoscailte é. Fágtar an léitheoir lena léamh féin a dhéanamh ar an scéal, agus ar an mbealach sin, bíonn sé/sí féin páirteach i gcumadh an scéil.</i>
Friotal agus stíl na teanga	<ul style="list-style-type: none"> • <i>Úsáideann an file friotal lom gonta simplí/ stíl chasta fhoclach</i> • <i>Tá blas na gnáthchainte le brath go láidir ar an scéal seo.</i> • <i>Úsáidtear teanga nua-aimseartha an idirlín agus na teicneolaíochta (giorrúcháin, straoiseoga, srl.) rud a oireann go mór d'ábhar an scéil.</i>
Íomhánna	<ul style="list-style-type: none"> • <i>Baintear úsáid as íomhánna a bhaineann leis an dúlra agus saol na tuaithe</i> • <i>Tá sraith íomhánna sa scéal seo a chruthaíonn pictiúr soiléir sothuigthe in aigne an léitheora</i>
Meafair (metaphors) agus samhail samhla (similes)	<ul style="list-style-type: none"> • <i>Nuair a luann an file X, is léir dúinn gur brí mheafarach atá i gceist, ach cabhraíonn an meafar seo leis a chuid smaointe/ mothúcháin theibí a chur in iúl ar bhealach nithiúil.</i> • <i>Úsáideann an file samhla chun a ghrá geal a chur i gcomparáid le háilleacht an nádúir agus le beocht úr an earraigh.</i>
Comhbhá an dúlra (pathetic fallacy)	<ul style="list-style-type: none"> • <i>Éiríonn leis an bhfile cíor thuathail a aigne féin a chur in iúl ar bhealach an-soiléir tríd an stoirm fhíochmhar atá ag séideadh taobh amuigh. Is cosúil go bhfuil an nádúr féin ag déanamh comhbhá leis.</i>
Athrá (repetition)	<ul style="list-style-type: none"> • <i>Tá go leor athrá sa scéal/dán seo..</i> • <i>Leagann an t-athrá béim ar an méid atá á rá ag an bhfile.</i>
Meadarach (metre), rithim	<ul style="list-style-type: none"> • <i>Tá an dán seo scríofa i meadaracht an amhráin.</i> • <i>Saorvéarsaíocht atá á chleachtadh anseo. Ach cé gur saorvéarsaíocht atá anseo feicimid go bhfuil rithim/rialtacht ann chomh maith nuair...</i>
Uaim (alliteration)	<ul style="list-style-type: none"> • <i>Baintear úsáid éifeachtach as an uaim, le béim a chur ar na focail ...</i>
Onamatoipé (onomatopoeia)	<ul style="list-style-type: none"> • <i>Aithnímid onamatoipé sa tríú véarsa. Tugann an onamatoipé sceoin/brón/áthas an fhile chun solais ag na fuaimeanna a chloiseann sé/sí.</i>

4. CONCLÚID:

a) Tabhair **achaimre ghearr** ar na pointí is tábhachtaí a bhí agat.

- *San aiste seo, rinne mé plé/ anailís ar x, y agus z.*
- *Léirigh mé, rinne mé cur síos ar ..., phléigh mé ...*

b) Tabhair **breithiúnas** ar na buanna agus laigí a bhaineann leis an bpíosa, dar leat

- An dóigh leat gur saothar éifeachtach é seo?
- An dóigh leat go n-éiríonn leis an scríbhneoir ... *muid a chur ag smaoineamh/ ceisteanna a ardú/ atmaisféar a chruthú/ mothúcháin a léiriú/ téamaí nó carachtair a fhorbairt?*
- An bhfuil sé oiriúnach don lucht léite a bhfuil sé dírithe air?
- Frásaí úsáideacha:
 - *Feictear dom/ Is dócha/ Is cosúil (go/gur)*
 - *Éiríonn leis an scríbhneoir/leis an bhfile*
 - *Teipeann ar an scríbhneoir/ ar an bhfile*
 - *Déanann an file/scríbhneoir iarracht ach ní dóigh liom go n-éiríonn leis.*
 - *Is é an bua is mó a bhaineann leis an*
 - *Is é an ... an ghné is éifeachtaí den ...*
 - *Is í an an ball laige is mó atá aige.*
 - *Tá éacht déanta ag an scríbhneoir.*
 - *..... ach níl sé gan locht.*

- Focail eile le cur síos ar phíosaí litríochta:

Maoithneach (<i>sentimental</i>)	greannmhar/ barrúil
brónach	taitneamhach
dorcha/ gruama	corraitheach (<i>exciting</i>)
tragóideach	rómánsach
truamhéileach (<i>pathetic/ pitiful</i>)	mothálach (<i>emotional</i>)
scanrúil	cumhachtach
sceirdiúil (<i>bleak</i>)	dúshlánach
morálach (<i>moralistic</i>)	ceannródaíoch (<i>pioneering</i>)
gáirsiúil (<i>bawdy</i>)	nuálaíoch (<i>original</i>)
casta	éifeachtach
dochreidte	dea-scríofa (<i>well-written</i>)
míréalaíoch (<i>unrealistic</i>)	inchreidte (<i>credible</i>)
intuartha (<i>predictable</i>)	réalaíoch (<i>realistic</i>)

c) **Freagairt phearsanta** (*personal response*), más cuí:

- Conas a chuaigh an dán/scéal i bhfeidhm ortsa?
- Ar mhúscaíl an dán/scéal aon mhothúcháin ionat féin agus tú á léamh?
 - *Caithfidh mé a rá go ndeachaigh sé i bhfeidhm go mór orm agus mé á léamh*
 - *Chuir sé ag machnamh mé /Tá lón machnaimh ann./ Tá ardú meanman ann.*
 - *Mhúscaíl sé ionam.*
 - *Chuir sé isteach go mór orm/ Bhí brón an domhain orm/ Líon mo chroí nuair a ...*
 - *Bhí mé an-tógtha leis an scéal./ Bhí mé go hiomlán gafa leis an scéal.*

LEIDEANNA GRAMADAÍ

Briathra agus frásaí úsáideacha san aimsir láithreach (3ú pearsa agus briathar saor)

- Léiríonn an t-údar/ Léirítear
- Deir an file/ Deirtear go/gur...
- Maíonn an t-údar go/gur ... (*the author claims that ...*)
- Baineann an scríbhneoir úsáid as /Baintear úsáid as ...
- Cumann an file/ Cumtar
- Cruthaíonn an scríbhneoir/ Cruthaítear
- Cuirtear pictiúir os ár gcomhair (de...)
- Tugann an scríbhneoir le fios/ Tugtar le fios go/gur... (*the writer implies that ...*)
- Cuireann an file in iúl/ Cuirtear ... in iúl (*the poet expresses/ conveys ...*)
- Feicimid/ Feictear (dúinn); Tuigimid/ Tuigtear go/ gur...
- Is léir (dúinn) go/ gur ...; Is cosúil go/gur ...; Is dócha go/gur ...

Ainmfhocail choitianta:

Uimhir uatha	Uimhir iolra	Tuiseal ginideach
an dán, sa dán, faoin dán	na dánta, sna dánta, faoi na dánta	téama an dáin/ na ndánta
an scéal, sa scéal, faoin scéal	na scéalta, faoi na scéalta	deireadh an scéil
an gearrscéal, sa ghearrscéal faoin ngearrscéal*	na gearrscéalta, sna gearrscéalta	stíl an ghearrscéil stíl na ngearrscéalta
an clár, sa chlár, ar an gclár	na cláir, faoi na cláir, sna cláir	bua an chláir/ na gclár
an carachtar, faoin gcarachtar	na carachtair, faoi na carachtair	tréithe an charachtair
an file, ar an bhfile	na filí, ar na filí, leis na filí	mothúcháin an fhile
an scríbhneoir	na scríbhneoirí, faoi na scríbhneoirí	meon an scríbhneora
an t-amhrán, san amhrán	na hamhráin, sna hamhráin	tús an amhráin
an t-údar, ar an údar	na húdair, ar na húdair	stíl an údair
an t-úrscéal, san/faoin úrscéal	na húrscéalta, sna húrscéalta	plota an úrscéil
an aiste, san aiste, faoin aiste	na haistí, faoi na haistí, sna haistí	tús na haiste
an tsraith, sa/faoin tsraith	na sraitheanna, sna sraitheanna	deireadh na sraithe
an fhilíocht, san fhilíocht, faoin bhfilíocht		bua na filíochta

*Gaeilge Uladh: + séimhiú (h) seachas urú tar éis 'faoin', 'ar an', 'leis an', 'ón', srl.

Ainmneacha sa tuiseal ginideach

	Chun ainm scríbhneora a chur sa tuiseal ginideach ...	Ainm + Sloinne	An tuiseal ginideach
Fir.	<ul style="list-style-type: none"> • Ó > Uí ; Mac > Mhic • h + caolú (más féidir) ar an dá ainm (Ní shéimhítear C/G tar éis 'Mhic') 	Máirtín Ó Direáin Seán Ó Ríordáin Liam Ó Flaithearta Seosamh Mac Grianna	stíl Mháirtín Uí Dhireáin saothar Sheáin Uí Ríordáin stíl Liam Uí Fhlaithearta saol Sheosaimh Mhic Grianna
Bain.	<ul style="list-style-type: none"> • + h ar an ainm baiste más féidir. • Ná hathraigh an sloinne! 	Máire Mhac an tSaoi Nuala Ní Dhomhnaill	filíocht Mháire Mhac an tSaoi meon Nuala Ní Dhomhnaill